Dearcadh an Phobail i leith na Gaeilge

Lúnasa 2015

Merike Darmody, Tania Daly

Foras na Gaeilge

ESRI

Dearcadh an Phobail i leith na Gaeilge ar oileán na hÉireann

Merike Darmody (ESRI)
Tania Daly (Amárach Research)

Lúnasa 2015

Is féidir an tuarascáil seo a íoslódáil ó *www.esri.ie*

© An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta
Cearnóg Whitaker, Cé Sir John Rogerson, Baile Átha Cliath 2

ISBN 978 0 7070 0389 4

Na hÚdair

Is Oifigeach Taighde san Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta é an Dr Merike Darmody. Tá sé ina Ollamh Taca i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath chomh maith.

Tá Tania Daly ina Stiúrthóir Comhlach le Amárach Research.

Admhálacha

Foras na Gaeilge a mhaoinigh an staidéar seo. Gabhann na húdair a mbuíochas le Eleanor O'Dwyer-Duggan, Meabh O'Donnell agus Michael McLoughlin, baill foirne de chuid Amárach Research, as comaoin chomh mór a chur ar an tuarascáil seo. Ba mhór ag na húdair an chomhairle agus an tráchtaireacht úsáideach a fuarthas ó Fhoras na Gaeilge, ó Ghaelscoileanna Teo agus ón mbeirt a rinne réiteoireacht ar na chéad leaganacha den tuarascáil seo.

Rinneadh piarmheasúnú ar an tuarascáil seo sular foilsíodh í. Is iad na húdair amháin atá freagrach as an ábhar agus as na tuairimí a nochtar inti.

Nótaí: ***Attitudes towards the Irish language on the island of Ireland*** atá ar an leagan Béarla den cháipéis seo.

Rinneadh piarmheasúnú ar an tuarascáil seo sular foilsíodhí. Na húdair amháin atá freagrach as a bhfuil inti agus as na tuairimí a nochtaítear inti.

Clár Ábhar

ACHOIMRE FHEIDHMEACH ..... *vii*

CAIBIDIL 1 INTREOIR, LÉIRBHREITHNIÚ AR AN LITRÍOCHT AGUS MODHEOLAÍOCHT 1

1.1 Intreoir 1
1.2 Aidhmeanna an Taighde 3
1.3 Foinsí Sonraí agus Modheolaíocht 4
1.3.1 Céim 1 – Taighde Deisce 4
1.3.2 Sonraí Príomhúla: *An Suirbhé Gaeilge 2013* 4
1.3.3 Sonraí Tanáisteacha 6
1.4 Léirbhreithniú ar an Litríocht 9
1.4.1 Caomhnú agus Cothú Teangacha Mionlaigh 9
1.4.2 Dearcadh Teanga 10
1.4.3 Tosca a Imríonn Tionchar ar Chaomhnú ar Chothú Teangacha Mionlaigh 11
1.4.4 Taighde in Éirinn 12
1.5 Struchtúr na Tuarascála 14

CAIBIDIL 2 AN GHAEILGE I BPOBLACHT NA HÉIREANN 15

2.1 Intreoir 15
2.2 Forbhreathnú Staire agus an Scéal Mar Atá 15
2.3 Beartas agus Reachtaíocht 17
2.4 Tionscnaimh Teanga 20
2.5 Oideachas 21
2.6 Achoimre 23

CAIBIDIL 3 AN GHAEILGE I DTUAISCEART ÉIREANN 25

3.1 Intreoir 25
3.2 Forbhreathnú Staire agus an Scéal Mar Atá 25
3.3 Beartas agus Reachtaíocht 26
3.4 Tionscnaimh Teanga 28
3.5 Oideachas 29
3.6 Achoimre 30

CAIBIDIL 4 TEANGACHA MIONLAIGH I DTÍORTHA EORPACHA EILE 31

4.1 Intreoir 31
4.2 Gaeilge na hAlban 32
4.2.1 Forbhreathnú Staire agus an Scéal Mar Atá 32
4.2.2 Beartas agus Reachtaíocht 34
4.2.3 Oideachas 36
4.2.4 Tionscnaimh Teanga 38
4.3 An Bhreatnais sa Bhreatain Bheag 38
4.3.1 Forbhreathnú Staire agus an Scéal Mar Atá 38

4.3.2 Beartas agus Reachtaíocht 41
4.3.3 Oideachas 41
4.3.4 Tionscnaimh Teanga 42
4.4 An Fhreaslainnis san Ísiltír 43
4.4.1 Forbhreathnú Staire agus an Scéal Mar Atá 43
4.4.2 Beartas agus Reachtaíocht 44
4.4.3 Oideachas 45
4.4.4 Tionscnaimh Teanga 45
4.5 An Chatalóinis sa Spáinn 46
4.5.1 Forbhreathnú Staire agus an Scéal Mar Atá 46
4.5.2 Beartas agus Reachtaíocht 47
4.5.3 Oideachas 47
4.5.4 Tionscnaimh Teanga 48
4.6 Achoimre 49

CAIBIDIL 5 AN tOIDEACHAS LÁN-GHAEILGE I bPOBLACHT NA hÉIREANN AGUS I dTUAISCEART ÉIREANN: TORTHAÍ AN tSUIRBHÉ 51
5.1 Intreoir 51
5.2 Taithí ar an Oideachas Lán-Ghaeilge – *An Suirbhé Gaeilge 2013* 51
5.2.1 An Ghaeilge mar Ábhar sa Bhunscolaíocht agus san Iar-Bhunscolaíocht 51
5.2.2 An Ghaeilge mar Mheán Oideachais sa Bhunscolaíocht agus san Iar-Bhunscolaíocht 52
5.2.3 Scrúduithe Gaeilge 53
5.2.4 Minicíocht Iarrachtaí chun an Ghaeilge a Fhoghlaim nó a Fheabhsú Tar Éis an Scoil a Fhágáil. 53
5.3 An Ghaeilge i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna i bPoblacht na hÉireann 54
5.3.1 Cineálacha Bunscoile 54
5.3.2 Éiteas na Scoile 56
5.3.3 Dearcadh i Leith na Gaeilge i mBunscoileanna sa Phoblacht 58
5.3.4 Dearcadh i Leith na Gaeilge in Iar-Bhunscoileanna sa Phoblacht 59
5.4 Achoimre 61

CAIBIDIL 6 LÍOFACHT SA GHAEILGE AGUS ÚSÁID NA GAEILGE INNIU: TORTHAÍ AN tSUIRBHÉ 63
6.1 Intreoir 63
6.2 Líofacht sa Ghaeilge 63
6.3 Minicíocht Labhairt na Gaeilge 65
6.4 Comparáidí leis an Daonáireamh 67
6.5 Teagmháil leis an nGaeilge sa Bhaile le linn do na Freagróirí a bheith ina bPáistí 69
6.5.1 Úsáid na Gaeilge sa Bhaile agus a Thionchar sin ar Úsáid Inniu 69

6.5.2 Leibhéal Líofachta na dTuismitheoirí agus a Thionchar ar Úsáid Inniu..... 70

6.6 An Ghaeilge sa Mhórphobal 71
6.6.1 Úsáid na Gaeilge sa Mhórphobal 71
6.6.2 Deiseanna chun an Ghaeilge a Labhairt 72
6.7 Spreagadh chun Foghlama agus a Thionchar ar Úsáid Teanga inniu.....72

6.7.1 Rún agus Spreagadh chun an Ghaeilge a Fhoghlaim ar Scoil.....73

6.8 Achoimre 76

CAIBIDIL 7 DEARCADH I LEITH NA GAEILGE AGUS AN TODHCHAÍ A SHAMHLAÍTEAR DON TEANGA: TORTHAÍ AN tSUIRBHÉ..... 77
7.1 Intreoir..... 77
7.2 Dearcadh Ginearálta i leith na Gaeilge 77
7.3 Dearcadh i leith an Oideachais Lán-Ghaeilge 80
7.4 Dearcadh i leith Bheartas an Rialtais..... 83
7.5 An Todhchaí a Shamhlaítear don Ghaeilge 84
7.6 Achoimre 85

CAIBIDIL 8 TÁTAIL AGUS IMPLEACHTAÍ MAIDIR LE BEARTAS 86
8.1 Intreoir..... 86
8.2 An Ghaeilge i Scoileanna Phoblacht na hÉireann agus Thuaisceart Éireann..... 87
8.3 Dearcadh Tuismitheoirí agus Seachadadh Teanga sa Bhaile..... 88
8.4 Dálaí na Gaeilge i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann Inniu agus an Todhchaí a Shamhlaítear don Teanga 88
8.5 Impleachtaí maidir le Forbairt Beartais..... 91

Tagairtí.....94

AGUISÍN 1 ANAILÍS CHÚLCHÉIMNITHE..... 104

AGUISÍN 2 SUIRBHÉ 2013..... 108

Liosta Táblaí

Tábla 1.1: Comparáidí idir an Suirbhé Gaeilge 2001 (arna chur i gcrích ag Research and Evaluation Services) agus an Suirbhé Gaeilge 2013 (arna chur i gcrích ag Amárach Research). 7

Tábla 1.2: Próifíl na bhfreagróirí i bPoblacht na hÉireann. 8

Tábla 1.3: Próifíl na bhfreagróirí i dTuaisceart Éireann. 8

Tábla 2.1: Scoileanna i gceantair Ghaeltachta: meán teagaisc agus líon daltaí ag leibhéal iar-bhunscoile. 23

Tábla 5.1: Teagmháil freagróirí leis an nGaeilge ar Bunscoil. 52

Tábla 5.2: Teagmháil freagróirí leis an nGaeilge ar Iar-bhunscoil. 52

Tábla 5.3: An scrúdú poiblí ab airde a rinneadh trí Ghaeilge. 53

Tábla 5.4: Minicíocht iarrachtaí chun an Ghaeilge a fhoghlaim/a fheabhsú mar dhuine fásta. 54

Tábla 6.1: Leibhéil líofachta sa Ghaeilge labhartha – arna thuairisciú ag an bhfreagróir. 64

Tábla 6.2: Deacrachtaí a tuairiscíodh le gach gné den teanga – arna dtuairisciú acu sin a mhaíonn go bhfuil bunlíofacht nó ardlíofacht Ghaeilge acu. 65

Tábla 6.3: Cé chomh minic a labhraítear Gaeilge. 66

Tábla 6.4: Cé chomh minic a labhraítear Gaeilge – arna dhealú de réir leibhéal líofachta – Poblacht na hÉireann. 66

Tábla 6.5: Cé chomh minic a labhraítear Gaeilge – arna dhealú de réir leibhéal líofachta – Tuaisceart Éireann. 67

Tábla 6.6. Cumas labhartha Gaeilge de réir mar a tuairiscíodh sa Suirbhé Gaeilge agus i nDaonáireamh 2011 – Poblacht na hÉireann. 68

Tábla 6.7. Cumas labhartha Gaeilge de réir mar a tuairiscíodh sa Suirbhé Gaeilge agus i nDaonáireamh 2011 – Tuaisceart Éireann. 68

Tábla 6.8: Mar a d'fhreagair freagróirí Shuirbhé Gaeilge 2001 an cheist daonáirimh, arna phróifíliú de réir leibhéal líofachta – Poblacht na hÉireann. 68

Tábla 6.9: Mar a d'fhreagair freagróirí Shuirbhé Gaeilge 2001 an cheist daonáirimh, arna phróifíliú de réir leibhéal líofachta – Tuaisceart Éireann. 69

Tábla 6.10: Minicíocht Labhairt na Gaeilge i bPoblacht na hÉireann. 69

Tábla 6.11: Cé chomh minic a labhraíodh Gaeilge i mbaile na bhfreagróirí agus iad ag fás aníos. 70

Tábla 6.12: Leibhéil líofachta mháithreacha na bhfreagróirí – arna dtuairisciú ag an bhfreagróir. 70

Tábla 6.13: Leibhéil líofachta aithreacha na bhfreagróirí – arna dtuairisciú ag an bhfreagróir. 71

Tábla 6.14: Úsáid na Gaeilge i measc phiaraí na bhfreagróirí, de réir % a thug freagra dearfach. 72

Tábla 6.15: Claonadh chun Gaeilge a labhairt i suíomhanna sóisialta ina measc siúd a bhfuil Bunlíofacht (43%) agus Ardlíofacht acu (14%) i bPoblacht na hÉireann de réir % a thug freagra dearfach. 72

Tábla 7.1: Claonadh chun leanbh a chur go scoil lán-Ghaeilge má tá a leithéid in aice baile (san am atá thart nó san am atá le teacht) de réir % a thug freagra dearfach. 82

Tábla 7.2 Dearcadh I leith Beartas Rialtais ……83

Tábla 7.3: A thábhachtaí is atá sé don fhreagróir Gaeilge a bheith ag a leanbh nuair a bheidh sé/sí fásta – i measc freagróirí a bhfuil leanaí acu. 85

Tábla 7.4: Rogha na bhfreagróirí maidir le todhchaí na Gaeilge. 85

Tábla A.1 Cumas Éigin sa Ghaeilge – PÉ 104

Tábla A.2 Dearcadh Dearfach i Leith na Gaeilge – PÉ 105

Tábla A.3 Cumas Éigin sa Ghaeilge – TÉ, Freagróirí Caitliceacha Amháin 106

Tábla A.4 Dearcadh Dearfach i Leith na Gaeilge – TÉ, Freagróirí Caitliceacha Amháin 107

Liosta Fíoracha

Fíor 4.1: Teangacha mionlaigh san AE (pobail teanga a bhfuil breis agus 125,000 cainteoir iontu). 32

Fíor 4:2: Dáileadh na bhfreagróirí i nDaonáireamh 2011 a mhaígh go bhfuil siad in ann Gaeilge na hAlban a labhairt. 33

Fíor 4.3: Dáileadh na bhfreagróirí i nDaonáireamh 2011 a mhaígh go bhfuil siad in ann an Bhreatnais a labhairt. 39

Fíor 4.4: Dáileadh na dteangacha Freaslainnise san Eoraip inniu. 44

Fíor 4.5: Ceantair ina labhraítear an Chatalóinis. 46

Fíor 5.1 Stair oideachais an phríomhchúramóra. 55

Fíor 5.2: Athruithe ar líon daltaí. 56

Fíor 5.3: Éiteas scoile. 57

Fíor 5.4: Peirspictíochtaí na ndaltaí i leith na scoile. 57

Fíor 5.5: Tuairimí i leith na Gaeilge, na Léitheoireachta agus na Matamaitice á gcur i gcomparáid (peirspictíochtaí na ndaltaí) 58

Fíor 5.6: An dearcadh a thuairiscigh na daltaí féin i leith ábhair éagsúla (an chéad bhliain) 60

Fíor 5.7: Treochtaí i ndearcadh daltaí i leith na Gaeilge thar tréimhse. 60

Fíor 5.8: Dearcadh i leith na Gaeilge agus ábhair eile sa 5^{ú} bliain. 61

Fíor 6.1: Rún chun na Ghaeilge a fhoghlaim ar scoil – Poblacht na hÉireann. 74

Fíor 6.2 Rún chun na Ghaeilge a fhoghlaim ar scoil – Tuaisceart Éireann. 74

Fíor 7.1: Freagra maidir le “dearcadh ginearálta i leith na Gaeilge”. 78

Fíor 7.2: Leibhéil chomhaontachta le ráitis i dtaobh na Gaeilge. 79

Fíor 7.3: Comhaontacht le ráitis i dtaobh na Gaeilge sna scoileanna. 81

Fíor 7.4: An clár scoile a mheastar a bheith ar an gclár “is oiriúnaí d’fhormhór na bpáistí inniu.” 81

Fíor 7.5:“Ba cheart don Rialtas scoileanna lán-Ghaeilge a chur ar fáil áit ar bith a bhfuil a leithéid ón bpobal.” 82

Fíor 7.6: An tábhacht a mheastar a bheith ag tionscnaimh Rialtais chun staid na Gaeilge a fheabhsú. 84

Achoimre Fheidhmeach

Is cuid dár bhféiniúlacht í an teanga a labhraímid. Is í a dhéanann ball de chomhphobal dínn. Tá teangacha ann nach bhfuil á labhairt ach ag mionlach i dtíortha faoi leith agus, ina lán dlínsí, tá meath tagtha ar líon na ndaoine a labhraíonn teangacha réigiúnacha nó mionlaigh. Faoi láthair, tá timpeall 60 teanga mhionlaigh san Eoraip, ach ní hionann stádas dóibh go léir. Tá todhchaí na dteangacha seo ag brath cuid mhór ar dhearcadh an phobail agus ar an úsáid a bhaineann baill den phobal astu. Ag leibhéal na hEorpa, rinneadh bearta chun teangacha mionlaigh a chosaint faoi bhun *An Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh* ('an Chairt'). Is é aidhm na Cairte teangacha réigiúnacha agus mionlaigh a chosaint agus a chur chun cinn mar ghné d'oidhreacht chultúrtha na hEorpa atá i mbaol agus cur ar a gcumas do chainteoirí an teanga réigiúnach nó an teanga mhionlaigh a úsáid ina saol príobháideach agus sa saol poiblí. Tá a lán Ballstát de chuid an AE tar éis glacadh leis an gCairt, arb í Comhairle na hEorpa a dhéanann maoirseacht uirthi. Tá bearta breise déanta ag tíortha faoi leith chun beartais a cheapadh a chosnóidh na teangacha mionlaigh agus a chuirfidh deiseanna ar fáil chun iad a chur in úsáid an athuair.

Le blianta anuas, tá spéis leanúnach á cur i gcás na Gaeilge, ceann de theangacha mionlaigh na hEorpa. Bíodh is go raibh áit cheannasach aici ar fud an oileáin, tráth, tháinig meath uirthi de bharr tosca sóisialta, eacnamaíocha agus polaitiúla ó aois go haois. Tá difríocht shuntasach idir dálaí na Gaeilge i bPoblacht na hÉireann seachas mar atá i dTuaisceart Éireann. Tá dhá theanga oifigiúla i bPoblacht na hÉireann – an Ghaeilge agus Béarla. De réir *Bunreacht na hÉireann*, is í an Ghaeilge céad teanga oifigiúil na hÉireann, bíodh is gurb é an Béarla teanga dhúchais fhormhór an daonra. Is sna ceantair Ghaeltachta is minice a úsáidtear an Ghaeilge, is é sin na ceantair ina bhfuil an Ghaeilge fós ina príomhtheanga labhartha ag líon suntasach de mhuintir na háite. Anuas air sin, tá an Ghaeilge ar cheann de na croí-ábhair i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. Tá bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna ann ina múintear trí mheán na Gaeilge. Tá réimse leathan beartas ceaptha ag an Rialtas chun an teanga a chosaint agus tá roinnt tionscnamh ar siúl chun úsáid na teanga a chur chun cinn.

Scéal casta is ea scéal na Gaeilge i dTuaisceart Éireann. Is minic a thagann an pholaitíocht i gceist agus tá athrú suntasach tagtha ar chúrsaí Gaeilge ann thar tréimhse. Is gnách go mbíonn dearcadh daoine i leith na Gaeilge i dTuaisceart Éireann ina scáthán ar dhifríochtaí polaitiúla idir an pobal

Caitliceach agus an pobal Protastúnach. Murab ionann agus Poblacht na hÉireann, níl aon cheantar oifigiúil Gaeltachta i dTuaisceart Éireann agus ní chuirtear an Ghaeilge ar fáil mar ábhar ach i roinnt scoileanna (scoileanna Caitliceacha, den chuid is mó). Mar sin féin, tá roinnt Gaelscoileanna ann.

Bíonn an Ghaeilge á labhairt ag mionlach den daonra sa dá dhlínse ach is mór idir méid an dá mhionlach sin. De réir figiúirí na ndaonáireamh a cuireadh i gcrích le déanaí (2001) ar an dá thaobh den teorainn, is féidir le 41 faoin gcéad de dhaonra na Poblachta an Ghaeilge a labhairt. Ba é an figiúr coibhéiseach i dTuaisceart Éireann ná 11 faoin gcéad.

Ceapadh an staidéar seo chun scagadh a dhéanamh ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar úsáid na Gaeilge agus ar dhearcadh daoine i leith na Gaeilge i measc daoine fásta ar oileán na hÉireann. Chuige sin, thar aon fhoinse eile, tarraingíonn sé ar shonraí a bailíodh in *An Suirbhé Gaeilge 2013* agus déanann comparáid le *An Suirbhé Gaeilge 2001*, an saothar ar ar bunaíodh an dara suirbhé[1]. Fuarthas léargais bhreise trí na torthaí maidir le próifíl na gcainteoirí Gaeilge a chur i gcomparáid le sonraí an Daonáirimh. Ó tharla go mbíonn tionchar ag cúrsaí scolaíochta ar dhearcadh daoine, úsáideann an suirbhé seo athanailís sheachtrach ar an staidéar *Growing up in Ireland* a rinneadh i measc daltaí bunscoile (cohórt 9 mbliana d'aois) agus anailís ón *Irish Post Primary Longitudinal Study* (PPLS) mar gheall ar dhearcadh daltaí i leith na Gaeilge i bPoblacht na hÉireann.

PRÍOMHTHORTHAÍ

An Ghaeilge i gcórais oideachais Phoblacht na hÉireann agus Thuaisceart Éireann

Léiríonn torthaí *An Suirbhé Gaeilge 2013* go raibh formhór na bhfreagróirí fásta i bPoblacht na hÉireann (80%) tar éis an Ghaeilge a fhoghlaim ar bunscoil (mar ábhar i scoileanna Béarla nó i nGaelscoileanna). Mionlach d'fhreagróirí Thuaisceart Éireann (11%) a rinne amhlaidh.

Rinneadh athanailís ar shonraí ó *Growing Up in Ireland* (GUI) agus ón *Post Primary Longitudinal Study* (PPLS) a léiríonn go mbíonn dearcadh níos diúltaí ag daltaí sa Phoblacht i leith na Gaeilge ná mar a bhíonn i leith croí-ábhar eile. Is gnách go mbíonn dearcadh níos dearfaí i leith na Gaeilge ag na daltaí sin a d'fhreastail ar bhunscoileanna lán-Ghaeilge. Is féidir gur éifeacht roghnúcháin is cúis leis sin, is é sin le rá gur tuismitheoirí a bhfuil dearcadh dearfach acu i leith na Gaeilge, agus ar mian leo go mbeadh Gaeilge ag a gcuid páistí, a chuireann a gcuid páistí go Gaelscoileanna. Is dócha gur ar mhianta na dtuismitheoirí sin a bhunófar éiteas na scoile. Thuairiscigh níos mó príomhoidí Gaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta go raibh an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach ina ngné

[1] Research and Evaluation Services a bhailigh sonraí 2001 agus Amárach Research a bhailigh sonraí 2013.

thábhachtach d'éiteas na scoile ná mar a thuairiscigh príomhoidí na scoileanna Béarla. Bíodh sin mar atá, i ngach cineál bunscoile, is fearr leis na daltaí an léitheoireacht (i mBéarla)[2] ná an Ghaeilge. In iar-bhunscoileanna sa Phoblacht, mheas na daltaí nach bhfuil an Ghaeilge chomh húsáideach céanna leis an mBéarla ná leis an Matamaitic. Measadh an Ghaeilge a bheith níos deacra freisin, agus gan a bheith chomh spéisiúil leis an dá ábhar thuasluaite. Is díol spéise gur mheas daltaí áirithe teangacha eile Eorpacha (m.sh. an Fhraincis) a bheith deacair freisin. Tá an chuma air gur choinnigh daltaí a ndearcadh diúltach i leith na Gaeilge ar feadh thréimhse na hiar-bhunscolaíochta. Bíodh is nach raibh a leithéid de shonraí ar fáil i gcomhair athanailíse i gcás Thuaisceart Éireann, léiríonn na torthaí a bhí sa *Northern Ireland Key Stage 3 Cohort Study* gur mheas na daltaí go bhfuil nuatheangacha agus na healaíona cruthaitheacha ar na hábhair is lú tairbhe sa saol atá amach rompu (McKendry, 2007).

De réir *An Suirbhé Gaeilge 2013*, bhí tacaíocht ann ar son mhúineadh na Gaeilge sna scoileanna. Mheas ceathrar as gach cúigear duine fásta sa Phoblacht gur cheart an teanga a thairiscint mar ábhar scoile. I dTuaisceart Éireann, mheas rud beag níos lú ná leath na bhfreagróirí (48%) gur cheart an socrú sin a bheith ann. Ba bheag an líon freagróirí a mhaígh gurb í an Ghaelscolaíocht an clár is oiriúnaí d'fhormhór na bpáistí, ach mhaígh formhór na bhfreagróirí sa dá dhlínse gur cheart Gaelscoileanna a chur ar fáil san áit a bhfuil éileamh orthu.

I bhfianaise na ndifríochtaí idir an t-oideachas Gaeilge sa dá dhlínse, ní haon ionadh é go bhfuil leibhéil líofachta i bhfad níos airde i bPoblacht na hÉireann (bunlíofacht: 43%; ardlíofacht: 14%) ná mar atá i dTuaisceart Éireann (bunlíofacht: 14%; ardlíofacht: 3%). Dá bhrí sin, bíonn an Ghaeilge á labhairt ag freagróirí i bPoblacht na hÉireann (33% am éigin; 13% uair nó níos mó in aghaidh na seachtaine) níos minice ná freagróirí i dTuaisceart Éireann (12% am éigin; 2% uair nó níos mó in aghaidh na seachtaine). Rud eile a mbíonn tionchar dearfach aige ar chumas Gaeilge ná teanga éigin eile a bheith á labhairt ag comhfhreagróirí.

Tábhacht chomhthéacs an teaghlaigh maidir le dearcadh teanga a sheachadadh

Bíonn seachadadh dearcadh agus cleachtais teanga ó ghlúin go chéile ag brath cuid mhór ar labhairt na teanga sa bhaile. Rinne freagróirí *An Suirbhé Gaeilge 2013* i bPoblacht na hÉireann leibhéil líofachta níos airde a thuairisciú i measc a dtuismitheoirí (Máthair: 33%; Athair: 30% agus bunlíofacht nó ardlíofacht acu) ná mar a thuairiscigh freagróirí i dTuaisceart Éireann (Máthair: 11%; Athair: 10% agus bunlíofacht nó ardlíofacht acu). Bhí tionchar ag minicíocht labhairt na Gaeilge sa bhaile le linn

[2] An tástáil a rinneadh ná an leagan Béarla de Thástáil Léitheoireachta Dhroim Conrach.

aois an pháiste ar úsáid reatha i measc freagróirí sa dá dhlínse. Iad siúd a d'fhás aníos agus Gaeilge sa bhaile acu, is mó seans go labhraíonn siad Gaeilge inniu (PÉ: 56%; TÉ: 45%) seachas iad siúd nár chuala an Ghaeilge riamh nó go hannamh sa bhaile (PÉ: 18%; TÉ: 6%).

Bhí sé d'aidhm ag *An Suirbhé Gaeilge 2013* tuairimí na bhfreagróirí a fháil maidir le foghlaim na Gaeilge ar scoil agus maidir le mianta a dtuismitheoirí i leith na teanga. I gcás na bhfreagróirí sin ar mhian lena dtuismitheoirí go mbeadh Gaeilge acu, tuairiscíodh gur mhian leo féin an Ghaeilge a fhoghlaim, rud a bhí fíor ar fud an dá dhlínse. Bhí difríochtaí le sonrú maidir le spreagadh na bhfreagróirí chuige sin. I bPoblacht na hÉireann, bhí sé de rún ag a lán daoine staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge chun go 'go n-éireodh leo sna scrúduithe' ach i dTuaisceart Éireann ba 'ar a son féin' is mó a bhíothas ag iarraidh an Ghaeilge a fhoghlaim. Na freagróirí sin a mhaígh gur theastaigh uathu an Ghaeilge a fhoghlaim ar a son féin, is mó seans go n-úsáidfidh siad Gaeilge ná iad sin a bhí ag iarraidh an teanga a fhoghlaim, thar aon chúis eile, chun go n-éireodh leo i scrúduithe. Is maith an léiriú é sin ar cé chomh tábhachtach is atá an spreagadh intreach i bhfoghlaim teangacha. Tá gaol ag úsáid agus líofacht sa teanga le tosca cúlra eile, lena n-áirítear cúlra socheacnamaíoch ard, ardleibhéil oideachais agus reiligiún (a bheith i do Chaitliceach).

Léirigh *An Suirbhé Gaeilge 2013* go measann a lán daoine go bhfuil stádas na Gaeilge níos ísle ná ábhair eile. Léiríonn an anailís go gcreideann formhór na ndaoine fásta i bPoblacht agus i Tuaisceart Éireann go bhfuil ábhair eolaíochta níos tábhachtaí dá gcuid páistí ná foghlaim na Gaeilge (PÉ 68% agus TÉ 86%). Tá sin ag teacht le torthaí 2001 (PÉ 70% agus TÉ 83%).

An tábhacht a bhaineann le cairde agus leis an bpobal

Tugann taighde idirnáisiúnta le fios go gcuirtear le líofacht agus le húsáid teanga de réir mar a bhíonn deiseanna ag duine an teanga mhionlaigh a úsáid lasmuigh den chóras oideachais. Iad siúd sa dá dhlínse a bhfuil cairde acu a úsáideann an teanga i suíomhanna sóisialta, is mó seans go mbeidh dearcadh dearfach acu i leith na teanga agus go n-úsáidfidh siad í. Tá cara amháin, ar a laghad, a labhraíonn Gaeilge lasmuigh den bhaile ag triúr as gach ceathrar (PÉ 33% agus TÉ 31%). Beagnach 2 as gach 5 duine fásta i bPoblacht Éireann (38%), is amhlaidh atá 'cairde acu atá ag tógáil a gcuid páistí le Gaeilge sa bhaile nó a úsáideann cuid mhór Gaeilge lena gcuid páistí', figiúr nach bhfuil ach rud beag níos airde ná an figiúr i gcomhair Thuaisceart Éireann (31%).[3]

Is féidir go bhfuil easpa deiseanna chun an Ghaeilge a úsáid ar cheann de na príomhchúinsí a chuireann bac ar dhaoine a bhfuil eolas áirithe acu ar an nGaeilge an teanga a úsáid níos mince. I

[3] Cuirtear ceist mar gheall ar 'cairde' sa cheistneoir gan eolas a lorg faoin dlínse ina gcónaíonn siad.

bPoblacht na hÉireann, thuairiscigh trí cheathrú (75%) na bhfreagróirí sin a bhfuil bunlíofacht acu, agus beagnach leath na bhfreagróirí (45%) a bhfuil ardlíofacht acu, nach mbíonn an Ghaeilge á húsáid ag a lucht aitheantais. Ní bhíonn a fhios ag cainteoirí Gaeilge cé acu atá an teanga ag daoine eile nó nach bhfuil, rud a mbíonn tionchar aige orthu. Thug líon mór acu le fios "nach maith leo comhrá a thosú i nGaeilge" (bunlíofacht: 50%; ardlíofacht: 43%) agus mhaígh líon níos airde fós "nach maith leo Gaeilge a labhairt nuair a bhíonn daoine i láthair nach bhfuil Gaeilge acu" (bunlíofacht: 49%; ardlíofacht: 55%). Rinne mionlach beag ar fud oileán na hÉireann (PÉ: 15%; TÉ: 10%) iarracht an Ghaeilge a fhoghlaim nó a gcuid Gaeilge a fheabhsú agus iad ina ndaoine fásta.

Dearcadh i leith na Gaeilge agus an todhchaí a shamhlaítear di

Tá dearcadh dearfach i leith na Gaeilge ag a lán de na freagróirí fásta sa dá dhlínse. Thuairiscigh os cionn dhá dtrian na bhfreagróirí i bPoblacht na hÉireann (67%) agus beagnach leath na bhfreagróirí i dTuaisceart Éireann (45%) go bhfuil dearcadh dearfach acu i leith na Gaeilge. Bhí difríocht le brath idir dearcadh na bhfreagróirí sa dá dhlínse maidir le ról na Gaeilge in oidhreacht agus i gcultúr na hÉireann. Sa Phoblacht, creideann beagnach dhá dtrian (64%) go gcuirfí féiniúlacht na hÉireann ar ceal in éagmais na Gaeilge. Is líon i bhfad níos lú (33%) d'fhreagróirí Thuaisceart Éireann a raibh an dearcadh sin acu. Bhí an-éagsúlacht sna tuairimí maidir le páirt an Rialtais i gcaomhnú/cur chun cinn na Gaeilge; i bPoblacht na hÉireann, bhí dearcadh láidir ann gur cheart don Rialtas deimhin a dhéanamh de go mbíonn an Ghaeilge á múineadh go maith sna scoileanna (53%), tuairim a bhí ag trian d'fhreagróirí Thuaisceart Éireann (34%).

Ó thaobh chaomhnú na teanga de, mheas freagróirí i bPoblacht na hÉireann gur cheart beartas a bheith dírithe ar 'theaghlaigh le Gaeilge/ceantair Ghaeltachta' (26%), fad is a chreid daoine i dTuaisceart Éireann gur cheart na meáin chumarsáide a úsáid chun an teanga a chaomhnú – 'cláir raidió/teilifíse i nGaeilge' (23%). Mheas a lán freagróirí gur cheart don dlínse a bhfuil cónaí orthu ann dul i leith an dátheangachais agus an Béarla a bheith mar phríomhtheanga (PÉ 43% agus TÉ 34%).

Tá cosúlachtaí áirithe idir cás na Gaeilge agus teangacha mionlaigh eile san Eoraip. Mar is léir ó na cás-staidéir ó dhlínsí eile, tá rialtais éagsúla i ndiaidh iarrachtaí suntasacha a dhéanamh chun teangacha neamhfhorleathana a chosaint agus a chur chun cinn. I bhformhór na gcás-staidéar, d'fhan líon na gcainteoirí líofa dátheangacha sách íseal, bíodh is gur tháinig méadú éigin ar líon cainteoirí Ghaeilge na hAlban le blianta anuas. Sa Bhreatain Bheag, laghdaíodh ar líon na gcainteoirí Breatnaise le deich mbliana anuas in ainneoin stádas láidir a bheith ag an teanga sa chóras oideachais agus in ainneoin na mbeartas teanga a cuireadh i bhfeidhm. Ach oiread leis an gCatalóinis

sa Spáinn, tá an-chuid polaitíochta ag baint leis an nGaeilge i dTuaisceart Éireann, rud a fhágann gur deacair í a chur chun cinn ar fud na dlínse lasmuigh de phobail Chaitliceacha. D'fhéadfaí a mhaíomh go rachaidh úsáid na Gaeilge chun donais sa dá dhlínse in éagmais reachtaíocht Eorpach chuí agus beartais a thacóidh le tionscnaimh áitiúla chun teangacha mionlaigh a chur chun cinn. Bíodh is go bhfuil reachtaíocht chun an teanga a chosaint sa dá dhlínse, tá deacrachtaí leanúnacha ann maidir le beartas a chur i bhfeidhm. Níl i reachtaíocht chosanta ach beart amháin san iarracht chun mionteangacha a choinneáil beo. I measc na gcúinsí a mbíonn tionchar dearfach acu ar fhoghlaim na teanga sa dá dhlínse tá spreagadh, spéis, an teanga a labhairt sa bhaile agus deiseanna a bheith ann chun í a úsáid sa phobal.

IMPLEACHTAÍ MAIDIR LE FORBAIRT BEARTAIS

Tá an chreatlach bheartais a chosnaíonn an Ghaeilge ar oileán na hÉireann nasctha le beartas níos leithne maidir le cearta an duine agus le beartas a ceapadh go sonrach chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Tá cearta cainteoirí Gaeilge cosanta faoi bhun reachtaíocht idirnáisiúnta, mar atá *An Creat-Choinbhinsiún um Chosaint Mionlach Náisiúnta* agus *An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine*. I bPoblacht na hÉireann, tá bearta leagtha amach sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge* chun an teanga a chothú. I gcás na Gaeilge i dTuaisceart Éireann, tá *An Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh* sínithe ag Rialtas na Breataine. I gCuid a Trí den Chairt, éilítear móriarrachtaí chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus a chosaint. Ainneoin iarrachtaí na Rialtas go léir, is líon beag daoine a labhraíonn an Ghaeilge go minic, go háirithe i dTuaisceart Éireann. I gcás Thuaisceart Éireann, is dúshlán breise é go bhfuil easaontas polaitiúil ann i dtaca leis an nGaeilge de. Tríd is tríd, d'fhéadfaí a mhaíomh go dtugann na beartais teanga cosaint don Ghaeilge ach gur beag atá bainte amach a chuirfeadh cor nua in úsáid na teanga. Seans gurb é an cur chuige 'ón mbarr anuas' sa bheartas forbartha teanga go dtí seo is cúis leis (féach Mac Giolla Chríost, 2000) – sin agus easpa deiseanna fónta chun an Ghaeilge a úsáid. Bíodh sin mar atá, léiríonn torthaí an staidéir seo gur dearcadh dearfach i leith na teanga atá ag daoine ar an dá thaobh den teorainn. Ag an am céanna, tá roinnt tosca ann a mhúnlaíonn dearcadh agus úsáid teanga, lena n-áirítear comhthéacs an teaghlaigh, an córas oideachais agus an pobal i gcoitinne.

Léiríonn torthaí an staidéir seo go mbíonn dearcadh níos dearfaí i leith na Gaeilge, agus go mbíonn labhairt na Gaeilge níos coitianta, i measc na bhfreagróirí a d'fhás aníos i dteaghlaigh ina mbíodh an Ghaeilge á labhairt agus inar mhian leis na tuismitheoirí go bhfoghlaimeodh na páistí an Ghaeilge ar scoil. . Na páistí sin a fhásann aníos i dteaghlaigh ina n-úsáidtear an Ghaeilge, is mó seans go leanfaidh siad orthu ag úsáid na Gaeilge i ndiaidh dóibh an córas oideachais a fhágáil. Is é an

spreagadh atá ag roinnt freagróirí chun an Ghaeilge a fhoghlaim ná 'pas a fháil sna scrúduithe', rud a thugann le fios go meastar gur 'ábhar scoile amháin' atá sa Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann. Má táthar ag iarraidh imeacht ón tuiscint sin, thiocfadh le tuismitheoirí cabhrú le dearcadh dearfach a chothú trí spéis a léiriú i ndul chun cinn an pháiste ó thaobh fhoghlaim na Gaeilge de agus, más féidir, cabhrú leo an obair bhaile a dhéanamh. D'fhéadfaí tacaíocht a sholáthar do thuismitheoirí atá lag sa Ghaeilge, nó nach bhfuil Gaeilge ar bith acu, agus a léiriú dóibh conas is féidir leo cabhrú leis na páistí an obair bhaile Ghaeilge a dhéanamh. D'fhéadfaí leas a bhaint as tionscnaimh "tuismitheoirí ag tacú le tuismitheoirí" agus cabhrú le tuismitheoirí sa dá dhlínse atá ag iarraidh a gcuid páistí a thógáil go dátheangach. Chuirfeadh a leithéid de thionscnamh tuismitheoirí a bhfuil spéis acu sa Ghaeilge i dteagmháil lena chéile agus thabharfadh sé deis dóibh a dtaithí a roinnt.

Bíonn dearcadh i leith na Gaeilge á mhúnlú ag leibhéal na scoile freisin. I bPoblacht na hÉireann, is gnách go measann daltaí bunscoile agus iar-bhunscoile nach bhfuil an Ghaeilge chomh spéisiúil ná chomh húsáideach le hábhair eile, an Béarla nó an Mhatamaitic, cuir i gcás. Bíodh is nach cuid d'fhócas an staidéir seo é, tá taighde déanta a leagann béim ar a thábhachtaí atá cumas na múinteoirí agus an curaclam (harris agus Murtagh, 1999). Thiocfadh tuilleadh béime a chur ar scileanna labhartha agus éisteachta. D'fhéadfaí tuilleadh deiseanna chun an teanga a labhairt a sholáthar trí chlubanna oidhreachta agus trí ghníomhachtaí seach-churaclaim eile a n-úsáidtear Gaeilge lena linn. Dá mbeadh an Ghaeilge á tairiscint mar ábhar roghnach sna cineálacha éagsúla scoileanna i dTuaisceart Éireann, bheadh rogha níos fearr ag daltaí. Thiocfadh roinnt scoileanna a bheith comhpháirteach sna clubanna oidhreachta céanna agus cuid de na himeachtaí a rith trí mheán na Gaeilge d'fhonn an teanga a chur chun cinn. Má bhíonn tuilleadh deiseanna sna scoileanna chun an Ghaeilge a úsáid taobh amuigh den rang Gaeilge féin, seans go spreagfar daoine óga chun an teanga a úsáid níos minice.

Chuir staidéir eile roimhe seo béim ar an tábhacht a bhaineann le deiseanna a bheith ann an Ghaeilge a úsáid taobh amuigh de chomhthéacs na scoile. Tá córas iarscoile ann cheana, is é sin Teastas Eorpach na Gaeilge (féach www.teg.ie), a d'fhéadfadh cabhrú le daoine a líofacht sa Ghaeilge a fheabhsú agus deiseanna a sholáthar chuige sin. Bíodh is go bhfuil níos mó deiseanna ná riamh ann chun teagmháil a bheith agat leis an nGaeilge trí na meáin chlóite agus chraolta, ní mór gné na cumarsáide a fhorbairt. D'fhéadfadh grúpaí Gaeilge agus cúrsaí oideachais (cúrsaí ar líne san áireamh, agus cúrsaí trasteorann, b'fhéidir) tuilleadh deiseanna a chur ar fáil do dhaoine chun an teanga a chleachtadh. D'fhéadfaí leas a bhaint as gníomhaíochtaí fóillíochta chun daoine a bhfuil leibhéil éagsúla líofachta acu a thabhairt le chéile agus a gcuid chun scileanna Gaeilge a fhorbairt.

Seans go mbacfadh an costas ar dhaoine freastal ar ranganna Gaeilge. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí deontais a chur ar fáil do thionscnaimh áitiúla a chuireann cúrsaí ar fáil saor in aisce.

Léirigh torthaí an staidéir seo go n-úsáidtear an Ghaeilge, agus go múnlaítear dearcadh daoine i leith na teanga, i dtrí réimse saoil: an córas oideachais, saol an teaghlaigh agus saol an phobail. Tá sé tábhachtach go ndéanfar úsáid na teanga agus dearcadh dearfach ina leith a sheachadadh i gcomhthéacs an teaghlaigh ach ní mór go mbeadh an córas oideachais ag tacú leis sin agus go mbeadh deis ann an teanga a úsáid i gcomhthéacsanna eile.

Caibidil 1

Intreoir, Léirbhreithniú ar an Litríocht agus Modheolaíocht

1.1 INTREOIR

Le roinnt blianta anuas, tá cuid mhór den phlé i réimse na socheolaíochta teanga agus na sochtheangeolaíochta dírithe ar cé chomh marthanach is atá teangacha mionlaigh. Táthar ar aon aigne, tríd is tríd, go mbíonn cinniúint teanga ag brath ar an úsáid a bhaineann an pobal aisti agus ar an tábhacht a shamhlaítear léi (Nic Craith, 1999; O'Rourke, 2011b). Rinne Comhairle na hEorpa (CE) aird a tharraingt ar a thábhachtaí atá sé teangacha réigiúnacha nó mionlaigh[4] na hEorpa a chosaint, ó tharla cuid acu a bheith i mbaol a gcaillte. Tá sé ráite ag an CE

> *De bhrí gur ceart doshannta é an ceart chun teanga réigiúnach nó mionlaigh a úsáid sa saol príobháideach agus poiblí atá i gcomhréir leis na prionsabail atá ar fáil i gCúnant Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta Sibhialta agus Polaitiúla, agus de réir mheon Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint (Comhairle na hEorpa, 1992).*

Tá an teanga a labhraímid ina dlúthchuid dár bhféiniúlacht mar dhaoine aonair. Déanann sí páirteach i gcomhphobal muid. Tá marthanas mionteangacha ag brath cuid mhór ar dhearcadh an phobail ina leith. Is é an toradh a bhíonn ag dearcadh teanga an duine ná iompar dearfach nó iompar diúltach i leith cainteoirí teangacha eile nó claonadh chun teangacha eile a fhoghlaim. Má mheastar an teanga a bheith ina cuid thábhachtach d'fhéiniúlacht duine, is mó seans go labhróidh daoine í agus go mbeidh spéis acu sna hiarrachtaí chun í a thabhairt slán (Edwards, 2010).

---

4 Is mar seo a shainmhíníonn Comhairle na hEorpa cad is teanga réigiúnach nó mionlaigh ann: 'iad siúd a úsáidtear go traidisiúnta ag cuid de dhaonra stáit faoi leith agus nach canúintí de theanga oifigiúil de chuid an stáit sin iad ná teangacha lucht imirce ná teanga a cruthaíodh go saorga'. Baineann a lán teangacha leis an gcatagóir seo. Is í an teanga is forleithne díobh ná an Chatalóinis. Is féidir stádas oifigiúil a bheith ag teangacha réigiúnacha nó mionlaigh chomh maith, mar atá ag an nGaeilge agus ag an Lucsambuirgis, a bhfuil stádas teangacha náisiúnta acu ina dtíortha féin ach a bhfuil cuid mhór de thréithe teangacha réigiúnacha nó mionlaigh ag baint leo. Rinne an RA *An Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh* a dhaingniú. Shocraigh Éire gan an Chairt a dhaingniú ar an ábhar, de réir mar a dúirt an tAire ábhartha sa Dáil, 'go ndéanfadh sé sin dochar do stádas na Gaeilge i gcomhthéacs Bhunreacht na hÉireann agus i gcomhthéacs a bhfuil ar bun faoi láthair chun ardú céime a thabhairt don Ghaeilge san Aontas Eorpach.' http://oireachtasdebates.oireachtas.ie/debates%20authoring/debateswebpack.nsf/takes/dail1998020500032?opendocument

Teanga mhionlaigh is ea an Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann[5] agus i dTuaisceart na hÉireann. Baineann sí leis na teangacha Ind-Eorpaise, go háirithe leis an mbrainse 'Gaeilise' de na teangacha Ceiltise. Tá gaol gairid aici le Gaeilge na hAlban agus le Gaeilge Mhanann agus gaol níos faide amach leis an mBreatnais, leis an mBriotáinis agus leis an gCoirnis. Ón 5ú haois AD, bhí áit cheannasach bainte amach ag an nGaeilge in Éirinn. Thosaigh sí ag cúlú go mór ón 16ú haois ar aghaidh, de dheasca riail na Breataine in Éirinn. Faoi dheireadh an 18ú haois, bhí laghdú ollmhór tagtha ar líon na gcainteoirí Gaeilge; bhí an teanga ag níos lú ná leath an daonra agus lean an meath sa chéad aois eile (Hickey, 2008). Ar aon uain leis seo, d'imigh na sluaite ar imirce, go dtí na Stáit Aontaithe, an Astráil, Ceanada agus an Nua-Shéalainn den chuid is mó. Is mar gheall air sin atá grúpaí de shinsearacht na hÉireann sna tíortha sin a bhíonn ag plé le cur chun cinn na Gaeilge (An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, 2015). De réir fhigiúirí an Daonáirimh is déanaí i bPoblacht na hÉireann, thuairiscigh 41 faoin gcéad den daonra go bhfuil siad in ann an Ghaeilge a labhairt (CSO, 2012).[6] Scéal casta is ea dálaí na Gaeilge i dTuaisceart Éireann, scéal a dtagann cor nua ann de réir mar a athraíonn cúrsaí sochpholaitiúla. Ó 1998 i leith, de thoradh ar Chomhaontú Aoine an Chéasta,[7] aithnítear an Ghaeilge go hoifigiúil mar theanga mhionlaigh sa dlínse. De réir thorthaí Dhaonáireamh 2011, tá eolas ar an nGaeilge ag 11 faoin gcéad de dhaonra TÉ. Léiríonn figiúirí níos déanaí ná sin, ó 2013/14, go bhfuil eolas éigin ar an nGaeilge ag 15 faoin gcéad den daonra. Úsáideann ceithre faoin gcéad an teanga sa bhaile, más ó am go chéile féin é, agus úsáideann timpeall an líon céanna daoine an Ghaeilge i gcomhluadar (DCALNI, 2015). D'fhonn cur le stádas na Gaeilge, bunaíodh comhlacht trasteorann, Foras na Gaeilge, in 1999. Faoi mar atá, tá beartais a chosnaíonn an teanga i bhfeidhm sa dá dhlínse. Sa Phoblacht, cuir i gcás, foilsíodh *Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge* ina leagtar amach beartas an Rialtais chun cur le líon na ndaoine a úsáideann an Ghaeilge lasmuigh den chóras oideachais (féach Caibidil a Dó). Rinneadh forálacha do theangacha mionlaigh, lena n-áirítear an Ghaeilge i dTuaisceart Éireann (féach Caibidil a Trí), nuair a shínigh Rialtas an RA *An Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha, agus Mionlaigh*. Bíonn tionscnaimh ar siúl sa dá dhlínse chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn, lena n-áirítear ionaid teanga, stáisiúin teilifíse agus raidió agus na meáin chlóite.

Imríonn córais oideachais áitiúla ról tábhachtach i gcaomhnú teangacha réigiúnacha agus mionlaigh. (Comhairle na hEorpa, 1992). Tá sé maíte gurb í an phríomhchúis a mhair an Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann ná toisc í a bheith ar cheann de na croí-ábhair sa churaclam scoile (Murtagh, 2007; Ó Riagáin, 1997). Mar sin féin, is minic a bhíonn dearcadh diúltach i leith na Gaeilge ag daltaí i scoileanna Béarla (féach Smyth, et al., 2004). Os a choinne sin, is gnách go mbíonn fonn ar dhaltaí sna Gaelscoileanna an Ghaeilge a fhoghlaim agus go mbíonn dearcadh dearfach acu i leith na teanga (Griffin, 2001). I dTuaisceart Éireann, idir 1924 agus 1927, tháinig laghdú caoga faoin gcéad ar líon na

5 Bíodh is gur mionlach a labhraíonn í, is í céad teanga oifigiúil na dlínse í.

6 Is beag ár n-eolas, áfach, faoi chumas oibiachtúil na ndaoine seo sa Ghaeilge, mar níl sa cheist a chuirtear sa Daonáireamh ach 'An féidir leat Gaeilge a labhairt?'

7 Toradh fíorthábhachtach de chuid phróiseas síochána Thuaisceart Éireann sna 1990í ba ea Comhaontú Aoine an Chéasta nó Comhaontú Bhéal Feirste.

mbunscoileanna a mbíodh an Ghaeilge á múineadh iontu agus tháinig laghdú suntasach idir 1923 agus 1926 ar líon na ndaltaí a dhéanadh staidéar ar an nGaeilge mar ábhar breise. Sa bhliain 1934, cuireadh ar ceal an fóirdheontas a bhí ar fáil i gcomhair an Ghaeilge a mhúineadh mar ábhar breise (Mac Póilin, 2006). Ó shin i leith, is mar ábhar roghnach amháin a mhúintear an Ghaeilge i roinnt éigin scoileanna, ar scoileanna Caitliceacha iad a bhformhór. In 2000 rinne an Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann eagraíocht darb ainm Comhairle na Gaelscolaíochta (CnaG) a bhunú mar eagraíocht ionadaíoch don Ghaelscolaíocht agus é mar chúram uirthi an t-oideachas trí mheán na Gaeilge a chur chun cinn, a éascú agus a spreagadh sa dlínse. Tugadh suntas, i dtuarascáil de chuid Chomhairle na hEorpa (2014) don chur chuige dearfach atá i bhfeidhm ag an Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann maidir le moltaí a rinne an Chomhairle ina hathbhreithniú siúd ar an nGaelscolaíocht. Bíodh sin mar atá, leag an Coiste Saineolaithe béim ar an ngá atá le straitéis chomhleanúnach le haghaidh an oideachais trí Ghaeilge i ngach céim den scolaíocht agus ar an ngá atá le bearta cinnte chun a leithéid de straitéis a chur i bhfeidhm.

1.2 AIDHMEANNA AN TAIGHDE

Is é aidhm an staidéir seo tosca a ghrinniú a mbíonn tionchar acu ar úsáid na Gaeilge ar oileán na hÉireann agus ar dhearcadh daoine ina leith. Chuige sin, beifear ag tagairt, thar aon fhoinse eile, do shonraí an tsuirbhé a rinne Amárach Research in 2013. Chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh ar athruithe a tháinig ar dhearcadh daoine thar tréimhse, beidh an staidéar seo ag tagairt do shonraí ó shuirbhé a rinneadh níos faide siar (2001) agus atá inchomparáide le *An Suirbhé Gaeilge 2013*. Déanfar anailís ar shonraí an Daonáirimh d'fhonn léargas breise a thabhairt ar threochtaí ginearálta. Is ar scoil, go minic, a mhúnlaítear dearcadh daoine agus is mar gheall air sin a dhéantar tagairt sa staidéar seo don doiciméad *Growing Up in Ireland* (a raibh cohórt naoi mbliana d'aois ann) chomh maith leis an *Post-Primary Longitudinal Study* (PPLS) ina bhfuil eolas faoi pheirspictíochtaí daltaí i leith na Gaeilge.

Rinneadh léirbhreithniú i gcomhair an staidéir seo ar na doiciméid a bhaineann le hábhar: beartas náisiúnta, reachtaíocht agus cleachtais i bPoblacht agus i dTuaisceart Éireann. D'fhonn torthaí na hÉireann a chur i gcomhthéacs, tá cuid den staidéar tugtha suas d'anailís ar dhálaí teangacha mionlaigh i ndlínsí eile: an Bhreatain Bheag, Albain, an Ísiltír agus an Spáinn. Tá fócas ar na slite ina ndéantar beartas agus tionscnaimh a fhorbairt chun teangacha a chosaint agus a n-úsáid a chur chun cinn. Trí leas a bhaint as na foinsí sonraí éagsúla, féachann an staidéar seo le léargas a thabhairt ar conas an Ghaeilge a láidriú ar oileán na hÉireann.

Féachann an staidéar seo leis na ceisteanna taighde seo a leanas a fhreagairt:

- Cén tionchar a bhíonn ar tosca scoile ar dhearcadh daoine i leith na Gaeilge?
- Cén tionchar a bhíonn ag tosca teaghlaigh ar úsáid na Gaeilge?

- Cén dearcadh atá ag daoine fásta in oileán na hÉireann i leith na Gaeilge? Ar athraigh an dearcadh sin thar imeacht ama nó cén chaoi ar athraigh sé?
- Cad é atá i ndán don Ghaeilge, dar le muintir Phoblacht na hÉireann agus Thuaisceart Éireann?
- Cé chomh héifeachtach is atá Éire maidir le cur chun cinn na teanga dúchais i gcomparáid le dlínsí eile?

1.3 FOINSÍ SONRAÍ AGUS MODHEOLAÍOCHT

1.3.1 Céim 1 – Taighde Deisce

Ba é an chéad chéim den staidéar ná an litríocht ábhartha a aimsiú agus léirbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh uirthi, ag díriú ar ábhair a bhaineann le soláthar teangacha mionlaigh i suíomhanna oideachais agus eile agus dearcadh daoine ina leith sin. Anuas ar an taighde foilsithe, chuimsigh an léirbhreithniú tráchtais iarchéime agus doiciméid bheartais in Éirinn. D'fhonn an léirbhreithniú córasach seo a chur i gcrích, úsáideadh eochairfhocail faoi leith chun bunachair sonraí ríomhairithe a chuardach.

D'fhonn eolas comhthéacsúil a chur ar fáil, rinneadh anailís ar dhálaí teangacha mionlaigh i ndlínsí eile, mar Albain, an Bhreatain Bheag, an Spáinn agus an Ísiltír. Tá comhthéacs sochtheangeolaíoch na hAlban agus na Breataine Bige cosúil le chéile ar a lán bealaí, fad is atá an Chatalóinis á labhairt i réigiúin éagsúla sa Spáinn agus níos faide i gcéin agus gné láidir pholaitiúil ag baint léi. I stát amháin a labhraítear an Fhreaslainnis Iartharach, stát a chuireann an dátheangachas chun cinn go láidir. Sa staidéar seo, tá fócas ar fhorbairt beartais, dálaí na teanga mionlaí sa chóras oideachais agus na bearta atá á ndéanamh chun na teangacha mionlaigh a chur chun cinn sna dlínsí seo.

1.3.2 Sonraí Príomhúla: *An Suirbhé Gaeilge 2013*

Ba é an dara céim ná anailís a dhéanamh ar shonraí príomhúla ó *An Suirbhé Gaeilge 2013*. Amárach Research a chuir an suirbhé seo i gcrích i mí na Samhna 2013. Clúdaíodh Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann sa suirbhé a raibh sé de phríomhaidhm aige faisnéis chruinn a sholáthar maidir le dálaí na Gaeilge i measc daoine fásta sa dá dhlínse. Thug an suirbhé léargas ar a lán ceisteanna, ar nós teagmháil leis an nGaeilge sa bhaile agus sa chóras oideachais; cumas agus úsáid teanga faoi láthair; agus dearcadh i leith na Gaeilge. Dearadh an suirbhé chun go bhféadfaí comparáid a dhéanamh idir é agus, de réir mar is cuí, le *An Suirbhé Gaeilge 2001*.

Modheolaíocht An Suirbhé Gaeilge 2013

I gcás shuirbhé 2013 rinneadh sampláil dóchúlachta ar theaghlaigh i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann. Cuireadh agallaimh duine le duine i gcrích i mbaile na bhfreagróirí. Sholáthraigh an ESRI an fhaisnéis i gcomhair shampla PÉ trí úsáid a bhaint as GeoDirectory agus rinne an NISRA amhlaidh in TÉ trí úsáid a bhaint as POINTER. Rinneadh an suirbhé i measc daoine fásta d'aois 18+ ach níor cuireadh aon uasteorainn aoise leis an sampla. Roghnaíodh an freagróir i ngach uile theaghlach de réir na rialach 'an chéad bhreithlá eile'[8]. 1,215 freagróir a bhí sa sampla i gcás Phoblacht na hÉireann (ráta freagartha 73 faoin gcéad) agus 1,045 i dTuaisceart Éireann (ráta freagartha 63 faoin gcéad). Agallóirí oilte a bhí i mbun na n-agallamh agus níor cuireadh na freagróirí ar an eolas faoi ábhar an tsuirbhé roimh an suirbhé féin, rud a dheimhnigh nach gcoiscfeadh cumas Ghaeilge na bhfreagróirí, ná a ndearcadh i leith na Gaeilge, orthu páirt a ghlacadh sa suirbhé. Bhí an ceistneoir (féach Aguisín 2) ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge chun go mbeadh rogha teanga ag na freagróirí. Rinneadh an suirbhé a thriail chun a dhearadh agus a mhodheolaíocht a thástáil. Is gnách leas a bhaint as ualú chun torthaí staidéir a choigeartú chun go mbeidh siad de réir ár n-eolais ar an daonra agus chun ró-ionadaíocht nó gannionadaíocht a sheachaint. Úsáideadh sonraí neamhualaithe san anailís a rinneadh ar shonraí *An Suirbhé Gaeilge 2001*. Ó tharla nach raibh na sonraí sin ar fáil le haghaidh athanailíse, baineadh úsáid as sonraí neamhualaithe san anailís ar shuirbhé 2013 freisin. Nuair a rinneadh scagadh ar shonraí QNHS ba léir go raibh figiúirí Phoblacht na hÉireann sa sampla ar aon dul, ar an mórgóir, le figiúirí an daonra i dtaca le diminsin na haoise agus na hinscne de. Bhí na figiúirí aoise agus inscne sa sampla ar aon dul, ar an mórgóir, le sonraí NIRSA i dTuaisceart Éireann. Dá bhrí sin, is féidir a mhaíomh go bhfuil na sonraí ionadaíoch ar an daonra i gcoitinne i dtaca leis na diminsin seo.

Comparáidí idir An Suirbhé Gaeilge 2001 agus An Suirbhé Gaeilge 2013

Dearadh *Suirbhé Gaeilge 2013* i bhfianaise na modheolaíochta agus na faisnéise a bailíodh de bharr *Suirbhé Gaeilge 2001* sa chaoi is go bhféadfaí comparáid a dhéanamh, oiread agus ab fhéidir, idir an dá shuirbhé. Ba iad Research and Evaluation Services a chuir *Suirbhé Gaeilge 2001* i gcrích i mí na Samhna 2000 mar pháirt dá gcuid suirbhéanna 'Social Omnibus' i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann. Úsáideadh roinnt straitéisí chun go mbeadh comhleanúnachas sa dá staidéar (féach Tábla 1.1). Ina measc siúd bhí:

- Chuathas i gcomhairle le Pádraig Ó Riagáin, Ollamh Emeritus sa tSocheolaíocht Teanga maidir le hábhar an ghléasa suirbhéireachta.

[8] Roghnaítear an duine fásta sin is túisce a mbeidh a b(h)reithlá ann.

- Cuireadh an dá shuirbhé i gcrích trí agallaimh duine le duine i mbaile na bhfreagróirí agus roghnaíodh freagróirí de réir sampláil randamach bunaithe ar dhóchúlacht.
- Ba iad an ESRI (PÉ) agus an NISRA (TÉ) a chuir na frámaí samplála ar fáil. Ba é a bhí i bhfráma samplála 2001 ná liosta de dhaoine. Liosta seoltaí[9] a bhí i bhfráma 2013 ó tharla an modh oibre sin a bheith tagtha i dtreis san idirlinn.
- Dearadh ceistneoir 2013 i bhfianaise gnéithe áirithe d'fhoclaíocht agus de ródú na gceisteanna i dtuarascáil 2001. Cuireadh staidéar píolótach i gcrích chun an fhoclaíocht a thástáil, féachaint ar bhain sí le hábhar fós in 2013 agus chun pé pointí éiginnteachta a bheadh ann a aithint.

Taispeántar figiúirí ón dá shuirbhé taobh le taobh ar fud na tuarascála seo. Bíodh sin mar atá, in ainneoin gach iarrachta chun an comhleanúnachas a chinntiú, ní mór a bheith aireach maidir le tátail chomparáideacha a bhaint astu ó tharla roinnt difríochtaí modheolaíochta a bheith ann (cuireadh roinnt ceisteanna breise le ceistneoir shuirbhé 2013) agus athraitheas beag a bheith i bpróifíl na bhfreagróirí de thoradh ar an tsampláil randamach bunaithe ar dhóchúlacht a rinneadh ar dhaoine fásta agus ar theaghlaigh faoi seach (féach Tábla 1.2 agus Tábla 1.3).

1.3.3 Sonraí tánaisteacha

Baineadh leas, nuair ba chuí, as anailís a rinneadh ar shonraí an Daonáirimh, ar shonraí *Growing Up in Ireland* (GUI) agus as sonraí a bhaineann le Poblacht na hÉireann in *Post-Primary Longitudinal Study* (PPLS).[10] Ba é príomhaidhm an staidéir GUI ná léargas cuimsitheach a thabhairt ar shaol páistí in Éirinn agus ar a bhforbairt i dtimpeallacht shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha na linne seo. Staidéar fadaimseartha ar 8,568 páistí naoi mbliana d'aois atá ann, agus baineadh leas as an gcéad chéim de ar mhaithe leis an anailís sa tuarascáil seo. Tugtar le chéile ann faisnéis ó thuismitheoirí, ó phríomhoidí scoile, ó mhúinteoirí agus ó na páistí féin. Is ionann sin agus a rá go bhfuil faisnéis luachmhar chuimsitheach ann ar thimpeallacht bhaile na bpáistí, ar a dteaghlaigh, ar a scoil agus ar a dtaithí ar an bpróiseas scolaíochta. I gcomhair an staidéir seo, rinneadh anailís ar dhearcadh páistí i leith na Gaeilge i gcineálacha éagsúla bunscoile. Rinneadh scagadh freisin ar phróifíl na dtuismitheoirí a chláraíonn a gcuid páistí i nGaelscoileanna.

---

9 Is minic a bhíonn de thoradh ar an tsampláil bunaithe ar sheoltaí go mbíonn ró-ionadaíocht ag daoine a bhaineann le teaghlaigh líonmhara. Is é is cúis leis sin ná go bhfuil sé chomh dóchúil lena chéile go roghnófaí aon seoladh faoi leith, is cuma cá mhéad daoine fásta a chónaíonn ann.

10 Bíodh is go bhfuil tagairt i gCaibidil 3 do shuirbhé 2012 a rinne an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta i dTuaisceart Éireann, ní raibh na sonraí bunaidh ar fáil le haghaidh athanailíse.

Tábla 1.1: Comparáidí idir an Suirbhé Gaeilge 2001 (arna chur i gcrích ag Research and Evaluation Services) agus an Suirbhé Gaeilge 2013 (arna chur i gcrích ag Amárach Research).

	*Suirbhé Gaeilge 2001**	*Suirbhé Gaeilge 2013*
Áisíneacht i mbun taighde	Research and Evaluation Services.	Amárach Research, Baile Átha Cliath.
Obair Pháirce	PÉ agus TÉ: Research and Evaluation Services.	ROI: Amárach Research, Baile Átha Cliath. NI: Perceptive Insight Market Research, Béal Feirste
Modheolaíocht	Cainníochtúil. Suirbhé duine le duine i dteaghlach an fhreagróra. Sampláil randamach dóchúlacht-bhunaithe ar aosaigh.	Cainníochtúil. Suirbhé duine le duine i dteaghlach an fhreagróra. Sampláil randamach dóchúlacht-bhunaithe ar theaghlaigh.
Dátaí reáchtála	Samhain – Nollaig 2000	D. Fómhair – Samhain 2013
Fráma samplála deartha ag::	PÉ: Níl a fhios TÉ: Níl a fhios	PÉ: ITES (.i. ESRI sa Bhéarla) TÉ: NISRA
Foinsí don fhráma samplála:	PÉ: 2000 Clár na dToghthóirí. TÉ: 2000 Clár na dToghthóirí.	PÉ: GeoDirectory (liostáil chuimsitheach seoltaí). TÉ: POINTER (liostáil chuimsitheach seoltaí).
Méid an tsampla	PÉ: 1,000 TÉ: 1,000	PÉ: 1,215 TÉ: 1,045.
Ráta freagartha **	PÉ: 67% TÉ: 64%	PÉ: 73% TÉ: 63%
Ualú sampla	Níor cuireadh i bhfeidhm.	Níor cuireadh i bhfeidhm.
Clúdach daonra	Clúdach iomlán daonra, ceantair Ghaeltachta san áireamh.	Clúdach iomlán daonra, ceantair Ghaeltachta san áireamh.

Nóta: * Gach eolas faoi *An Suirbhé Gaeilge 2001* tógtha as tuairisc fhoilsithe (Foras na Gaeilge, 2001).
** Ráta freagartha bunaithe ar sheoltaí incháilithe i Suirbhé 2013. Níor bhain incháilitheacht seoltaí le hábhar in 2001 toisc gur dearadh an sampla bunaithe ar Chlár na dToghthóirí.

Cuireadh tuilleadh faisnéise ar fáil trí anailís a dhéanamh ar shonraí an PPLS,[11] staidéar a rinneadh i 12 scoil cás-staidéir. Cuireadh an chéad chéim den staidéar i gcrích i ndiaidh do dhaltaí sa Phoblacht aistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil. Leanadh na daltaí seo ar feadh an chuid eile dá dtréimhse scolaíochta. Bíodh is nach bhfuil Gaelscoileanna san áireamh sa staidéar seo, ligeann sé dúinn scagadh a dhéanamh ar dhearcadh daltaí i leith ábhair acadúla éagsúla, an Ghaeilge san áireamh. Ní raibh sonraí tánaisteacha maidir le scoileanna i dTuaisceart Éireann ar fáil, ach déantar tagairt don *Northern Ireland Key Stage 3 Cohort Study* , de réir mar is cuí. Dearadh an staidéar sin chun léargas a fháil ar dhearcadh daltaí san aoisghrúpa 11-14 i leith an churaclaim, agus ar dhearcadh na múinteoirí chomh maith.

11 Níl an sampla ionadaíoch ar an daonra.

TÁBLA 1.2 Próifíl na bhfreagróirí i bPoblacht na hÉireann

		Suirbhé Gaeilge 2001 %	*Suirbhé Gaeilge 2013 %*
Inscne:	Fireann	50	46
	Baineann	50	54
Aois:	18-24	21	9
	25-44	38	41
	45-64	32	31
	65-74	6	13
	75+	3	6
Contae ar fhás aníos ann:	PÉ	níl ar fáil	85
	Eile	níl ar fáil	15
Ceantar ar fhás aníos ann:	Ceantar Gaeltachta	níl ar fáil	3
	Ceantar Galltachta	níl ar fáil	97
Stádas gairme:	Ag Obair	60	50
	Dífhostaithe	2	0
	Mac Léinn	7	11
	Cúraimí Baile	20	5
	Éirithe As	8	14
	Gan bheith ábalta Obair	2	17
	Cuardach an 1ú Post	0	0
	Eile	1	2

TÁBLA 1.3 Próifíl na bhfreagróirí i dTuaisceart Éireann

		Suirbhé Gaeilge 2001 %	*Suirbhé Gaeilge 2013 %*
Inscne:	Fireann	46	44
	Baineann	54	56
Aois:	18-24	19	8
	25-44	38	31
	45-64	26	36
	65-74	10	16
	75+	7	10
Contae ar fhás aníos ann:	TÉ	níl ar fáil	90
	Eile	níl ar fáil	10
Creideamh:	Caitliceach	32	41
	Protastúnach	57	36
	Eile/gan chreideamh	11	23
Stádas gairme:	Ag Obair	níl ar fáil	47
	Dífhostaithe	níl ar fáil	10
	Mac Léinn	níl ar fáil	3
	Cúraimí Baile	níl ar fáil	7
	Éirithe As	níl ar fáil	28
	Gan bheith Ábalta Obair	níl ar fáil	5
	Ag lorg an 1ú Post	níl ar fáil	0
	Eile	níl ar fáil	0

1.4 LÉIRBHREITHNIÚ AR AN LITRÍOCHT

1.4.1 Caomhnú agus Cothú Teangacha Mionlaigh

De réir mar a mhéadaíonn ar imní daoine go gcaillfear roinnt teangacha mionlaigh agus go lagófar éagsúlacht teanga an domhain, tá níos mó taighde á dhéanamh ar mharthanas agus ar chothú teangacha mionlaigh (O'Rourke, 2005; Janjua, 2011). Meastar go mbeidh líon suntasach de theangacha an domhain marbh faoi dheireadh na haoise seo (Evans, 2010, lch. xviii). Bíonn ról ríthábhachtach ag dearcadh grúpaí ceannasacha i gcosaint agus in athbheochan teangacha mionlaigh agus cabhraíonn siad le hiarrachtaí an teanga a thabhairt slán. De réir thuarascáil UNESCO (2003) bíonn teanga i mbaol 'nuair a éiríonn cainteoirí as í a úsáid, nuair a laghdaítear de réir a chéile ar na réimsí cumarsáide ina n-úsáideann siad í, nuair a stadann siad den teanga a sheachadadh ó ghlúin go glúin. Sa chás sin, ní bhíonn aon chainteoirí nua ann, bíodh siad ina ndaoine fásta nó ina bpáistí' (ibid., lch. 2). Corruair, cuirtear teangacha i mbaol mar gheall ar thosca seachtracha ach oiread le tosca inmheánacha. Faigheann teangacha bás mar gheall ar thosca polaitiúla, reiligiúnacha nó cultúrtha; nó de bharr dearcadh diúltach a bheith i measc an phobail i leith teangacha áirithe ar shlí a bhacann ar dhaoine iad a úsáid. Bíonn tionchar diúltach ag an dá chineál tosca ar sheachadadh traidisiúin teanga agus chultúir ó ghlúin go glúin (Shohamy, 2006).

Gnó casta is ea 'teangacha mionlaigh' a shainmhíniú. Sainmhíniú amháin ná 'teangacha a bhíonn á n-úsáid go traidisiúnta laistigh de chríocha stáit ag náisiúnaigh de chuid an stáit sin a bhaineann le grúpa nach bhfuil chomh líonmhar leis an gcuid eile de dhaonra an stáit. Is teangacha iad atá difriúil ó theanga(cha) oifigiúil (oifigiúla) an stáit.' (Thornberry et al., 2004, lch 141). In *An Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh*, sainmhínítear iad mar seo: 'iad siúd a úsáidtear go traidisiúnta ag cuid de dhaonra stáit faoi leith agus nach canúintí de theanga oifigiúil de chuid an stáit sin iad ná teangacha lucht imirce ná teanga a cruthaíodh go saorga' (Comhairle na hEorpa, 2014). Is féidir freisin dealú idir teangacha mionlaigh agus teangacha neamhchríochúla'. Is mar seo a shainmhínítear an dara cineál:

> *teangacha a úsáideann náisiúnaigh den stát sin nach ionann agus an teanga nó na teangacha a úsáideann an chuid eile de phobail an stáit ach, cé go n-úsáidtear go traidisiúnta ar chríoch an stáit, nach féidir a cheangal le limistéar ar leith (ibid.).*

Éiríonn an scéal níos casta fós nuair a chuimhnítear go bhfuil teangacha ann a bhfuil stádas oifigiúil (nó comhoifigiúil) acu i dtíortha áirithe gan an stádas sin a bheith acu i dtíortha eile. D'fhéadfadh méid an phobail mhionteanga (i.e. líon na gcainteoirí) a bheith difriúil ó thír go chéile (Dooly et al., 2009). Déantar teangacha mionlaigh a chatagóiriú mar theangacha críochúla nó neamhchríochúla (m.sh. an pobal Romach), náisiúnta nó trasnáisiúnta (m.sh. an Chatalóinis, an Bhascais, an Bhriotáinis), stairiúil nó nua (m.sh. teangacha lucht imirce nó teangacha oidhreachta) (ibid.). Cás thar a bheith spéisiúil is ea cás na Gaeilge, ó tharla í

a bheith ina céad teanga oifigiúil i bPoblacht na hÉireann, bíodh is nach labhraíonn ach mionlach sa dlínse í. Is toradh é sin ar bheartais atá i bhfeidhm ó bhunú an Stáit a bhfuil sé d'aidhm acu an teanga a chaomhnú sa Ghaeltacht agus a hathbheochan a spreagadh ar fud na dlínse (Ó Riagáin, 1997). Tá stádas teanga mhionlaigh ag an teanga i dTuaisceart Éireann, áit a mbíonn sí á labhairt ag líon cuibheasach beag daoine.

Bíonn caomhnú agus cothú teangacha mionlaigh ag brath ar an stádas a bhronnann an pobal ceannasach orthu agus dearcadh an phobail ina leith (Fesl, 1985). Sna hailt seo a leanas, pléitear na tosca éagsúla a mbíonn tionchar acu ar chaomhnú teangacha mionlaigh.

1.4.2 Dearcadh Teanga

Gné thábhachtach den fhéiniúlacht ghrúpa is ea teanga (féach Cavallaro, 2005; Fought, 2006). Is gnách gurb iad dearcadh agus gníomhartha an ghrúpa tromlaigh a chinneann áit na teanga sa tsochaí agus a chinneann treo pé athrú teanga a tharlódh sa phobal (Bissoonauth, 2011). Tá athrú nach beag tagtha ar thuiscintí maidir le teangacha agus dearcadh daoine i leith teangacha. De réir an chur chuige iomprachais a bhí i dtreis roimh na 1960í, measadh gur 'iompar' a bhí i dteanga seachas gníomhaíocht chognaíoch nó mheabhrach. Léirigh saothar Lambert agus a chomhghleacaithe in 1960 mar is féidir peirspictíochtaí i leith teangacha a athrú de bharr dearcadh oscailte nó dearcadh ceilte. Is é an sainmhíniú a thug Fishbein agus Ajzen (1975) ar cad is 'dearcadh' ann ná 'a learned predisposition to respond in a consistently favourable or unfavourable manner with respect to a given object' (ibid., p. 6). Lena rá ar shlí eile, ní feiniméan inbheirthe é dearcadh ach rud a fhaightear trí phróiseas sóisialaithe a thosaíonn go luath in aois an pháiste. Ní hamháin go bhféadann dearcadh a bheith dearfach nó diúltach, is amhlaidh a fhéadann sé a bheith ionstraimeach nó imeascthach freisin. De réir Gardner agus Lambert (1972) bíonn dearcadh ionstraimeach ag an té ar mian leis an teanga a fhoghlaim toisc go bhfuil spéis aige ann ach atá ag iarraidh aitheantas nó stádas sóisialta nó sochair eile a bhaint amach freisin. Bíonn dearcadh imeascthach ag an té atá ag iarraidh imeascadh i bpobal teanga eile, mar shampla, pobal a labhraíonn teanga faoi leith. Seans go dtuairisceodh foghlaimeoirí meascán de dhearcadh ionstraimeach agus de dhearcadh imeascthach nuair a dhéantar a ndearcadh a fhiosrú. (Gardner, 1985; Baker, 1992). Mhol Cargile et al. (1994), tíopeolaíocht eile maidir le dearcadh teanga. Dá réir seo, tá trí ghné sa dearcadh teanga: tá sé cognaíoch 'in that attitudes comprise 'beliefs about the world,' tá sé mothachtálach sa mhéid is gurb é is damhna dó ná 'feelings about an attitude object,' agus iompraíoch sa mhéid is 'they encourage certain actions'' (ibid., p. 221). Bíonn tionchar ag eispéiris an duine ar a d(h)earcadh (Mamun et al., 2012), agus tá ceangal idir eispéiris dhearfacha agus dearcadh dearfach i leith na teanga.

Bíonn tionchar láidir ag tosca socheacnamaíocha ar theangacha. I gcás go samhlaítear cumhacht eacnamaíoch agus pholaitiúil na tíre le grúpa ceannasach amháin, is dócha go lagófar ról pé teangacha a bheadh á labhairt ag grúpaí eile (O'Rourke, 2011b). Maíonn an t-údar sin 'the rise or decline of any language cannot be seen as a 'natural' phenomenon that occurs without human or social agency' (ibid., p. 35). Lena rá ar shlí eile, bíonn tionchar ag staid shóisialta na ngrúpaí teanga éagsúla ar dhearcadh daoine i leith teangacha mionlaigh. Má mheastar nach bhfuil tábhacht i dteangacha mionlaigh, beidh tionchar dá réir sin ar dhearcadh an phobail ina leith (Das, 2004). Maíonn O'Rourke (2011a) agus Baker (1992) go bhfuil dearcadh ina threoir níos iontaofa ar 'rath' teanga sa todhchaí ná mar atá iompar in aon am faoi leith agus gur féidir dearcadh teanga a úsáid chun iompar teanga a mhíniú agus a thuar.

1.4.3 Tosca a Imríonn Tionchar ar Chaomhnú agus ar Chothú Teangacha Mionlaigh

D'fhonn teangacha mionlaigh a chaomhnú agus a chothú, faoi mar a pléadh in Alt 1.4.1, tá roinnt tíortha i ndiaidh beartais teanga faoi leith a chur i bhfeidhm chun go mairfidh na teangacha neamhfhorleathana beo ina gceantair dhlínse féin. Is féidir beartas teanga a shainmhíniú mar seo: sraitheanna beart a dtugann tíortha fúthu chun úsáid teanga laistigh de chríocha an stáit a rialú. Chun go mbeidh na bearta sin éifeachtach, ní mór dealú go soiléir idir teangacha stáit, teangacha oifigiúla, teangacha náisiúnta agus teanga réigiúnacha nó mionlaigh agus na sainróil shóisialta atá acu a shainmhíniú (Das, 2004; Mar-Molinero 2000). Baintear úsáid as beartais teanga chun grúpaí mionlaigh a imeascadh freisin. Cuir i gcás, thuairiscigh Hogan-Brun agus Ramoniene (2005) go ndearna beartais teanga agus saoránachta an stáit sa Liotuáin dearcadh daoine sna pobail mhionlaigh (a labhraíonn a bhformhór Rúisis) a athrú sa chaoi is go raibh fonn orthu teanga an stáit (an Liotuáinis) a fhoghlaim agus imeascadh sa tsochaí. Leag Vigers (2012) béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh tuilleadh solúbthachta agus éagsúlachta sa phróiseas déanta beartais maidir le teangacha mionlaigh. Maíonn an t-údar sin go gcaithfear an éagsúlacht fhoriomlán teanga sa dlínse a chur san áireamh i mbeartas ar bith atá ceaptha chun teangacha réigiúnacha nó mionlaigh a chaomhnú agus a athbheochan: teangacha lucht imirce san áireamh. Ní mór freisin cuimhneamh ar stádas na dteangacha sna dlínsí sin ina bhfuil níos mó ná teanga oifigiúil amháin; bíodh is gur tionscnaíodh beartais dátheangachais ina lán acu, is gnách go mbíonn stádas níos airde ag teanga amháin seachas a chéile (Hornberger agus Skilton-Sylvester, 2000).

Ní bhíonn beartais an stáit éifeachtach gan tacaíocht agus gníomhaíocht an phobail. Léiríonn taighde go mbíonn tionchar ag gréasáin phobail agus shóisialta ar úsáid teanga i dteaghlaigh ilteangacha (Milroy, 1987; Stoessel, 2002). Bíonn foghlaim teanga agus dearcadh teanga fréamhaithe go daingean i saol an teaghlaigh (Hull agus Schultz, 2002; Li, 2006). Tá a leithéid de rud ann agus caipiteal cultúrtha – mar shampla na tuismitheoirí a bheith páirteach i bhfoghlaim an pháiste sa bhaile – agus éascaíonn sé seachadadh dearcadh agus meoin. Rinne Gardner (1985) dealú idir an ról gníomhach agus an ról

fulangach a imríonn tuismitheoirí maidir le foghlaim teangacha. Sa ról gníomhach, tugann na tuismitheoirí spreagadh don pháiste chun go n-éireoidh leis/léi, déanann siad dul chun cinn a mhonatóiriú agus, nuair a bhíonn rath ar an bhfoghlaim, déanann siad é a dhaingniú (féadann an ról gníomhach a bheith diúltach chomh maith, mar shampla a thabhairt le fios nach bhfuil teangacha chomh tábhachtach le hábhair léinn eile). Sa ról fulangach, léiríonn na tuismitheoirí dearcadh diúltach i leith an phobail dara teanga. De réir Gardner, is é dearcadh na dtuismitheoirí i leith an phobail teanga an rud is mó a fhanann i gcuimhne a gcuid páistí nuair a chuimhníonn siad ar an spreagadh a thug na tuismitheoirí dóibh teanga a fhoghlaim nó a choinneáil beo. Maíonn Romaine (2006) go gcaithfimid tuiscint a bheith againn ar dhinimic an teaghlaigh maidir le seachadadh agus caomhnú teangacha agus freisin ar ról an phobail agus institiúidí san obair sin. Gné eile den scéal ná na deiseanna a bhíonn ann chun an teanga a labhairt i measc an phobail. Rinne Jones agus Morris (2007) scrúdú ar nósanna teanga i measc ógánach sa Bhreatain Bheag a bhfuil cónaí orthu i gceantair ina bhfuil an Béarla i dtreis i measc a bpiarghrúpaí. Fuarthas amach nach mbíonn na hógánaigh sin rómhuiníneach agus iad ag úsáid a máthairteanga ar ócáidí sóisialta lasmuigh dá mbaile.

Rinneadh an-chuid taighde teangeolaíochta a dhíriú ar an dealú idir an spreagadh ionstraimeach agus an spreagadh imeascthach; spéis sa teanga atá i dtreis sa chéad cheann fad is gur cuspóir fóntaíoch a bhíonn i gceist leis an dara ceann, agus an foghlaimeoir ag iarraidh saol níos fearr a chruthú. Mar shampla, i gcás na Gearmáinise agus na Dúitsise, thuairiscigh Clyne (1985) go bhfuil a stádas mar ábhar scrúdaithe agus/nó scoile ar cheann de na tosca is tábhachtaí ina gcothú.

1.4.4 Taighde in Éirinn

I gcaitheamh na mblianta, tá corpas suntasach taighde curtha i gcrích maidir le dálaí na Gaeilge in Éirinn. Bíonn roinnt mhaith de na staidéir sin ag tarraingt ar shraith suirbhéanna a rinneadh ar dhearcadh sóisialta agus ar iompar an phobail i gcoitinne. Ar an mórgóir, is dearcadh dearfach i leith na Gaeilge a léirítear sna suirbhéanna a rinneadh sa Phoblacht, bíodh is go bhfuil an teanga á labhairt ag mionlach sa dlínse. Is é an t-ábhar is tábhachtaí ar fad, b'fhéidir, ná an corpas suirbhéanna a thosaigh an Coiste um Thaighde ar Dhearcadh an Phobail i dTaobh na Gaeilge in 1973. D'fhoilsigh siad na chéad torthaí in 1975, agus lean Institiúid Teangeolaíochta Éireann (Ó Riagáin, 1984, 1994) den obair in 1983 agus 1993. In 2001, choimisiúnaigh Foras na Gaeilge an chéad suirbhé uile-oileáin i leith na Gaeilge. Féachadh le comhleanúnachas éigin a bheith ann idir seo agus suirbhéanna eile a rinneadh sa Phoblacht.[12] Ba é an tOllamh Pádraig Ó Riagáin (a bhí in Institiúid Teangeolaíochta Éireann san am agus a chuaigh go Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ina dhiaidh sin) a d'ullmhaigh ceistneoir 2001 ar son Fhoras na Gaeilge.

[12] Tá cur síos agus anailís ar an taighde seo le fáil in Ó Riagáin, P. (1997) *Language Policy and Social Reproduction: Ireland 1893-1993*. Oxford University Press: Oxford.

Tá roinnt staidéar curtha i gcrích a bhí dírithe ar chothú na Gaeilge. Léirigh staidéar le Mac Gréil agus Rhatigan (2009) gur mhian le 40 faoin gcéad d'fhreagróirí a rugadh in Éirinn go ndéanfaí an Ghaeilge a athbheochan. Ba mhian le breis agus 50 faoin gcéad í a chaomhnú. I staidéar comparáideach a rinneadh idir an Ghaeilge agus an Ghailísis (O'Rourke 2005, 2011b) fuarthas amach gurbh ann do 'mismatch between attitudes and use' i leith an dá theanga. Tháinig paradacsa suimiúil chun solais sa staidéar seo; bíodh is go mbíonn meon dearfach, den chuid is mó, ag daoine i leith a dteangacha féin mar chomhartha féiniúlachta, ní mheasann siad í a bheith riachtanach chun an cultúr a bhaineann léi a thuiscint. Tagann difríochtaí aoise i gceist i ndearcadh teanga chomh maith: meon dearfach, den chuid is mó, a léirítear i suirbhéanna ar dhaoine fásta (18+) ach nuair a rinne Walsh (2011) taighde i measc daltaí Idirbhliana, níor mhaígh ach 22 faoin gcéad de na daltaí go raibh rún láidir acu an teanga a fhoghlaim. 14 faoin gcéad a dúirt go raibh suim mhór acu sa teanga. Tá an chuma air go bhfuil ceangal idir na freagraí sin agus dearcadh na ndaltaí faoi cé chomh húsáideach is atá an Ghaeilge, agus bhí a lán de na daltaí in amhras faoi thábhacht na teanga ina saol amach anseo. Rud eile a mbíonn tionchar aige ar úsáid na Gaeilge i measc daoine óga, agus ar a ndearcadh i leith na teanga, ná deiseanna a bheith ann chun í úsáid lasmuigh den scoil. Rinne Ó Riagáin et al. (2008) scagadh ar an tionchar sochtheangeolaíoch a bhí ag gníomhaíochtaí iarscoile ar ógánaigh a bhí ag freastal ar iar-bhunscoileanna. I gcás fhormhór na ndaltaí nach as an nGaeltacht iad, fuair na húdair amach go n-éiríonn siad as an nGaeilge a úsáid i ndiaidh dóibh an scoil a fhágáil. Mhaígh na húdair go mbaineann páistí líofacht dhóthanach amach sa scoil ach gur beag úsáid a bhaintear as an teanga sa saol sóisialta lasmuigh den scoil. Léirigh an staidéar gur ó theaghlaigh ina labhraítear an Ghaeilge sa bhaile a thagann formhór na ndaltaí sin a úsáideann an teanga sa bhaile agus lasmuigh den bhaile. Anuas air sin, is daltaí a bhfuil ardleibhéil oideachais ag a dtuismitheoirí, agus a bhfuil meon uaillmhianach acu maidir lena saol oibre féin, is mó a úsáideann an Ghaeilge lasmuigh den scoil.

Ceann de na tosca is tábhachtaí a mbíonn tionchar acu ar chumas Gaeilge agus ar dhearcadh daoine i leith na teanga sa Ghaeltacht ná éagsúlacht an daonra ann. Rinne Ó Giollagáin (2007) cur síos ar cé chomh casta is atá struchtúr daonra Ghaeltacht Ráth Chairn i gCo. Na Mí. Líofacht cainteoirí dúchais atá ag na cohóirt is sine, fad is atá leibhéal dátheangachais bainte amach ag formhór na ndaoine óga in aois scoile a chuireann ar a gcumas páirt a ghlacadh sa saol sóisialta i nGaeilge. Thug Ó hIfearnáin (2013) cuntas ar an dearcadh casta a bhíonn ag cainteoirí Gaeilge sa Ghaeltacht ar sheachadadh na teanga ó ghlúin go glúin. Tá teaghlaigh ann a dhéanann é d'aon turas, fad is go mbíonn dearcadh níos scaoilte ag teaghlaigh eile. Bhí líofacht na dtuismitheoirí féin i gceist; bhí ardleibhéil líofachta ag tromlach suntasach de na rannpháirtithe sin a raibh a dtuismitheoirí féin líofa sa Ghaeilge. Maíonn Ó Riagáin (1997) gurb iad na príomhthosca a chinneann dhátheangachas na bpáistí sa bhaile ná acmhainní teanga a bheith ar fáil agus meon na dtuismitheoirí i leith na Gaeilge. Má tá na tuismitheoirí, nó duine amháin acu, lag sa Ghaeilge, is mó seans gurb é an Béarla a bheith mar theanga an teaghlaigh. Fuair sé amach fosta nach i gcónaí a labhraíonn beirt chainteoirí dúchais Gaeilge lena chéile, ná lena

bpáistí ach oiread. Leag Ó hIfearnáin (2013) béim ar an ról a bhíonn ag tionscnaimh phobail maidir le cothú teanga de. Sampla de sin is ea an tionscnamh *TúsMaith*, atá á reáchtáil ag máithreacha a labhraíonn Gaeilge agus a thóg a gcuid páistí féin le Gaeilge. Téitear amach ar cuairt chuig teaghlaigh a mbaineann deacrachtaí dóibh agus iad ag tógáil na bpáistí le Gaeilge agus tugtar cúnamh agus comhairle dóibh. Is é a deir an t-údar

> *in contemporary society a more effective strategy [as opposed to immersion] is to persuade Irish speakers to maintain their language through their own participation in language policy formation than to coerce them to do so.*

Bíodh is go ndearna na staidéir seo scagadh ar ghnéithe éagsúla d'úsáid na Gaeilge, is beag ár n-eolas maidir leis an nasc idir dearcadh daoine fásta ar oileán na hÉireann i leith na Gaeilge agus an úsáid a bhaineann siad as an teanga. Líonann an tuarascáil seo an bhearna taighde sin agus scrúdaíonn na tosca a bhaineann le húsáid na Gaeilge agus dearcadh daoine faoina bhfuil i ndán don teanga.

1.5 STRUCTÚR NA TUARASCÁLA

Tá an tuarascáil leagtha amach mar seo a leanas: díríonn Caibidlí a Dó agus a Trí ar an nGaeilge i bPoblacht agus i dTuaisceart Éireann. Tugtar forbhreathnú stairiúil, chomh maith le cuntas ar bheartas, ar reachtaíocht agus ar thionscnaimh teanga atá ar siúl faoi láthair. I gCaibidil a Ceathair, tugtar léargas ar roinnt dlínsí cás-staidéir (Albain, an Bhreatain Bheag, an Chatalóin agus an Fhreaslainn san Ísiltír). Cuirtear torthaí an taighde i láthair i gCaibidlí a Cúig, a Sé agus a Seacht. Tá fócas faoi leith ar áit na Gaeilge i gcórais oideachais an dá dhlínse; líofacht agus úsáid na Gaeilge i measc daoine fásta inniu; dearcadh i leith na Gaeilge agus mar a shamhlaítear todhchaí na teanga. Cuirtear deireadh leis an tuarascáil i gCaibidil a hOcht, mar a gcuirtear na tátail agus na himpleachtaí beartais i láthair.

Caibidil 2

An Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann

2.1 INTREOIR

Tá dhá theanga oifigiúla i bPoblacht na hÉireann: an Ghaeilge agus an Béarla. Is í an Ghaeilge céad teanga oifigiúil na hÉireann agus is teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh í. Bíodh sin mar atá, is é an Béarla máthairtheanga fhormhór an daonra. Cé go raibh sé d'aidhm ag Stát na hÉireann an dátheangachas a chur chun cinn in Éirinn (Ó Laoire, 2005) níl ach beagán cainteoirí gníomhacha Gaeilge ann lasmuigh den Ghaeltacht. Anuas air sin, tá líon na gcainteoirí gníomhacha sa Ghaeltachta ag laghdú freisin (Ó Giollagáin agus Charlton, 2015). I dtreo dheireadh an 20ú haois, is tuilleadh meatha a bhí á thuar ag a lán údar (féach Hindley, 1990). Ina ainneoin sin, d'fhan céatadáin cainteoirí Gaeilge mórán mar a bhí. Ar na tosca a raibh tionchar acu ar líon na gcainteoirí cumasacha Gaeilge bhí cealú na rialachán a chuir iallach ar státseirbhísigh a bheith líofa sa Ghaeilge agus easpa deiseanna fónta chun an teanga a úsáid lasmuigh de na scoileanna, de dheasca cainteoirí Gaeilge a bheith scaipthe i measc an chuid eile den daonra (Ó Riagáin, 1997). Is é dúshlán lucht páirte na teanga na tosca sin a shárú.

2.2 FORBHREATHNÚ STAIRIÚIL AGUS AN SCÉAL MAR ATÁ

Ó thaobh na staire de, ba í an Ghaeilge an teanga a bhí á labhairt in oileán na hÉireann. Luaigh Carnie (1995) mar a cuireadh cosc ar an nGaeilge sa chóras cúirteanna agus i gcúrsaí tráchtála sa 14ú haois (Reachtanna Chill Chainnigh, 1366). Ón 16ú hAois ar aghaidh, ar aon uain leis na chéad phlandálacha, ba é an Béarla an teanga a bhí i dtreis i measc mhuintir na hÉireann. Ceapadh beartas na Sasanach chun tabhairt ar Éireannaigh tiontú ar an mBéarla. Ba mhór an dochar a rinne riail na Breataine, an Gorta Mór agus an imirce do dhaonra na tuaithe, a mbíodh Gaeilge á labhairt ag a bhformhór. Choisc na Péindlíthe ar pháistí Caitliceacha freastal ar scoil.[13] Rinne na Scoileanna Náisiúnta (bunscoileanna) a bunaíodh sna 1830í úsáid an Bhéarla a dhaingniú i measc daltaí sna ceantair Ghaeltachta; ghearrtaí pionós orthu siúd nach labhródh Béarla. Ar éigean is gá a rá gur dheacair an Ghaeilge a úsáid nó a chur chun cinn le linn na tréimhse seo (Hickey, 2008). De réir a chéile, rinneadh teanga mhionlaigh den Ghaeilge, a bhí seal in uachtar i measc mhuintir na hÉireann; thiontaigh sciar mór den phobal ó Ghaeilge go Béarla chun a seasamh i sochaí na hÉireann a ardú agus chun deiseanna oideachais a thapú (Hickey, 2008; Ó Cuív, 1966). In ainneoin meath chomh mór a bheith tagtha ar an nGaeilge, rinneadh corriarracht chun í a chur chun

[13] Rinne an pobal Caitliceach 'Scoileanna Scairte' a bhunú chun teacht timpeall ar leatrom na bPéindlíthe a choisc orthu oideachas de réir a gcreidimh féin a chur ar a gcuid páistí. Bíodh sin mar atá, ba é Béarla an meán teagaisc i bhformhór na scoileanna sin (Coleman, 2010).

cinn. Cuir i gcás, bunaíodh Cumann Buan-Choimeádta na Gaeilge in 1876 agus é d'aidhm aige aitheantas a bhaint amach don Ghaeilge ag gach leibhéal den chóras oideachais (Mac Gréil agus Rhatigan, 2009). In 1893 a bunaíodh Conradh na Gaeilge, eagraíocht a mbeadh ról lárnach aici maidir le beartas ar son na Gaeilge a fhorbairt. Ba é príomhchuspóir na heagraíochta ná an Ghaeilge a athréimniú. Ba mar gheall ar an athbheochan seo a tharla i dtús an fichiú haois, agus na foilseacháin a tháinig dá bharr, a rinneadh an teanga scríofa a chaighdeánú (Ó Baoill, 1988; Ó Riain, 1994). Cuid mhór díobh siúd a bhí ar son athbheochan na Gaeilge, ba de theaghlaigh Angla-Éireannacha iad (Pritchard, 2004).

In 1922, bunaíodh Saorstát Éireann, agus roghnaíodh an Ghaeilge mar theanga oifigiúil, mar aon leis an mBéarla.[14] Rinneadh ábhar éigeantach den Ghaeilge sna Scrúduithe Idirmheánacha in 1928 agus san Ardteistiméireacht in 1934. Leasaíodh an Bunreacht in 1937, gur ainmníodh an Ghaeilge mar 'céad teanga oifigiúil' ó tharla gurb í 'an teanga náisiúnta' í, fad is a aithníodh an Béarla mar 'dara teanga oifigiúil' (féach Airteagal 8 de *Bunreacht na hÉireann*).[15] Ba ábhar éigeantach í an Ghaeilge le haghaidh fostaíochta san earnáil phoiblí go dtí an bhliain 1974. In 1993 foilsíodh treoirlínte rialtais maidir le seirbhísí a sholáthar i nGaeilge. Ritheadh *Acht na dTeangacha Oifigiúla* in 2003 chun bonn reachtúil a chur faoi sholáthar seirbhísí i nGaeilge. Thug na beartais seo cosaint reachtaíochta don Ghaeilge.

Inniu, is mionlach beag de dhaonra na hÉireann a labhraíonn an Ghaeilge mar phríomhtheanga agus is ar feadh chósta thiar na hÉireann atá an chuid is mó díobh ina gcónaí. De réir Dhaonáireamh 2011, thuairiscigh 1.77 milliún duine (41 faoin gcéad den daonra) go bhfuil Gaeilge acu (méadú 7 faoin gcéad ar fhigiúr 2006). Mar sin féin, ní léir cén bhrí is féidir a bhaint as sin nuair is freagra é ar cheist amháin: 'An féidir leat Gaeilge a labhairt?' As an 1.77 milliún a mhaígh go bhfuil siad in ann an teanga a labhairt, thuairiscigh 77,185 díobh go ndéanann siad sin go laethúil lasmuigh den chóras oideachais. Nuair a dhéantar miondealú de réir aoise, faightear amach go maíonn duine as gach triúr san aoisghrúpa óna deich go dtí a naoi déag nach féidir leo an Ghaeilge a labhairt (in ainneoin an Ghaeilge a bheith ar cheann de na croí-ábhair scoile). I suirbhé a rinneadh in 2009, léiríodh ardleibhéil tacaíochta don Ghaeilge (féach Mac Gréil agus Rhatigan, 2009). Nochtann an staidéar reatha seo an mhíréir idir an líon ard daoine a mhaíonn go bhfuil Gaeilge acu agus an líon a labhraíonn go laethúil í. Má mhaíonn daoine Gaeilge a bheith acu, seans gur léiriú atá ann ar an tábhacht a shamhlaítear leis an teanga mar ghné dár bhféiniúlacht náisiúnta (Hickey, 2008).

---

14 Féach Airteagal 4 de *Bunreacht Shaorstát Éireann (1922)* atá ar fáil ag: www.irishstatutebook.ie/1922/en/act/pub/0001/print.html

15 *Bunreacht na hÉireann 1937*, Airteagal 8, ar fáil ag: www.irishstatutebook.ie/en/constitution

Tá ceantair Ghaeltachta i seacht gcontae ar fad (Dún na nGall, Maigh Eo, Gaillimh, Ciarraí, Corcaigh, Port Láirge agus an Mhí). Tá an chuma air go bhfuil laghdú ag teacht ar líon na ndaoine sna ceantair Ghaeltachta a mhaíonn go labhraíonn siad Gaeilge go laethúil. In 2002 thuairiscigh Coimisiún rialtais nach bhfuil ach 18 dtoghroinn amach as 154 toghroinn Ghaeltachta ina mbíonn an Ghaeilge á labhairt go laethúil ag líon os cionn 75 faoin gcéad den phobal (Ó Giollagáin, et al., 2007). Léirigh figiúirí Dhaonáireamh 2011 gur méadaíodh faoi 5 faoin gcéad ar dhaonra iomlán na gceantar seo, agus go maíonn 69 faoin gcéad den daonra go bhfuil Gaeilge acu. Bíodh sin mar atá, níl ach 24 faoin gcéad ann a mhaíonn go labhraíonn siad gach uile lá í lasmuigh den chóras oideachais.[16] Más paradacsa féin é, is féidir a mhaíomh gur sa Ghaeltacht, thar áit ar bith eile sa Phoblacht, atá an Ghaeilge i mbaol. Rinneadh suirbhé teangeolaíoch in 2007 –anailís ar sonraí Daonáirimh a bhí ann go príomha – a nocht na laigí straitéiseacha i struchtúr déimeagrafach phobal labhartha na teanga, cuir i gcás an líon daoine arb í an Ghaeilge a bpríomhtheanga. Anuas air sin, is é an Béarla an phríomhtheanga atá ag a lán daoine óga sa Ghaeltacht inniu (Ó Giollagáin et al., 2007; Mac Donnacha et al., 2005). D'éirigh conspóid mar gheall ar staidéar leantach (Ó Giollagáin 2015)[17] fiú sular foilsíodh é; chuir Údarás na Gaeltachta agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus na Gaeltachta a míshásamh in iúl faoi shraith moltaí a chuir na húdair leis an tuarascáil d'fhonn dul i ngleic le staid na teanga sa Ghaeltacht.

2.3 BEARTAS AGUS REACHTAÍOCHT

In 2003, ritheadh *Acht na dTeangacha Oifigiúla*, d'fhonn bonn a chur faoi stádas bunreachta na Gaeilge mar chéad teanga oifigiúil. Ba de thoradh an Achta a bunaíodh oifig an Choimisinéara Teanga. In 2006 d'eisigh an Rialtas *Ráiteas i leith na Gaeilge 2006* inar dhearbhaigh sé a thacaíocht d'fhorbairt agus do chaomhnú na Gaeilge agus na Gaeltachta. In 2007, aithníodh an Ghaeilge mar theanga oibre oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh. In 2010 chomhaontaigh an Rialtas *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge*. Is é aidhm na straitéise ná líon na ndaoine a úsáideann an Ghaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais a mhéadú go 250,000 i gcaitheamh 20 bliain.[18] Tá 13 sprioc luaite sa Straitéis, lena n-áirítear seirbhísí a sholáthar do thuismitheoirí ar mian leo a gcuid páistí a thógáil le Gaeilge agus leanúint de sheirbhís chraoltóireachta ardchaighdeáin a sholáthar (féach Ó Cuirreáin, 2008; Rialtas na hÉireann, 2010).

---

16 Is méadú 3 faoin gcéad é sin ó 2006.

17 Bíodh sin mar atá, fógraíodh maolú cúig bliana ar an stádas sin go dtí deireadh 2011, agus arís ina dhiaidh sin go dtí 2016. Is é an toradh atá air nach gcaithfidh gach doiciméad dlí a aistrítear isteach sna teangacha oifigiúla eile a chur ar fáil i nGaeilge. I dtuarascáil a d'eisigh Roinn an Taoisigh i dtaobh dul chun cinn na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge (Iúil 2013 – Meán Fómhair 2014), maíodh: 'Tá an Roinn, i gcomhar leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, i mbun plé le páirtithe leasmhara éagsúla, institiúidí an AE ina measc, chun moltaí sonracha a cheapadh maidir leis an gcur chuige is fearr don todhchaí i leith maolú na Gaeilge in institiúidí an AE.'
http://www.taoiseach.gov.ie/eng/Irish_Language_Policy/Tuarasc%C3%A1il_2014_DAHG.pdf

18 Fuarthas locht ar an straitéis ar an ábhar nach bhfuil fócas láidir ann ar fheidhmiú na mbeartas agus na gcleachtas atá molta ann.

Is é na haidhmeanna atá le beartas an Rialtais:

- cur le méid na dteaghlach ar fud na tíre a bhaineann úsáid as an nGaeilge mar theanga chumarsáide laethúil;
- tacaíocht theangeolaíoch a sholáthar don Ghaeltacht mar phobal labhartha Gaeilge a thugann aitheantas do shainriachtanais na gceantar sin ina bhfuil an Ghaeilge mar theanga phobail agus theaghlaigh;
- a chinntiú chomh fada agus is féidir go mbeidh úsáid na Gaeilge nó an Bhéarla mar rogha ag an saoránach i ndioscúrsa poiblí agus i seirbhísí poiblí agus de réir a chéile go ndéanfaidh níos mó daoine ar fud an Stáit cinneadh a ngnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge; agus
- a chinntiú go mbeidh an Ghaeilge níos infheicthe sa tsochaí againn, mar theanga labhartha ag ár gcuid saoránach mar aon le bheith le feiceáil ar chomharthaí agus i litríocht. (Rialtas na hÉireann, 2010).

I dtaca le forbairt agus caomhnú na Gaeilge agus na Gaeltachta, leagadh síos 13 chuspóir beartais:

Cuspóir 1: Seasfar leis an stádas faoi leith atá ag an nGaeilge sa Bhunreacht agus i ndlíthe na tíre ar nós *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003*, *An tAcht Oideachais 1998*, *An tAcht um Phleanáil agus Forbairt 2000* agus *An tAcht um Chraolacháin 2001*.

Cuspóir 2: Cuirfear *Acht na dTeangacha Oifigiúla* i bhfeidhm go hiomlán. Forbrófar cearta an phobail an Ghaeilge a úsáid agus iad ag plé leis an Stát agus le dreamanna eile agus déanfar socruithe cuí chun é seo a chur i bhfeidhm.

Cuspóir 3: Tabharfar spreagadh agus tacaíocht do phobal na Gaeilge sa Ghaeltacht agus lasmuigh de, an Ghaeilge a thabhairt don chéad ghlúin eile mar theanga teaghlaigh. Chuige sin, cuirfear réimse leathan seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge.

Cuspóir 4: Tabharfar tacaíocht ar leith don Ghaeltacht mar cheantar labhartha Gaeilge.

Cuspóir 5: Déanfar an Ghaeilge a theagasc mar ábhar riachtanach ó leibhéal na bunscoile go leibhéal na hArdteistiméireachta. Cuirfidh an curaclam ar chumas na ndaltaí an Ghaeilge a labhairt agus a scríobh go cruinn, chomh maith le tuiscint a thabhairt dóibh ar fhiúntas na teanga dúinn mar phobal. Chun na críche seo, déanfar infheistíocht fheabhsaithe i bhforbairt phroifisiúnta agus i dtacaíocht leanúnach do mhúinteoirí mar aon le i soláthar téacsleabhar agus acmhainní, agus i dtacaíocht do mhodhanna nuálacha teagaisc agus foghlama.

Cuspóir 6: Cuirfear oideachas lán-Ghaeilge ar ardchaighdeán ar fáil do dhaltaí scoile arb é mian a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí é. Leanfar leis an tacaíocht do Ghaelscoileanna ag leibhéal na bunscoile agus déanfar forbairt ar sholáthar lán-Ghaeilge ag leibhéal na hiar-bhunscoile chun freastal ar éileamh de réir mar is gá.

Cuspóir 7: Leanfar leis an tacaíocht a thugtar don réamhscolaíocht Ghaeilge agus déanfar breis forbartha ar an gcóras oideachais tríú leibhéal trí mheán na Gaeilge.

Cuspóir 8: Leanfar leis an tacaíocht a thugann an Stát d'Fhoras na Gaeilge de réir an *Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999*.

Cuspóir 9: Déanfar cinnte de go bhfuil seirbhísí cuimsitheacha craolacháin ar ardchaighdeán ar fáil trí mheán na Gaeilge, go mór mhór trí fhorbairt leanúnach a dhéanamh ar RTÉ, ar Raidió na Gaeltachta agus ar TG4.

Cuspóir 10: Tabharfar gach cúnamh agus tacaíocht don Aontas Eorpach i bhfeidhmiú an chinnidh an Ghaeilge a bheith ina teanga oibre agus ina teanga oifigiúil san AE ón 1 Eanáir 2007.

Cuspóir 11: Leanfar le treisiú na hoibre atá ar bun ag An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus ag na gníomhaireachtaí agus na comhlachtaí a thagann faoina scáth chun an Ghaeilge a chur chun cinn go náisiúnta agus chun í a chaomhnú agus a threisiú sa Ghaeltacht.

Cuspóir 12: Leanfar agus déanfar forbairt ar úsáid na Gaeilge sa Gharda Síochána agus sna Fórsaí Cosanta.

Cuspóir 13: Aithníonn an Rialtas an ról fíorthábhachtach atá ag an earnáil dheonach Ghaeilge agus leanfar ag tabhairt tacaíochta di.' (Rialtas na hÉireann, 2010)

Tá ról tábhachtach monatóireachta ag an gCoimisinéir Teanga chun a dheimhniú go gcloíonn comhlachtaí poiblí le *Acht na dTeangacha Oifigiúla* agus fiosrúcháin a dhéanamh nuair a chliseann ar chomhlachtaí a ndualgais dhlíthiúla a chur i gcrích. Fógraíodh i mí na Samhna 2011 go ndéanfaí athbhreithniú ar *Acht na dTeangacha Oifigiúla.* Dhá bhliain ina dhiaidh sin, i mí na Nollag 2013, d'fhógair an té a bhí ina Choimisinéir an t-am sin go raibh sé chun éirí as. I láthair Chomhchoiste Thithe an Oireachtais um Fhormhaoirsiú ar an tSeirbhís Phoiblí agus Achainíocha a thug sé an fógra gan choinne sin. Dúirt sé an méid seo a leanas maidir leis an athbhreithniú reachtúil a bhí beartaithe ar Acht 2003:

> *Mura féidir leis an Stát aghaidh a thabhairt ar an dá ghné sin – úsáid na Gaeilge i mbun cumarsáide le pobal na Gaeltachta agus cinntiú go mbeadh dóthain foirne le cumas sa Ghaeilge sa chóras riaracháin phoiblí – nuair a bheidh an tAcht á leasú, creidim go dtuigfear ansin gur mugadh magadh, briolla brealla nó bréaga a bheas i gceist.*[19]

[19] http://www.coimisineir.ie/downloads/NotaicainteAnCoimisineirTeanga04122013.pdf

Foilsíodh 'Cinn Bhille' le haghaidh na reachtaíochta leasuithe in 2014 ach ní dhearnadh iad a phlé ná a rith go fóill. Ina chéad tuarascáil siúd, d'fhógair comharba Sheáin Uí Chuirreáin, an Coimisinéir Rónán Ó Domhnaill, d'fhógair sé go neamhbhalbh nach dóigh leis gur leigheas ar na fadhbanna a aithníodh sa reachtaíocht atá sna leasuithe atá molta ar Acht 2003.[20]

2.4 TIONSCNAIMH TEANGA

I bPoblacht na hÉireann, cuireadh roinnt tionscnamh ar siúl a bhfuil sé d'aidhm acu an Ghaeilge a chur chun cinn.[21] Tugann Údarás na Gaeltachta agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta tacaíocht do thionscnaimh éagsúla a chuireann úsáid na Gaeilge chun cinn i gceantair Ghaeltachta.[22] Cuirtear tacaíocht airgeadais agus urraíocht ar fáil i gcomhair naíscoileanna, gníomhaíochtaí agus imeachtaí teangabhunaithe agus clubanna óige sna ceantair Ghaeltachta, chomh maith le ionaid seirbhíse teanga a fhorbairt, tionscnaimh chun úsáid na Gaeilge sa láthair oibre a spreagadh agus cúrsaí tríú leibhéal i nGaeilge.

Tacú le tionscnaimh Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht is gnáthchúram d'Fhoras na Gaeilge, eagraíocht a chómhaoinítear idir an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta i dTuaisceart Éireann. Is é an Foras atá freagrach as cur chun cinn na Gaeilge ar fud na hÉireann uile, rud a fhágann go mbíonn sé gníomhach in dhá dhlínse. Ó Iúil 2014 i leith, tá cuíchóiriú déanta ar mhaoiniú 'na hearnála pobail'. In áit 19 n-eagraíocht a mhaoiniú mar a dhéantaí go dtí seo, tá sé cinn de 'cheanneagraíochtaí' ag feidhmiú i réimsí straitéiseacha chomh maith le dhá stáisiún raidió pobail (ceann i mBaile Átha Cliath, ceann i mBéal Feirste) agus tionscadal foilsitheoireachta i mBéal Feirste a chuireann ábhair ar fáil chun tacú leis an nGaelscolaíocht. Tugtar tacaíocht do ghrúpaí agus do dhaoine aonair lasmuigh den Ghaeltacht ar mian leo imeachtaí a reáchtáil trí Ghaeilge, lena n-áirítear imeachtaí do dhaoine óga lasmuigh d'uaireanta scoile. Anuas air sin, cuireann an eagraíocht roinnt acmhainní ar fáil do scoileanna chun tacú le múineadh na Gaeilge.

Is í an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta a mhaoiníonn na Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge a chuireann tacaíocht airgeadais ar fáil do réimse eagraíochtaí agus gníomhaíochtaí a chuireann an Ghaeilge chun cinn lasmuigh den Ghaeltacht. Cuirtear maoiniú bliantúil ar fáil do Thaibhdhearc na Gaillimhe, Gaillimh le Gaeilge, Gnó Mhaigh Eo agus Gael Taca,

---

20 www.coimisineir.ie/downloads/Tuarascail_Bhliantuil_Iomlan_2014.pdf

21 Tá a lán acmhainní Gaeilge le fáil ar líne (féach www.gaelscoileanna.ie/en/resources/nascannalinks/#Irish%20Language%20Organisations) .

22 Is fiú a lua, mar sin féin, go bhfuil doiléire áirithe ann maidir le cé acu roinn atá freagrach as an nGaelscolaíocht – an Roinn Oideachais agus Scileanna nó an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Corcaigh. Maoiníonn na Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge tionscnaimh a chabhraíonn le comhlachtaí poiblí *Acht na dTeangacha Oifigiúla* a chur i bhfeidhm agus a thacaíonn le stádas na Gaeilge mar theanga oifigiúil oibre de chuid an Aontais Eorpaigh. I measc na dtionscnamh sin tá an obair atá ar siúl ag Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, chun bunachar Gaeilge de théarmaíocht AE a fhorbairt. Is gné den obair sin téarmaí a theastaíonn chun ionstraimí reachtúla a aistriú agus bunachar logainmneacha ar líne.

2.5 OIDEACHAS

I bPoblacht na hÉireann, tá an Ghaeilge ina cuid den chroíchuraclam mar aon leis an mBéarla, an Mhatamaitic agus ábhair eile ó thús an oideachais bhunscoile go deireadh an oideachais dara leibhéal. Is féidir le daltaí, i gcúinsí áirithe, díolúine a fháil ón nGaeilge má lorgaíonn na tuismitheoirí é, ag brath ar an aois a bhí ag na daltaí nuair a tháinig siad go hÉirinn den chéad uair nó ar pé saindeacrachtaí foghlama a bheadh acu.[23] Má fhaightear díolúine ag leibhéal na bunscoile, beidh feidhm léi ag leibhéal iar-bhunscoile gan aon athiarratas a dhéanamh chuige sin.[24] Ag leibhéal iar-bhunscoile, cuirtear an Ardteistiméireacht ar fáil ag Ardleibhéal, Gnáthleibhéal agus ag Bonnleibhéal. Tá an Ghaeilge ina hábhar riachtanach iontrála i roinnt cúrsaí tríú leibhéal.[25]

Cuirtear oideachas trí Ghaeilge ar fáil i naíonraí, i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. Bunaíodh Na Naíonraí Gaelacha in 1974 mar eagraíocht tacaíochta d'fhoireann na naíonraí agus chun gréasán naíonraí a chruthú. In 1978, bunaíodh an Comhchoiste Réamhscolaíochta Teo mar fhoras comhordúcháin agus oiliúna a chuireann seirbhísí agus acmhainní ar fáil agus a dhéanann maoirsiú ar fhorbairt ghluaiseacht na naíonraí. Tá méadú tagtha ar líon na naíonraí, a ritear trí mheán na Gaeilge, le blianta beaga anuas (Gaelport, 2011).[26] Bhí ról tábhachtach i bhfás seo na naíonraí ag Forbairt Naíonraí Teoranta, (FNT), a bhí ina eagraíocht dheonach uile-Éireann go dtí Iúil 2015 agus a bhíodh ag tacú le cur chun cinn seirbhísí oideachais agus seirbhísí cúraim trí Ghaeilge do pháistí ó aois a mbreithe ar aghaidh.[27] Rinneadh a chuid feidhmeanna a aistriú go Gaelscoileanna mar pháirt den chuíchóiriú ar an earnáil phobail atá luaite thuas.

---

23 Roinnt daltaí a fuair an díolúine mar gheall ar dheacrachtaí foghlama, fuarthas amach gur lean siad de staidéar a dhéanamh ar theangacha Eorpacha eile. www.independent.ie/irish-news/probe-as-more-pupils-shun-irish-26649606.html.

24 Féach www.education.ie/en/Parents/Information/Irish-Exemption.

25 Aon duine a rugadh agus a fuair a c(h)uid oideachais go léir i bPoblacht na hÉireann, agus atá ag iarraidh cúrsa a dhéanamh in institiúid de chuid Ollscoil na hÉireann, ní mór dó/di, ar a laghad, Grád D ag Gnáthleibhéal a bhaint amach chun máithreánú. Daltaí nár rugadh i bPoblacht na hÉireann nó a bhí á múineadh taobh amuigh d'Éirinn ar feadh tréimhse fada, is féidir leo díolúine ón riachtanas Gaeilge a iarraidh ar Ollscoil na hÉireann. Daltaí a bhfuil saindeacrachtaí foghlama acu a chuireann bac ar shealbhú teanga (m.sh. disléicse) is féidir leosan freisin díolúine ón nGaeilge a lorg. www.nui.ie/college/entry-requirements.asp.

26 Féach www.gaelport.com/default.aspx?treeid=37&NewsItemID=6327.

27 In Iúil 2014, roghnaíodh Gaelscoileanna Teo mar cheanneagraíocht chun tacú le Naíonraí agus iad a chur chun cinn le maoiniú Fhoras na Gaeilge.

Inniu, ní mór do gach iarrthóir atá ag iarraidh a bheith ina Stiúrthóir Naíonra dul faoi agallamh Gaeilge agus a chruthú go bhfuil, ar a laghad, bunleibhéal líofachta acu sa Ghaeilge. Léiríodh imní áirithe faoi chaighdeán na Gaeilge i naíonraí [comhfhreagras pearsanta, Gaelscoileanna Teo, Deireadh Fómhair 2014]. D'fhás cuid de na naíonraí mar gheall ar éileamh i gceantair a bhfuil Gaelscoil iontu, mar tá a lán buntáistí, idir bhuntáistí teangeolaíochta agus bhuntáistí forbarthacha, ag baint le tumadh sa teanga roimh dhul ar scoil. Tugann polasaí iontrála Gaelscoileanna áirithe tús áite d'ábhar daltaí a d'fhreastail ar naíonra. Inniu, tá 187 naíonra i 26 contae lasmuigh den Ghaeltacht.

Bhí ról tábhachtach ag bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge i gcur chun cinn na Gaeilge. Bunaíodh na Gaelscoileanna seo chun freastal ar éileamh na dtuismitheoirí agus i bhfianaise imní faoi chaighdeán na Gaeilge i scoileanna lasmuigh den Ghaeltacht (Coolahan, 1998). In 2014-2015 bhí 143 bunscoil lán-Ghaeilge i 26 contae lasmuigh den Ghaeltacht (agus 126 sa Ghaeltacht féin). Níl a oiread céanna Gaelscoileanna ann ag leibhéal iar-bhunscoile: in 2014-2015 bhí 42 iar-bhunscoil agus Aonad[28] amháin ann in 26 contae lasmuigh den Ghaeltacht (agus 22 sa Ghaeltacht féin). Mar a fheicfear ar ball (Caibidil a Cúig) tá éileamh mór ar an oideachas trí Ghaeilge. Go deimhin, is gnách go mbíonn níos mó daltaí ag iarraidh clárú sna Gaelscoileanna ná mar atá d'áiteanna iontu, rud a léiríonn gurb é an cineál seo scoile is rogha le han-chuid tuismitheoirí. Tá athruithe déanta ar phátrúnacht bunscoileanna le blianta beaga anuas, rud a fhreastalaíonn, go pointe áirithe, ar roghanna agus ar mhianta tuismitheoirí inniu. Athrú amháin ná roinnt scoileanna atá ann cheana a dhífheistiú agus pátrúnacht scoileanna nua a thabhairt d'eagraíochtaí agus d'fhorais eile. In 2015, bunaíodh ceithre bhunscoil lán-Ghaeilge nua. Ag leibhéal iar-bhunscoile, bunaíodh trí scoil lán-Ghaeilge in 2014 (bileog faisnéise DES 2015).[29] Teastaíonn 400 dalta chun iar-bhunscoil lán-Ghaeilge neamhspleách nua a bhunú, fad is gur 800–1,000 a theastaíonn i gcás scoileanna Béarla (ibid.). Faoi láthair, tá treoirlínte polasaí á gceapadh ag Gaelscoileanna Teo le haghaidh scoileanna ar mian leo a n-éiteas teanga a athrú agus aitheantas a bhaint amach mar Ghaelscoil. I gcás nach bhfuil dóthain éilimh ar scoil lán-Ghaeilge ann, tá roinnt scoileanna tar éis 'sruthanna' nó Aonaid a bhunú laistigh de scoil Bhéarla. Sna hAonaid seo, déantar daltaí a thumadh sa Ghaeilge ó thús deireadh an lae scoile laistigh den scoil Bhéarla. Dearcadh amháin ar shamhail seo an Aonaid ná gur iarracht atá ann cabhrú le soláthar na Gaelscolaíocht. Bíodh sin mar atá, is fearr le Gaelscoileanna Teo Gaelscoileanna neamhspleácha a bhunú.

28 Bíonn a leithéid seo d'Aonad lonnaithe i 'máthair-scoil' arb é an Béarla an gnáthmheán cumarsáide agus múinteoireachta. Tá Aonad mar a bheadh scoil bheag ann, arna eagrú agus arna rith trí mheán na mionteanga, fad is a bhíonn an mháthair-scoil á rith trí ghnáth-theanga an phobail.

29 www.oireachtas.ie/.../educationandsocialprotection/Presentation.

TÁBLA 2.1 Scoileanna i gceantair Ghaeltachta: meán teagaisc agus líon daltaí ag leibhéal iar-bhunscoile

Scoilbhliain	Líon Gaelscoileanna iar-bhunscoile i gceantair Ghaeltachta	Líon daltaí iar-bhunscoile sa Ghaeltacht (trí mheán na Gaeilge)	Líon iar-bhunscoileanna trí mheán an Bhéarla i gceantair Ghaeltachta	Líon daltaí iar-bhunscoile sa Ghaeltacht (meán an Bhéarla)
2011/12	19	3,132	6	1,624
2012/13	19	2,149	6	1,623
2013/14	19	3,189	6	1,698

Source: Eolas iarrtha ag Tuairisc.ie le Gaelscoileanna Teo faoi Acht um Shaoráil Faisnéise.

Tá imní léirithe faoin laghdú atá tagtha ar líon na ndaoine sa Ghaeltacht a labhraíonn Gaeilge go laethúil. Seans go bhfaighfear léargas ar chúiseanna an laghdaithe sin ach scagadh a dhéanamh ar an meán teagaisc i scoileanna na hÉireann. Tá forbhreathnú i dTábla 2.1 ar an soláthar Gaeilge in iar-bhunscoileanna na Gaeltachta. Tugann an fhaisnéis atá ar fáil le fios gur trí mheán an Bhéarla a chuirtear oideachas ar 35 faoin gcéad de dhaltaí na Gaeltachta. Anuas air sin, sa bhliain acadúil 2011/12, bhí sé cinn amach as 22 iar-bhunscoileanna agus Aonaid i gceantair oifigiúla Ghaeltachta nach raibh ag feidhmiú go hiomlán trí Ghaeilge. Tá aon bhunscoil agus fiche i gceantair Ghaeltachta ina múintear ar a laghad ábhar amháin (sa bhreis ar an nGaeilge féin) trí mheán na Gaeilge. Tugtar scoileanna 'breac-Ghaeilge' ar na scoileanna seo. Is i gContae Mhaigh Eo atá a bhformhór, cé go bhfuil seacht gcinn i nDún na nGall agus dhá cheann i gContae na Gaillimhe (comhfhreagras pearsanta, Gaelscoileanna Teo, Márta 2015).

Tá próiseas comhairliúcháin ar siúl faoi láthair ag an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le moltaí don soláthar oideachais sa Ghaeltacht. Den chéad uair riamh, tá aird tugtha ar shainchúinsí scoileanna sna ceantair Ghaeltachta.[30] Tá an comhairliúchán ina chuid d'fhorbairt níos leithne i réimse na Gaelscolaíochta, lena n-áirítear forbairt churaclaim sna hearnálacha bunscoile agus iar-bhunscoile, measúnú teanga agus oideachas múinteoirí (bileog faisnéise DES 2015).

2.6 ACHOIMRE

Is suntasach mar a d'athraigh úsáid agus stádas na Gaeilge leis na céadta bliain anuas. Bhí sí seal á labhairt ag formhór mhuintir na hÉireann ach is sa Ghaeltacht is mó a úsáidtear inniu í. Roimh an nGorta Mór, bhí suas le 50% faoin gcéad den daonra ina gcainteoirí Gaeilge. 50 bliain níos faide anonn, faoi dheireadh an 19ú haois, bhí an figiúr sin laghdaithe go líon nach mó ná 10 faoin gcéad (Ó Cuív, 1966; Hickey, 2008; FitzGerald, 2013). Ní hionann an Ghaeilge agus teangacha mionlaigh eile sa mhéid is gurb í an chéad teanga oifigiúil stáit i bPoblacht na hÉireann í (Watson, 1996). Bíodh is gur beag líon na gcainteoirí líofa Gaeilge,

30 www.education.ie/en/Press-Events/Press-Releases/2015-Press-Releases/PR2015-05-05.html.

tá líon suntasach daoine a mhaíonn go bhfuil eolas éigin acu ar an teanga. Ní hionadh é sin, nuair a chuimhnítear gur ábhar éigeantach sna scoileanna í. Ó tharla nach mbíonn mórán deiseanna ann an Ghaeilge a labhairt lasmuigh den Ghaeltacht, is cumas fulangach a bhíonn i gcumas Gaeilge daoine, den chuid is mó (an teanga a thuiscint ar chláir theilifíse agus raidió agus i scríbhinní). Is gnách go dtagann meath ar gcumas gníomhach le himeacht aimsire mar is annamh a bhíonn deis an teanga a úsáid lasmuigh den chóras oideachais foirmiúil. Dá bhfaigheadh foghlaimeoirí Gaeilge tuilleadh deiseanna agus spreagadh chun an teanga a úsáid lasmuigh de chomhthéacs na scoile, is dócha go mbeadh leibhéil chumais sa Ghaeilge i bhfad níos airde. I dtuarascáil a rinne Comhairle na hEorpa mar gheall ar bheartas oideachais in Éirinn, cuireadh béim ar an easpa deiseanna chun an Ghaeilge a úsáid lasmuigh den scoil, rud atá ar cheann de na mórdhúshláin a chuireann bac ar athbheochan shóisialta na teanga agus a chuireann cuspóir cinnte de dhíth ar fhoghlaimeoirí. Tá cur chun cinn na Gaeilge fós ar chlár oibre lucht beartais; tá bearta éagsúla leagtha síos sa *Straitéis don Ghaeilge* chun feabhas a chur ar staid reatha na teanga. Ní miste a lua, cé gur dearcadh dearfach, ar an mórgóir, atá ag an bpobal i leith na teanga nár baineadh amach fós líon suntasach cainteoirí a chuirfeadh cor nua in úsáid na teanga. Os a choinne sin tá ag méadú ar an éileamh ar Ghaelscoileanna agus ar naíonraí agus tá grúpaí teanga éagsúla gníomhach ar fud na tíre. D'fhéadfadh na treochtaí sin méadú de réir a chéile ar líon na ndaoine a labhraíonn an Ghaeilge go rialta.

Caibidil 3

An Ghaeilge i dTuaisceart Éireann

3.1 INTREOIR

Tá an Ghaeilge anois aitheanta mar theanga mhionlaigh i dTuaisceart Éireann. Bhí meath mór tagtha ar an teanga faoi dheireadh an 19ú hAois mar gheall ar na cúinsí polaitiúla agus eacnamaíocha ar cuireadh síos orthu sa chaibidil roimhe seo (Nic Craith, 1999; McKendry, 2007, 2014). Chúlaigh a lán Protastúnach agus Aontachtaithe ón teanga de réir mar a tháinig an náisiúnachas agus an poblachtachas chun cinn sa 19ú agus sa 20^{ú} hAois (Nic Craith, 1999) agus i ndiaidh Chríochdheighilt na hÉireann sa bhliain 1922. Bíodh sin mar atá, tá roinnt daoine de chúlra Protastúnach i dTuaisceart Éireann a chuireann suim sa Ghaeilge (McCoy, 1997). Ó tharla nach mbíonn an Ghaeilge á múineadh i scoileanna stáit (scoileanna Protastúnacha) is do Chaitlicigh, den chuid is mó, a chuirtear teagasc sa Ghaeilge ar fáil (Nic Craith, 1999). Scéal casta is ea athbheochan na Gaeilge i dTuaisceart Éireann, agus is minic a dhearctar í ar shlí pholaitiúil a chruthaíonn easaontas idir daoine. Tá an rialtas tiomanta do chaomhnú agus do chur chun cinn na teanga faoi bhun Chomhaontú Aoine an Chéasta. Tá cosaint bhreise ann don teanga ó daingníodh *An Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha agus Mionlaigh*.

3.2 FORBHREATHNÚ STAIRE AGUS AN SCÉAL MAR ATÁ

Ba é Daonáireamh 1911 an ceann deireanach inar cuireadh ceist ar mhuintir an oileáin go léir maidir le labhairt na Gaeilge de (Adams, 1964). Bhí an teanga á labhairt i ngach ceann de na sé chontae a bhí le bheith i dTuaisceart Éireann níos faide anonn agus thuairiscigh 3 faoin gcéad den daonra (beagnach 29,000 duine) gur chainteoirí Gaeilge iad. Ba i gceantair tuaithe ba mhó a bhí siad siúd ina gcónaí (McKendry, 2014). Idir 1911 agus 1991 d'ardaigh an céatadán cainteoirí Gaeilge i dTuaisceart Éireann, de réir mar a tuairiscíodh sna figiúirí daonáirimh é, ó 2 faoin gcéad go 9 faoin gcéad (ó 20,000 go 140,000 duine) den daonra iomlán.

Bhí tionchar mór riamh ag na difríochtaí polaitíochta idir an dá phobal i dTuaisceart Éireann ar a ndearcadh i leith na Gaeilge. Tá claonadh i measc Aontachtaithe an teanga a shamhlú leis an bPoblacht, a bhfuil tromlach Caitliceach ann, agus leis an ngluaiseachta phoblachtach i dTuaisceart Éireann féin. Ní bhíonn an teanga á múineadh i scoileanna Stáit (scoileanna Protastúnacha) agus rith Parlaimint Thuaisceart Éireann dlíthe ag d'fhógair nach bhféadfaí aon teanga seachas an Béarla a úsáid i gcomharthaí poiblí, rud a chuir toirmeasc ar chomharthaí poiblí i nGaeilge. Ní go dtí tús na 1990í a rinne Rialtas na

Breataine an dlí sin a aisghairm go foirmiúil. Bíodh sin mar atá, bunaíodh na chéad scoileanna lán-Ghaeilge, nó Gaelscoileanna, i mBéal Feirste agus i nDoire sna 1970í agus cuireadh nuachtán Gaeilge, *Lá*, ar bun i mBéal Feirste. Sna 1980í, tar éis clár raidió cúig nóiméad déag a chraoladh ar oícheanta faoi leith, thosaigh BBC Uladh ar chlár leathuaire – *Blas* – a chraoladh gach oíche. Ba i dtosach na 1990í a craoladh an chéad chlár teilifíse ar BBC Thuaisceart Éireann. Bunaíodh Iontaobhas Ultach chun an Ghaeilge a chur chun cinn ar bhonn trasphobail.

In 2012 rinne an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta i dTuaisceart Éireann suirbhé ar dhearcadh an phobail i leith na Gaeilge. Bhí dearcadh dearfach ag líon beag os cionn leath na bhfreagróirí i dtaobh thodhchaí na Gaeilge; mheas 52 faoin gcéad é a bheith tábhachtach nach gcaillfí traidisiún na Gaeilge i dTuaisceart Éireann. Bíodh is go raibh 22 faoin gcéad ann nach raibh aon dearcadh acu ar an gceist, bhí mionlach suntasach ann (26 faoin gcéad) a shíl nár chuid ar bith den oidhreacht náisiúnta í an Ghaeilge. Theastaigh ó bhreis agus leath na bhfreagróirí go mbeadh tuilleadh roghanna ar fáil chun an teanga a fhoghlaim, fad is gur mheas 20 faoin gcéad nach raibh feidhm ar bith lena leithéid. Mheas os cionn 40 faoin gcéad gur cheart tacú leis an teanga agus í chothú ar fud Thuaisceart Éireann. 81 faoin gcéad díobh siúd a ghlac páirt sa suirbhé, shíl siad gur cheart go mbeadh sé de rogha ag daltaí staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge mar ábhar scoile más mian leo. Ba dhíol spéise gur mheas 52 faoin gcéad nach raibh an Ghaeilge tábhachtach dá bhféiniúlacht phearsanta fad is a shíl líon beag faoin bhun a leath (49 faoin gcéad) gur gné thábhachtach de chultúr an réigiúin í.

De réir thorthaí Dhaonáireamh 2011, tá eolas éigin ar an nGaeilge ag 11 faoin gcéad (184,898) den daonra, figiúr atá aon faoin gcéad níos airde ná Daonáireamh 2001. Bíodh sin mar atá, níor thuairiscigh ach sé faoin gcéad go bhfuil siad in ann an teanga a labhairt.

3.3 BEARTAS AGUS REACHTAÍOCHT

Bhí Comhaontú Aoine an Chéasta/Bhéal Feirste ar cheann de na forbairtí ba shuntasaí i dtaca le cothú na Gaeilge i dTuaisceart Éireann. Tá an méid seo a leanas ráite ann maidir le tacaíocht a thabhairt d'éagsúlacht teanga sa dlínse:

> *Aithníonn na rannpháirtithe uile tábhacht na hurraime, na tuisceana agus na caoinfhulaingthe i ndáil le héagsúlacht teanga, ar a n-áirítear i dTuaisceart Éireann, an Ghaeilge, Albainis Uladh agus teangacha na bpobal eitneach éagsúil, ar cuid de shaibhreas cultúrtha oileán na hÉireann iad uile. (Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine agus Thuaisceart Éireann agus Rialtas na hÉireann, 1998: 22).*

Is díol spéise nach ndearnadh tagairt ar bith don Ghaeilge i gcomhthéacs na dteangacha Ceilteacha eile agus a n-áit siúd sa Ríocht Aontaithe. Tá sé maíte gur mar fhrithbheart polaitiúil i gcoinne na Gaeilge a d'eascair Albainis Uladh as Comhaontú Aoine an Chéasta (McKendry, 2014; Nic Craith, 1999).

Ba de thoradh ar Chomhaontú Aoine an Chéasta a bunaíodh an tAonad Éagsúlachta Teanga,[31] páirt den Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta (DCAL) chun tacú leis an éagsúlacht teanga sa dlínse. Tá sé de chúram air beartas a fhorbairt i gcomhair na bpobal teanga éagsúil agus úsáid na Gaeilge agus Albainis Uladh a chur chun cinn.[32]

Is conradh Eorpach[33] é *An Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh* a tionscnaíodh in 1992 chun teangacha stairiúla agus réigiúnacha san Eoraip a chur chun cinn. Rinne Rialtas na Ríochta Aontaithe an Chairt a shíniú in 2000, agus gheall go gcomhlíonfaí ceangaltais áirithe dá bhfuil sa Chairt i dtaca leis an nGaeilge de.[34] Déanann an Ríocht Aontaithe agus Comhairle Saineolaithe Chomhairle na hEorpa tuairisciú ar stádas Albainis Uladh de réir na socruithe tuairisceoireachta agus monatóireachta a bhaineann le Cuid a Dó den Chairt. I gcomhthéacs Chuid a Trí a dhéantar tuairisciú ar dhálaí na Gaeilge. Tá deacrachtaí leanúnacha ann maidir le ról Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann i bhfeidhmiú na Cairte.[35] Tá an méid seo a leanas ráite sa cheathrú tuairisc thréimhsiúil ar an gCairt Eorpach a thug rialtas na Ríochta Aontaithe (Nollaig 2012):

> *As with the UK response to the Third Periodical Report, and despite repeated requests from the UK Government, the devolved administration in Northern Ireland has been unable to agree a contribution to this Report reflecting the views and actions of the Northern Ireland Executive relating to those issues for which they have policy responsibility. The UK Government expresses its concern at this outcome and sincerely hopes that this can be remedied in time for the next periodical report.*

Tógadh céim eile chun tacú le teangacha mionlaigh nuair a rinneadh Comhaontú Chill Rìmhinn (Deireadh Fómhair 2006) inar gheall Rialtas na Ríochta Aontaithe forbairt na Gaeilge agus Albainis Uladh a chosaint agus a fheabhsú. Faoi bhun an Chomhaontaithe seo, iarradh ar an bhFeidhmeannas straitéis a fhorbairt agus a fheidhmiú chuige sin. Mhol an

31 Le haghaidh tuilleadh eolais, féach: www.dcalni.gov.uk/index/language-cultural-diversity-r08.htm.

32 Is cuid de chúram na heagraíochta seo freisin tacú leis na teangacha mionlaigh atá tagtha chun cinn le fás na bpobal eitneach.

33 I gcás na Gaeilge, ní raibh Éire in ann an Chairt a shíniú ó tharla an Ghaeilge a bheith ina céad teanga oifigiúil sa Stát.

34 Tá Albainis na hAlban agus Albainis Uladh i dTuaisceart Éireann liostaithe sa Chairt freisin.

35 Le haghaidh tuilleadh eolais, féach: www.coe.int/t/dg4/education/minlang/Report/PeriodicalReports/UKPR4_en.pdf.

Feidhmeannas reachtaíocht don Ghaeilge a thionscnamh, lena n-áirítear Acht Gaeilge, beart a gcuireann a lán polaiteoirí Aontachtacha ina choinne (McKendry, 2014). D'fhoilsigh Grúpa Saineolaithe Chomhairle na hEorpa tuairisc in 2010 mar gheall ar fheidhmiú na Cairte Eorpaí ag Rialtas an RA. Rinneadh cáineadh láidir ar a laghad dul chun cinn a bhí déanta maidir le háit na Gaeilge sa dlínse a aithint. Moladh do 'the UK authorities to provide an appropriate legislative base for the protection and promotion of Irish in Northern Ireland' (Comhairle na hEorpa 2010). Admhaíodh go bhfuil a straitéis féin chun déileáil le cás na Gaeilge agus Albainis Uladh curtha ar fáil ag DCAL, i ndoiciméad dar teideal *Straitéis do Theangacha Réigiúnacha Dúchais nó Mionlaigh*. Mar sin féin mhaígh an Grúpa Saineolaithe go raibh siad

> *concerned that the strategy will strive towards parity between the two languages and therefore not serve the needs of either the Irish-speakers or the Ulster-Scots speakers and will hold back the development of both languages.*[36]

Cuireadh dréacht-doiciméid straitéise ar fáil i gcomhair comhairliúchán poiblí in 2012 agus foilsíodh achoimre ar na freagraí in 2013.[37] I dTuaisceart Éireann, ní bhfuair an teanga riamh an tacaíocht oifigiúil a fuair sí ó dheas. Ón uair a rinneadh Comhaontú Aoine an Chéasta/Bhéal Feirste, tá aitheantas oifigiúil tugtha don Ghaeilge mar theanga mhionlaigh sa dlínse. Le blianta beaga anuas, tá iarrachtaí oifigiúla déanta chun an stádas sin a fheabhsú, lena n-áirítear *Straitéis le Forbairt na Gaeilge a Fheabhsú agus a Chosaint* agus moltaí reachtaíochta le haghaidh Bille Gaeilge, faoinar cuireadh próiseas comhairliúcháin i gcrích i mí na Bealtaine 2015.

3.4 TIONSCNAIMH TEANGA

Is é Foras na Gaeilge a chomhlíonann na freagrachtaí ainmnithe go léir a bhaineann leis an nGaeilge i dTuaisceart Éireann, lena n-áirítear labhairt agus scríobh na Gaeilge a éascú sna réimsí poiblí agus príobháideacha nuair a bhíonn an t-éileamh cuí ann chuige sin. Shaothraigh roinnt eagraíochtaí ó na 1990í i leith chun an Ghaeilge a chur chun cinn ar bhonn trasphobail, go háirithe ó 1994 agus 1998. Ina measc siúd tá Iontaobhas Ultach, Gael-Linn, Forbairt Feirste, Raidió Fáilte agus Misean Oirthear Bhéal Feirste. Ba é aidhm gach dreama acu ná an Ghaeilge a léiriú i dtéarmaí teanga agus cultúrtha agus mar 'comhoidhreacht' seachas í a bheith i seilbh dream amháin sa phobal. Bhí rath áirithe ar gach ceann de na tionscnaimh seo. Inniu, mar shampla, bíonn ranganna Gaeilge á gcur ar fáil i gceantar a bhfuil tromlach Protastúnach ann ag Misean Oirthear Bhéal Feirste (an t-ionad 'Turas') Tagann daoine ó chúlraí éagsúla reiligiúnacha le chéile san Ionad chun an

36 http://www.coe.int/t/dg4/education/minlang/Report/EvaluationReports/UKECRML4_en.pdf.

37 Le haghaidh tuilleadh eolais, féach: www.dcalni.gov.uk/irish_language_consultation.pdf and www.dcalni.gov.uk/ulster-scots-consultation.

Ghaeilge a fhoghlaim. Rinne an tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta ó thuaidh tionscnamh náisiúnta dar teideal Líofa a sheoladh in 2011 agus é d'aidhm aige 1,000 duine ó gach cúlra ar fud an Tuaiscirt a mhealladh i dtreo líofacht sa Ghaeilge faoi 2015. Sáraíodh an chéad sprioc úd; faoi Mheán Fómhair 2014 bhí beagnach 7,000 duine cláraithe leis an bhfeachtas.

3.5 OIDEACHAS

Tá sé maíte gur mar gheall ar an oideachas, cuid mhór, a athbheodh an Ghaeilge i dTuaisceart Éireann ó tharla gur cainteoirí dara teanga atá i dtreis sa phobal teanga, seachas cainteoirí céad teanga (McKendry, 2014). Is fiú a lua, áfach, nach mbíonn an Ghaeilge á múineadh sna scoileanna go léir. Is ar an bpobal Protastúnach, den chuid is mó, a fhreastalaíonn na bunscoileanna, na scoileanna gramadaí agus na hiar-bhunscoileanna úd ar dtugtar 'scoileanna Stáit' nó 'scoileanna Rialaithe' (bíodh is go bhfreastalaíonn roinnt Caitliceach orthu). Is ar an bpobal Caitliceach a fhreastalaíonn scoileanna san earnáil 'faoi Chothabháil'. Ó na 1970í i leith, tá an tríú hearnáil ann, is é sin na scoileanna imeasctha a bunaíodh chun an bhearna idir an pobal Protastúnach agus an pobal Caitliceach a dhúnadh agus oideachas a chur ar pháistí i gcomhluadar a chéile. Ar na múnlaí atá in úsáid faoi láthair chun teangacha a mhúineadh tá: nuatheanga amháin a sholáthar; soláthar scoilte; soláthar modúlach agus désholáthar. Is é an désholáthar an rogha is coitianta, ina ndéanann an scoil dhá theanga a thairiscint do dhaltaí, an Fhraincis agus an Ghaeilge, de ghnáth (McKendry, 2007). Laghdaíodh ar líon na ndaltaí a dhéanann staidéar ar theangacha ó cuireadh ar ceal an riachtanas a bhí ann staidéar a dhéanamh ar theanga amháin ar a laghad go leibhéal GCSE. Tá Gaelscoileanna tagtha chun cinn i dTuaisceart Éireann le 40 bliain anuas, agus tá líon suntasach daltaí ann a fhreastalaíonn ar naíonraí, ar bhunscoileanna agus ar iar-bhunscoileanna Gaeilge (McKendry, 2014). Go deimhin, maíonn Nic Craith (1999) gur feiniméan 'unprecedented' atá san éileamh ar an nGaelscolaíocht ó na 1970í déanacha. Ní gan dua, áfach, a bunaíodh na chéad Ghaelscoileanna. In 1969 bhunaigh roinnt teaghlach in Iarthar Bhéal Feirste, ar mhian leo a gcuid páistí a thógáil i dtimpeallacht Ghaeilge, bhunaigh siad Pobal Feirste. Faoi thosach na bliana 1970 bhí bunscoil lán-Ghaeilge ar an bhfód. Bíodh sin mar atá, bhí a lán deacrachtaí ag na tuismitheoirí a bhí ag bainistiú na scoile agus ag iarraidh aitheantas oifigiúil a bhaint amach. Faoi dheireadh, fuarthas aitheantas in 1984 mar bhunscoil dheonach faoi chothabháil. Bhunaigh na tuismitheoirí tumchlár réamhscoile ansin chun freastal ar pháistí ó theaghlaigh nach mbíodh an Ghaeilge á labhairt iontu. Osclaíodh an naíscoil in 1978. Bhí éileamh ar an oideachas lán-Ghaeilge i nDoire chomh maith. Tosaíodh le haonad Gaeilge istigh i mbunscoil Bhéarla in 1983 agus, de réir mar a mhéadaigh ar líon na ndaltaí a bhí cláraithe ann, rinneadh scoil neamhspleách de laistigh den earnáil faoi chothabháil Chaitliceach. I mBéal Feirste, in 1991, a osclaíodh an chéad iar-bhunscoil lán-Ghaelach le beirt mhúinteoirí lánaimseartha agus naonúr daltaí.[38]

[38] Féach www.comhairle.org/english/about-us/our-history.

Is í Comhairle na Gaelscolaíochta (CnaG) eagraíocht ionadaíoch na nGaelscoileanna. Bhunaigh an Roinn Oideachais in 2000 í chun an Ghaelscolaíocht a chur chun cinn, a éascú agus a spreagadh. Inniu, tá 29 Gaelscoil i dTuaisceart Éireann agus deich n-aonad Gaeilge lonnaithe i máthair-scoileanna Béarla. Bunscoileanna is ea 28 díobh sin agus tá iar-bhunscoil amháin ann. I gcás an deich n-aonad Gaeilge i máthair-scoileanna Béarla, bunscoileanna is ea seacht gcinn acu agus iar-bhunscoileanna is ea na trí cinn eile. Bhí 5,256 dalta ag freastal ar Ghaelscoileanna sa bhliain 2014/15. Ina measc sin bhí 885 páiste ag freastal ar naíscoileanna Gaeilge, 3,458 páiste bunscoile (sna blianta 1-7) agus 913 in iar-bhunscoileanna (sna blianta 8-14).[39] Tá fás leanúnach ar earnáil na Gaelscolaíochta le blianta beaga anuas agus is cosúil go leanfar den fhás sin agus go n-osclófar scoileanna nua gach bliain. Anuas air sin, tá 44 naíscoileanna ann a fhreastalaíonn ar 1,251 dalta. Níl aon cheantar oifigiúil Gaeltachta i dTuaisceart Éireann, bíodh is go ndearnadh moltaí chun a leithéid a chur ar bun sna ceantair is mó ina labhraítear an Ghaeilge, cuir i gcás, an Cheathrú Ghaeltachta i mBéal Feirste.

3.6 ACHOIMRE

Ní hionann in aon chor dálaí na Gaeilge i dTuaisceart Éireann agus dálaí na teanga sa Phoblacht, mar gheall ar dhifríochtaí reiligiúnacha agus polaitiúla sa dá dhlínse. I dTuaisceart Éireann, is daoine den phobal Caitliceach is mó a labhraíonn an Ghaeilge agus is i scoileanna Caitliceacha faoi chothabháil, agus i roinnt scoileanna imeasctha, a mhúintear mar ábhar scoile í. Murab ionann agus sa Phoblacht, níl aon cheantar oifigiúil Gaeltachta i dTuaisceart Éireann. Is lú líon na gcainteoirí Gaeilge i dTuaisceart Éireann ná líon na gcainteoirí sa Phoblacht. De réir na bhfigiúirí is déanaí, maíonn 14 faoin gcéad den daonra go bhfuil eolas éigin acu ar an nGaeilge (DCALNI, 2015). D'athraigh stádas na Gaeilge le blianta beaga anuas agus bhí ról tábhachtach ag Comhaontú Aoine an Chéasta maidir le haitheantas a bhaint amach don teanga. Bíodh sin mar atá, leanann an díospóireacht phoiblí ar cheist na Gaeilge ag aghaidh i gcónaí. Tháinig tionscnaimh teanga sna sála ar athruithe beartais, agus féachadh le labhairt na Gaeilge i réimsí poiblí agus príobháideach a spreagadh. Anuas air sin, tá iarrachtaí ar siúl i mBéal Feirste chun 'an Cheathrú Ghaeltachta' a chur chun cinn mar cheantar Gaeltachta uirbeach. Tá an t-éileamh ar Ghaelscoileanna agus ar naíonraí i ndiaidh méadú. Díreach mar atá sa Phoblacht, is beag deis a bhíonn an Ghaeilge a labhairt lasmuigh den chóras oideachais. Bíodh sin mar atá, cuireann na meáin chraolta agus na meáin chlóite deiseanna ar fáil chun an teanga a chothú. Bíodh is go mbíonn conspóidí ann maidir le húsáid na Gaeilge i dTuaisceart Éireann, tá dearcadh dearfach i leith na teanga ag sciar suntasach den daonra (DCALNI, 2012). Sa chéad chaibidil eile, pléifear na slite a ndéantar teangacha neamhfhorleathana a chothú agus a athbheochan i ndlínsí eile.

[39] www.deni.gov.uk/85-schools/10-types_of_school-nischools_pg/schools_-_types_of_school-_irish-medium_schools_pg.htm.

Caibidil 4

Teangacha Mionlaigh i dTíortha Eorpacha Eile

4.1 INTREOIR

Tugtar forbhreathnú sa chaibidil seo ar bheartas agus ar chleachtais i leith teangacha mionlaigh i roinnt tíortha a roghnaíomar. Is é sainmhíniú Chomhairle na hEorpa ar cad is teanga réigiúnach nó mionlaigh ann ná teanga 'a úsáidtear go traidisiúnta ag cuid de dhaonra stáit faoi leith agus nach canúintí de theanga oifigiúil de chuid an stáit sin iad ná teangacha lucht imirce ná teanga a cruthaíodh go saorga' (Comhairle na hEorpa, 1992). Tá timpeall 60 teanga mhionlaigh san Eoraip (féach Fíor 4.1 i gcomhair na ngrúpaí teanga is mó díobh), ar féidir iad a dhealú de réir cúig mhórchatagóir:

a) teangacha uathúla a labhraítear in aon stát amháin (m.sh. an Bhreatnais sa RA, an Ghailísis sa Spáinn agus an Fhreaslainnis Iartharach san Ísiltír);
b) teangacha uathúla a labhraítear i roinnt stát (m.sh. an Bhascais sa Spáinn agus sa Fhrainc, an Chatalóinis sa Spáinn, sa Fhrainc agus san Iodáil);
c) teangacha trasteorannacha atá ina dteangacha mionlaigh i stáit áirithe agus ina dteangacha tromlaigh i stáit eile (m.sh. an Ungáiris sa tSlóvaic agus an Ghearmáinis sa Danmhairg, san Iodáil, sa Bheilg agus sa Fhrainc);
d) teangacha atá ina dteangacha náisiúnta ag leibhéal stáit ach nach teangacha oibre oifigiúla de chuid an AE iad (m.sh. an Lucsambuirgis sa Lucsamburg agus an Ghaeilge in Éirinn); agus
e) teangacha neamhchríochúla (an Roimis agus an Ghiúdais) (Mercator, 2012).

Bíonn beartas náisiúnta agus tionscnaimh rialtais dírithe ar theangacha mionlaigh a chothú thar dhlínsí éagsúla. Bíodh is nach ionann an cur chuige ó thír go chéile, aithnítear go forleathan an tionchar a bhíonn ag dearcadh an phobail i leith na teanga agus deiseanna fónta a bheith ann chun í a úsáid (féach Caibidil 1).

Is é aidhm na caibidle seo ná scagadh a dhéanamh ar na cuir chuige atá in úsáid i dtíortha eile maidir le cothú teangacha mionlaigh, mar atá Albain, an Bhreatain Bheag, an Chatalóin sa Spáinn agus an Fhreaslainn san Ísiltír. Ábhair ghréasánbhunaithe (suíomhanna gréasáin agus tuarascálacha a bhaineann le hábhar) ba phríomhfhoinse don scagadh seo. Déantar tagairt freisin do pé taighde a bhí le fáil. Chun teacht ar thuiscint níos fearr ar staid na dteangacha mionlaigh sna tíortha roghnaithe, caithfear eolas cúlra éigin a thabhairt faoi chórais oideachais gach tíre acu. Dá bhrí sin, tosaíonn gach cuntas le forbhreathnú gairid

staire. Déantar cur síos ina dhiaidh sin ar bheartas agus ar reachtaíocht ábhartha, ar thionscnaimh teanga agus ar dhea-chleachtais sna tíortha cás-staidéir.

FÍOR 4.1 TEANGACHA MIONLAIGH SAN AE (POBAIL TEANGA A BHFUIL BREIS AGUS 125,000 CAINTEOIR IONTU)

Foinse: Dooly agus Vallejo. Thematic Report: Linguistic Minorities. www.epasi.eu/ThematicReportLIN.pdf.

4.2 GAEILGE NA HALBAN

4.2.1 Forbhreathnú Staire agus an Scéal Mar Atá

Teanga Cheilteach a d'eascair as an tSean-Ghaeilge is ea Gaeilge na hAlban, nó Gàidhlig. Ba í an teanga cheannasach ar fud na hAlban í roimh an 12 hAois. Bíodh sin mar atá, mheath an teanga sna haoiseanna ina dhiaidh sin, mar gheall ar thosca socheacnamaíocha agus polaitiúla, go dtí go raibh sí teoranta do thuaisceart agus d'iarthar na tíre (na Garbhchríocha nó 'a' *Gàidhealtachd'*) (McLeod, 2004a). Anuas air sin, bhí an teanga in iomaíocht le Béarla na hAlban. Cuireadh dlús i meath Ghaeilge na hAlban de réir mar a bhí daoine á ndíbirt as na Garbhchríocha le linn an 18ú agus an 19ú hAois (*Fuadach nan Gàidheal*). Faoin mbliain 1901 bhí líon na gcainteoirí Gàidhlig tar éis laghdú go 5 faoin gcéad den daonra, gan an chuma air go stadfadh an meath. Inniu, níl ach sciar beag den daonra a labhraíonn í, agus is sna hoileáin ar chósta an iarthair (Na h-Eileanan an Iar) a chónaíonn a bhformhór. Tá siad go léir dátheangach agus Béarla ag gach duine acu. Léirigh Daonáireamh 2001 go raibh os cionn 92,000 duine in Albain (rud beag faoi bhun 2 faoin gcéad den daonra) a raibh cumas éigin acu i nGaeilge na hAlban. Is fiú a lua gur ceist chonspóideach atá i dtábhacht na teanga ó thaobh na féiniúlachta náisiúnta de; dar le dream nach raibh an teanga riamh tábhachtach taobh amuigh de réigiúin áirithe agus tá daoine ann atá naimhdeach don teanga (McLeod, 2001). D'fhéadfaí a mhaíomh go bhfuil

seachadadh na teanga ó ghlúin go glúin sásúil; de réir Dhaonáireamh 2001, tá Gàidhlig ag 70 faoin gcéad de pháistí san aoisghrúpa 3-15 atá ina gcónaí le beirt tuismitheoirí a labhraíonn an teanga. (Oifig Chláraitheoir Ginearálta na hAlban, 2005).

Maíonn O'Hanlon et al. (2013) go bhfuil an Ghàidhlig níos feiceálaí in Albain le deich nó fiche bliain anuas, go háirithe ó rith Parlaimint na hAlban *Achd na Gàidhlig* in 2005. Ó shin i leith, tá úsáid níos fairsinge á baint as an teanga sa chraoltóireacht, i scoileanna agus i ngnóthaí poiblí. De réir Dhaonáireamh 2011, bhí rud beag sa bhreis ar aon faoin gcéad (58,000 duine) de dhaoine ó aois trí bliana ábalta an Ghàidhlig a labhairt, laghdú beag ó 1.2 faoin gcéad (59,000) in 2001 (Rialtas na hAlban, 2012). I bhFíor 4.2, taispeántar dáileadh na bhfreagróirí a thuairiscigh i nDaonáireamh 2011 gur féidir leo Gaeilge na hAlban a labhairt. Is díol suntais dlús na gcainteoirí sna hoileáin thiar.

FÍOR 4:2 DÁILEADH NA BHFREAGRÓIRÍ I NDAONÁIREAMH 2011 A MHAÍGH GO BHFUIL SIAD IN ANN GAEILGE NA HALBAN A BHAIRT



Foinse: Daonáireamh 2011.

Faoi mar a pléadh i gCaibidil a hAon, bíonn marthanas teangacha ag brath ar dhearcadh an phobail ina leith agus i leith lucht labhartha na teanga. Léirigh West agus Graham (2011) go raibh bunús na ndaoine sásta go mbeadh an Ghàidhlig níos feiceálaí san am atá le teacht, ach go bhfuil líon na gcainteoirí fós íseal go maith. Míniú amháin air sin, b'fhéidir, ná a laghad deiseanna a bhíonn ann an teanga a labhairt. In 2013 chuir O'Hanlon agus a chomhghleacaithe staidéar i gcrích i measc daoine fásta in Albain. Fuarthas amach gur beag teagmháil a bhíonn ag daoine leis an teanga. Níor thuairiscigh ach 12 faoin gcéad den sampla gur chuala siad an Ghàidhlig á labhairt in áit phoiblí (ar an tsráid nó i siopa, cuir i gcás) sna 12 mí a bhí imithe thart. Tá an chuma air go bhfuil cos isteach ar éigean ag Gaeilge na hAlban i bhféiniúlacht an Albanaigh; níor mheas ach 24 faoin gcéad go bhfuil an teanga tábhachtach dá n-oidhreacht féin. Fiú iad siúd a mheas gur chuid thábhachtach dá bhféiniúlacht í an Ghàidhlig, ní hionann sin agus a rá gurbh féidir leo í a labhairt; os cionn leath (57 faoin gcéad) na ndaoine a shíl an Ghàidhlig a bheith an-tábhachtach nó réasúnta tábhachtach, ní raibh siad in ann an teanga a thuiscint.

Fuarthas amach de bharr an staidéir seo nach bhfuil mórán tacaíochta ann le haghaidh scoileanna Gàidhlig a bhunú. Ba mhó i bhfad an glacadh a bhí le Gaeilge na hAlban a fhí isteach san oideachas Béarla mar chroí-ábhar náisiúnta. Iarradh ar na freagróirí a dtuairimí a thabhairt maidir le húsáid na teanga a spreagadh: mheas 32 faoin gcéad gur cheart í a spreagadh ar fud na hAlban agus mheas 55 faoin gcéad eile gur cheart í a spreagadh sna ceantair Ghaeltachta amháin. Iarradh ar na freagróirí an duine is mó atá freagrach as úsáid na Gàidhlig' in Albain a ainmniú. Tugadh na roghanna seo a leanas dóibh: 'tuismitheoirí a labhraíonn Gàidhlig', 'pobail áitiúla', 'naíscoileanna agus scoileanna', 'an Rialtas', 'na heaglaisí', 'na meáin' nó 'eile' agus 'dream ar bith acu seo'. Ba iad na páirtithe a roghnaíodh ná 'tuismitheoirí a labhraíonn Gàidhlig', 'pobail áitiúla', 'scoileanna' agus an 'an Rialtas'. Bíodh sin mar atá, measann a lán daoine go raibh ról ríthábhachtach ag cláir theilifíse Gàidhlig chun an teanga a thabhairt slán. Tríd is tríd, léirigh an staidéar cé chomh leochaileach is atá an Ghàidhlig sa Ríocht Aontaithe, in ainneoin reachtaíocht láidir chosanta a bheith ann.

4.2.2 Beartas agus Reachtaíocht

Ó lár na 1970í i leith, tá brí nua sna hiarrachtaí chun Gaeilge na hAlban a chothú agus a athbheochan, fiú má lean an teanga ag meath i dtéarmaí déimeagrafacha (McLeod, 2001). In 1992 dhréachtaigh Comhairle na hEorpa *An Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh*. Rinne Rialtas an RA an Chairt a shíniú in 2000 agus í a dhaingniú in 2001 i dtaca leis an mBreatnais sa Bhreatain Bheag, an Albainis agus an Ghàidhlig in Albain agus Albainis Uladh agus an Ghaeilge i dTuaisceart Éireann. Cuireadh Gaeilge Mhanann agus an Choirnis leis na teangacha sin níos faide anonn. Tá feidhm ag Forálacha Chuid 2 den Chairt (prionsabail ghinearálta agus cuspóirí i leith teangacha réigiúnacha nó mionlaigh) i gcás gach ceann de na teangacha atá luaite. Chomh maith leis sin, tá feidhm ag forálacha ar leith

de chuid Part 3 (bearta chun úsáid teangacha réigiúnacha nó mionlaigh a chur chun cinn) leis an mBreatnais, leis an Ghàidhlig agus leis an nGaeilge.

Aithníonn Rialtas na hAlban go bhfuil an Ghàidhlig ina cuid dhílis d'oidhreacht, d'fhéiniúlacht náisiúnta agus de shaol cultúrtha comhaimseartha na hAlban. Ritheadh reachtaíocht i bhfianaise an aitheantais nua sin. Cuireadh Bille *Achd na Gàidhlig* (Alba) i láthair na Parlaiminte ar 24 Meán Fómhair 2004 agus achtaíodh é bliain ina dhiaidh sin. Thug *Achd na Gàidhlig* (Alba) *2005* stádas oifigiúil don teanga den chéad uair riamh. Ba faoi bhun an Achta a bunaíodh Bòrd na Gàidhlig, a bhfuil cumhachtaí aige tabhairt faoi phleanáil teanga straitéiseach don Ghàidhlig ag leibhéal náisiúnta. Mar sin féin, tá an Ghàidhlig fós leochaileach, in ainneoin na mbeart seo. Tá sé maíte go dteastaíonn comhiarracht ag an Rialtas, an earnáil phoiblí, an earnáil phríobháideach, eagraíochtaí pobail agus cainteoirí aonair chun an Ghàidhlig a thabhairt slán (West agus Graham, 2011). Tá iarrachtaí déanta chun méadú ar úsáid na teanga i ngnóthaí riaracháin phoiblí.

In *Plean Náisiúnta* Bhòrd na Gàidhlig *(2007-2012)*[40] aithnítear ceithre ghné den teanga atá fite fuaite ina chéile agus a gcaithfear dul i ngleic leo. Moltar roinnt réimsí tosaíochta i gcomhair gníomhaíochta:

Sealbhú Teanga

Méadú ar líon na gcainteoirí trína chinntiú go seachadtar an teanga agus trína chinntiú go mbeidh deiseanna éifeachtacha ann chun an Ghàidhlig a fhoghlaim trí:

- méadú ar úsáid agus ar sheachadadh na Gàidhlig sa bhaile;
- méadú ar líon na bpáistí a shealbhaíonn an Ghàidhlig sa bhaile;
- an t-oideachas trí mheán na Gàidhlig a chur ar fáil ar bhonn níos leithne agus méadú ar líon na ndaoine a roghnaíonn é;
- méadú ar líon na bhfoghlaimeoirí a bhaineann líofacht amach sa Ghàidhlig.

Úsáid Teanga

Daoine a spreagadh chun tuilleadh úsáide a bhaint as an Ghàidhlig, tuilleadh deiseanna a chruthú chun an teanga a úsáid agus a éascú do dhaoine iad féin a chur in iúl sa Ghàidhlig trí:

- méadú ar úsáid na Gàidhlig i bpobail;
- méadú ar úsáid na Gàidhlig san oideachas tríú leibhéal agus in áiteanna oibre;

[40] Féach www.gaidhlig.org.uk/bord/wp-content/uploads/sites/2/National-Plan-for-Gaelic.pdf.

- an Ghàidhlig a bheith níos leitheadaí sna meáin chumarsáide;
- tuilleadh a dhéanamh chun an Ghàidhlig a chur chun cinn sna healaíona;
- próifíl na Gàidhlig a ardú sna hearnálacha turasóireachta, oidhreachta agus fóillíochta.

Stádas Teanga

Méadú ar infheictheacht agus ar inchloisteacht na Gàidhlig ar shlí a chruthaíonn íomhá dhearfach di i saol poiblí na hAlban, trí:

- méadú ar líon na gcomhlachtaí a ullmhaíonn Plean reachtúil maidir leis an Ghàidhlig;
- próifíl agus gradam na Gàidhlig a ardú;
- an Ghàidhlig a dhéanamh níos feiceálaí agus níos aitheanta.

Corpas Teanga

Ábharthacht agus comhsheasmhacht na Gàidhlig a neartú agus taighde sa teanga a chur chun cinn trí:

- níos mó airde a thabhairt ar ábharthacht agus ar chomhsheasmhacht na Gàidhlig mar theanga;
- níos mó airde a thabhairt ar chaighdeán agus ar shothuigtheacht aistriúcháin go Gàidhlig;
- tuilleadh faisnéis chruinn taighde a chur ar fáil (Rialtas na hAlban, 2010).

Tugann an laghdú leanúnach ar líon na gcainteoirí agus ar úsáid na teanga le fios nach leor na beartais atá i bhfeidhm chun an Ghàidhlig a chothú agus a chur chun cinn. Tá géarghá le straitéisí níos láidre agus níos comhtháite má táthar chun an t-aistriú teanga chun an Bhéarla a stad (McLeod, 2006b).41 Maíonn an t-údar go bhfuil an Ghàidhlig i staid fhíorlag agus go bhfuil sí ag meath i gcónaí, in ainneoin na dtionscnamh athbheochana ar tugadh fúthu le blianta beaga anuas. Feidhmítear beartais agus cláir chun an Ghàidhlig a neartú i gcomhthéacs sochtheangeolaíoch atá an-dúshlánach ar fad.

4.2.3 Oideachas

Nuair a bunaíodh an córas scoileanna in 1872, is amhlaidh nach raibh soláthar ar bith ann don Ghàidhlig. Ní go dtí 1985 a cuireadh tús leis an oideachas trí Ghàidhlig, i bhfianaise an

41 Is fiú a lua gur le fíordhéanaí a cuireadh na beartais seo i bhfeidhm agus gur féidir go nglacfaidh sé tamall a dtionchar a mheas.

ratha a bhí ar na naíscoileanna Gàidhlig a d'eagraigh Comhairle na Sgoiltean Àraich (McLeod, 2004a). Sna 1970í rinne grúpaí tuismitheoirí éileamh go múinfí a gcuid páistí trí Ghàidhlig. Lean na gluaiseachtaí seo ar aghaidh sna blianta a bhí le teacht.

Is é an múnla is coitianta ag leibhéal bunscoile in Albain ná aonaid Ghàidhlig a bheith lonnaithe i scoileanna Béarla seachas scoileanna neamhspleácha Gàidhlig a bheith ann (McLeod 2003), cé go bhfuil roinnt bheag scoileanna Gàidhlig ann. Tá sé maíte ag daoine áirithe nach mbíonn an tumadh teanga sna haonaid Ghàidhlig i scoileanna Béarla chomh héifeachtach agus a d'fhéadfadh sé a bheith, mar gheall ar an timpeallacht Bhéarla (MacNeil agus Stradling, 2000). Ó thaobh na gceantar ina bhfuil siad suite, agus ó thaobh na ndaltaí a nglacann siad isteach, tá an-éagsúlacht sna scoileanna a bhfuil aonaid Ghàidhlig lonnaithe iontu: tá scoileanna áirithe suite i gceantair ina bhfuil an Ghàidhlig á n-úsáid go forleathan agus ina bhfuil ardchumas Gàidhlig ag a lán de na daltaí, fad is atá scoileanna eile suite i gceantair Bhéarla. Sa chás sin, is le teaghlaigh nach labhraítear Gàidhlig iontu a bhaineann formhór mór na bpáistí atá cláraithe. Is amhlaidh a bhíonn siad siúd ag brath ar an tumadh chun an teanga a shealbhú (ibid.). Tá an t-oideachas Gàidhlig i bhfad níos forbartha ag an mbunleibhéal ná mar atá ag an dara leibhéal. Cé gur measadh i dtosach nár rud inmhianaithe a bhí ann an t-oideachas Gàidhlig a leathnú amach ag an dara leibhéal, ceapadh beartas ann ó shin chun go ndéanfar sin. Tá roinnt beartas agus foinsí maoinithe ag Rialtas na hAlban chun tacú leis an Oideachas Trí Ghàidhlig (OTG). Inniu, tá OTG le fáil i 21 údarás áitiúil, ón oideachas luathóige go dtí an t-oideachas dara leibhéal. Tá gach údarás áitiúil i dteideal Saindeontas Oideachas Gàidhlig a iarraidh chun tacú leis an soláthar Gàidhlig ina gceantar féin. Tá ciste caipitil do Scoileanna Gàidhlig ag Rialtas na hAlban chomh maith agus féadann gach údarás áitiúil cabhair a lorg uaidh sin. Tá roinnt taighde ann a thugann le fios go mbíonn na páistí sna scoileanna Gàidhlig ar aon chéim le páistí sna scoileanna Béarla agus, ar shlite áirithe, go sáraíonn siad iad (Johnstone et al., 1999). Mórábhar imní is ea ganntanas múinteoirí oilte. Ní mór feabhas a chur ar sholáthar múinteoirí a bheidh ábalta teagasc trí Ghàidhlig, rud a admhaíonn Rialtas na hAlban. Tá sé maíte ag údair áirithe nach bhfuil dóthain acmhainní curtha ar fáil, bíodh is gur cuireadh feabhas áirithe ar struchtúir oiliúna (McLeod, 2003). Tosaíodh le déanaí ar chéimeanna a thairiscint in 'Gàidhlig agus Bunoideachas' dóibh siúd atá chun tabhairt faoi oiliúint mhúinteoirí in 2015. An té a bhainfeadh an chéim seo amach, bheadh sé/sí cáilithe chun dul ag obair san earnáil Ghàidhlig nó san earnáil Bhéarla. Níl sé riachtanach aon eolas ar an nGàidhlig a bheith ag iarrthóirí roimh ré.[42]

[42] Rinneadh na cláir seo a fhorbairt chun dul i ngleic le ganntanas náisiúnta múinteoirí Gàidhlig agus chun cur le cumas gairmiúil múinteoirí amach anseo. Tugann na rannpháirtithe faoi shocrúchán bliana i scoileanna Gàidhlig agus i scoileanna Béarla araon. Tá sainchúrsaí ann ar an dátheangachas agus ar an oideachas dátheangach agus fócas faoi leith ar an Ghàidhlig agus ar Albain.

4.2.4 Tionscnaimh Teanga

Nuair a ritheadh *Achd na Gàidhlig (Alba) 2005* baineadh stádas teanga oifigiúil de chuid na hAlban amach don Ghàidhlig. Cuireann an tAcht ar chumas Bhòrd na Gàidhlig iallach a chur ar chomhlachtaí poiblí Pleananna Gàidhlig a ullmhú. Ceapadh an fhoráil sin chun a chinntiú go mbeidh ról ag an earnáil phoiblí in Albain i slánú na Gàidhlig. (Rialtas na hAlban, 2010). Tá réimse leathan eagraíochtaí a bhfuil sé d'aidhm acu an Ghàidhlig a chur chun cinn agus a fhaigheann maoiniú chuige sin ó Bhòrd na Gàidhlig. Bíonn na heagraíochtaí sin ag plé leis an bhfoilsitheoireacht, na healaíona, foghlaimeoirí fásta, tacaíocht do mhúinteoirí, an luathaois, ceol, aistriúchán, taighde agus acmhainní do na scoileanna. Inniu, tá a lán bearta i bhfeidhm chun daoine óga a spreagadh chun slí bheatha a bhaint amach i múineadh na Gàidhlig. Ina measc sin tá cúrsaí cianfhoghlama, cúrsaí páirtaimseartha agus cúrsaí comhrá. Tá Bòrd na Gàidhlig ag tacú le feachtas earcaíochta múinteoirí agus tá post mar oifigeach earcaíochta múinteoirí curtha ar fáil ar fhoireann Bhòrd na Gàidhlig.

Cuireadh tionscnamh teanga ar bun in Ollscoil Ghlaschú in 2009 chun an Ghàidhlig agus cultúr na Gàidhlig a chur chun cinn i measc na foirne agus na mac léinn. Bhí an Ollscoil ar an chéad cheann d'Ollscoileanna stairiúla na hAlban chun Oifigeach Gàidhlig a fhostú. Rinne siad clár bliantúil a fhorbairt a chuimsíonn deiseanna foghlama neamhfhoirmiúla don fhoireann agus do mhic léinn, imeachtaí cultúrtha rialta agus naisc níos láidre le pobal na Gàidhlig i nGlaschú. Tá tionscadal gaolmhar eile ann ar a dtugtar Scéim Cónaitheachta na Gàidhlig a thugann deis do chainteoirí óga Gàidhlig cónaí i dtimpeallacht ina dtig leo an Ghàidhlig a úsáid mar phríomhtheanga. D'éirigh chomh maith sin leis an tionscnamh gur cruthaíodh poist d'Oifigigh Ghàidhlig in Ollscoileanna Dhún Éideann, Obar Dheathain agus Oilthigh na Gàidhealtachd agus nan Eilean (UHI).

4.3 AN BHREATNAIS SA BHREATAIN BHEAG

4.3.1 Forbhreathnú Staire agus an Scéal Mar Atá

Is teanga Cheilteach í an Bhreatnais (Cymraeg) a bhaineann le brainse teangacha Ind-Eorpacha. Le himeacht ama, tháinig an Bhriotainis ar an bhfód agus as sin a d'eascair an Bhreatnais, an Choirnis agus an Bhriotáinis. Bhí an teanga á labhairt ar fud na Breataine Bige agus contaetha ar theorainn Shasana go dtí deireadh an 16 hAois (Rialtas na Breataine Bige, 2009). Pobal Iarthar agus Thuaisceart na Breataine Bige is mó a labhraíonn an Bhreatnais. Tá tréaniarracht á dhéanamh le fiche nó tríocha bliain anuas chun an Bhreatnais a chur chun cinn. Inniu, tá an stádas céanna aici is atá ag an mBéarla san earnáil phoiblí agus tá an dá theanga éigeantach go haois 16 sna scoileanna go léir.

Inniu, is mionlach de mhuintir na Breataine Bige atá líofa sa teanga. Léiríonn na *Suirbhéanna um Úsáid na Breatnaise 2004-06* (Bord na Breatnaise/Bwrdd yr Iaith Gymraeg, 2008) gur féidir na cainteoirí a dhealú de réir aoise agus go bhfuil leibhéil líofachta níos airde i measc na ngrúpaí atá níos sine. Léirigh Daonáireamh 2011 gur tháinig laghdú beag ar líon na ndaoine ó aois trí bliana atá in ann an Bhreatnais a labhairt, a léamh agus a scríobh ó 16 faoin gcéad (458,000) in 2001 go 15 faoin gcéad (431,000) in 2011.

FÍOR 4.3 DÁILEADH NA BHFREAGRÓIRÍ I NDAONÁIREAMH 2011 A MHAÍGH GO BHFUIL SIAD IN ANN AN BHREATNAIS A LABHAIRT



Foinse: Daonáireamh 2011.

Míniú amháin ar an laghdú sin ar líon na gcainteoirí is ea na hathruithe déimeagrafacha a bhaineann le cainteoirí Breatnaise dul ar imirce amach agus daoine nach bhfuil Breatnais acu teacht isteach (An Oifig um Staidreamh Náisiúnta, an Bhreatain Bheag, 2012). Bíodh sin mar atá, léirigh an Daonáireamh gur mhaígh 19 faoin gcéad de dhaonra na Breataine Bige thar trí bliana d'aois go bhfuil siad in ann an teanga a labhairt. Taispeánann Fíor 4.3 an líon freagróirí a mhaígh gur féidir leo an Bhreatnais a labhairt i nDaonáireamh 2011. In ainneoin gur tháinig laghdú beag ar líon na gcainteoirí Breatnaise, tá ceantair ann fós ina bhfuil an teanga á labhairt ag líon suntasach daoine. Ba é Llanrug in Gwynedd an toghroinn ina raibh an céatadán ab airde de chainteoirí Breatnaise, 88 faoin gcéad, in 2011. Ba i dtoghroinn

Churchstoke in Powys a tuairiscíodh an líon ab ísle cainteoirí Breatnaise, 4 faoin gcéad den phobal. Rinneadh suirbhé cáilíochtúil ar chuótashampla ionadaíoch 483 cainteoirí Breatnaise sa Bhreatain Bheag agus léiríodh gur mhaith le tromlach na gcainteoirí a ceistíodh 'deis a bheith acu tuilleadh rudaí a dhéanamh sa Bhreatnais' (84 faoin gcéad go foriomlán, chomh hard le 92 faoin gcéad i gcás an dream ba laige líofacht). Mhaígh 61 faoin gcéad díobh siúd ar cuireadh agallamh orthu gur mhaith leo 'Breatnais níos fearr a labhairt'. Tugann na torthaí sin le fios go bhfuil dúshlán ann fós maidir le timpeallacht a chruthú ina n-athrófaí gnásanna agus dearcadh na ndaoine (Rialtas na Breataine Bige, 2013). I dtaca leis an ngnáthshaol laethúil de, ba iad na tosca a spreagann daoine chun an Bhreatnais a úsáid:

- An Bhreatnais a bheith mar theanga an teaghlaigh;
- Deiseanna chun an Bhreatnais a úsáid sa phobal áitiúil (mar shampla sna siopaí, sa teach tábhairne);
- An Bhreatnais a úsáid i dtosach caidrimh (le cairde nua, cuir i gcás);
- Deiseanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla a bheith ann chun an Bhreatnais a úsáid sa láthair oibre;
- Deiseanna neamhfhoirmiúla a bheith ann chun an Bhreatnais a úsáid (mar shampla, na meáin shóisialta, téacsáil, suíomhanna nuachta ar líne);
- Ábhair theilifíse agus raidió de chaighdeán maith a bheith ar fáil go réidh i mBreatnais, de réir cuid de na freagróirí (ibid. p. 4).

Léirigh an staidéar a thábhachtaí is atá sé go mbeadh teagmháil ag daoine leis an teanga. Léirigh torthaí an tsuirbhé gur mhaígh 36 faoin gcéad de na rannpháirtithe san aoisghrúpa 16 go 24 gur Breatnais a labhraíonn siad i gcónaí, nó an chuid is mó den am, lena gcairde (ba é an figiúr coibhéiseach d'iomlán na gcainteoirí Breatnaise ná 55 faoin gcéad, agus 61 faoin gcéad san aoisghrúpa 60+). Tagann meath ar úsáid na Breatnaise i ndiaidh do dhaoine an scoil a fhágáil, in éagmais deiseanna chun an teanga a úsáid lasmuigh den chóras oideachais. Ar na constaicí eile a chuireann bac ar úsáid na Breatnaise tá:

- Easpa muiníne maidir leis an mBreatnaise a úsáid ina lán comhthéacsanna, ar eagla go mbeifí ag tabhairt breithiúnais orthu (eagla gan chúis, den chuid is mó);
- Líofacht níos fearr sa Bhéarla a bheith ag cainteoirí ná mar atá acu sa Bhreatnais;
- Easpa deiseanna, de réir mar a fheictear do na cainteoirí é, an Bhreatnais a úsáid (mar shampla, i measc cairde, sa phobal nó ar líne);
- Nósanna teanga seanbhunaithe (mar shampla, an Béarla a úsáid sa bhaile, nó ar líne);
- An éascaíocht, de réir mar a thuigtear do chuid de na rannpháirtithe é, a bhaineann le Béarla a úsáid seachas an Bhreatnais (mar shampla, ar líne, ag léamh nó ag scríobh i mBreatnais);

- Próifíl íseal agus easpa feasachta i dtaobh na Breatnaise, go háirithe ar líne;
- Amhras a bheith ar roinnt daoine maidir le caighdeán ábhair theilifíse agus raidió sa Bhreatnais (ibid. p.5).

4.3.2 Beartas agus Reachtaíocht

Tá Scéim Breatnaise reachtúil á rith ag an Rialtas, de réir an *Government of Wales Act 2006* agus an *Welsh Language Act 1993* (Rialtas na Breataine Bige, 2013). Sa Scéim Breatnaise (2011) leagtar amach conas a dhéanfaidh Rialtas na Breataine Bige, agus na státseirbhísigh lena mbaineann forálacha na scéime, na rudaí seo a leanas:

- Seirbhísí trí Bhreatnais a sholáthar don phobal;
- An Bhreatnais a phríomhshruthú le linn do bheartas agus do sheirbhísí nua a bheith á bhforbairt;
- Coinníollacha maidir le húsáid na Breatnaise a fhí isteach i ndeontais agus i gconarthaí atá le bronnadh.

D'fhonn an Bhreatnais a chur chun cinn, tá na haidhmeanna seo a leanas leagtha síos sa *Welsh Language Measure* (2011):

- Soláthar a dhéanamh i gcomhair Chomhairle Comhpháirtíochta Breatnaise;
- Oifig an Choimisinéara Breatnaise a bhunú;
- Tacú le Coiste Comhairleach don Choimisinéir Breatnaise a gcuid oibre a dhéanamh;
- Forálacha a dhéanamh chun an Bhreatnais a chur chun cinn agus a éascú agus caitheamh leis an mBreatnais ar aon chéim leis an mBéarla;
- Caighdeáin a leagan síos maidir leis an mBreatnais (lena n-áirítear dualgais chun cloí leis na caighdeáin sin agus cearta a éiríonn as in-fhorfheidhmitheacht na ndualgas sin);
- Fiosrú a dhéanamh ar aon bhac a chuirtear ar shaorúsáid na Breatnaise;
- Binse Breatnaise a chur ar bun;
- Bord na Breatnaise agus na scéimeanna Breatnaise a chur ar ceal agus Coimisinéir Breatnaise a chur ina n-ionad.

4.3.3 Oideachas

Sa Bhreatain Bheag, bíonn teacht ag daoine ar scoileanna lán-Bhreatnaise, scoileanna lán-Bhéarla agus ar scoileanna dátheangacha, ag brath ar thosca áitiúla.[43] In 1990, rinneadh ábhar éigeantach den Bhreatnais do gach dalta go haois 14 sa Bhreatain Bheag. Leasaíodh

[43] http://wales.gov.uk/topics/educationandskills/allsectorpolicies/welshmededuca/?lang=en.

sin in 1999, go ndearnadh ábhar éigeantach di go haois 16. Déanann gach dalta i ngnáthscoileanna na Breataine Bige staidéar ar an mBreatnais (mar chéad nó mar dara teanga) ar feadh 12 mbliana, ó aois cúig bliana go sé bliana déag. Tugann an t-oideachas lán-Bhreatnaise deiseanna do pháistí agus do dhaoine óga líofacht a bhaint amach sa Bhreatnais trí staidéar a dhéanamh ar réimse ábhar agus disciplíní trí mheán na Breatnaise. Bíodh is go bhfuil meath leanúnach ar an mBreatnais,[44] tá líon na scoileanna Breatnaise ag méadú. Bíonn cineálach éagsúla oideachas dátheangach á gcur ar fáil sa Bhreatain Bheag. Tá scoileanna ann ina múintear sciar maith den churaclam trí mheán na Breatnaise agus scoileanna eile ina múintear roinnt bheag ábhar nó fíorbheagán ranganna trí mheán na Breatnaise. Tá tumchláir dhéanacha ar fáil a chuireann ar a gcumas do dhaltaí i mBliain 6 (aois 10-11), a fuair a gcuid oideachais i scoileanna Béarla, aistriú go meánscoileanna lán-Bhreatnaise. Cuirtear tacaíocht bhreise teanga ar fáil do na daltaí seo go dtí, faoi dheireadh Bhliain 8, go mbíonn siad ar a gcompord le gnáthlá scoile ina múintear ábhair trí mheán na Breatnaise. D'fhéadfaí a mhaíomh gur sa chóras oideachais is mó a shealbhaíonn daoine an Bhreatnais. Bíodh sin mar atá, táthar imníoch nach ionann cumas teanga agus úsáid teanga (Morris, 2014). Is annamh a úsáidtear an teanga lasmuigh den chóras oideachais (Hodges, 2009).

Is é Mudiad Meithrin príomhsholáthraí breis agus 500 grúpa súgartha lán-Bhreatnaise (Cylch Meithrin) sa Bhreatain Bheag. Tugann an eagraíocht tacaíocht do ghrúpaí tuismitheoirí agus páistí beaga (Cylch Ti a fi) a thugann deis do thuismitheoirí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a chabhraíonn le páistí an Bhreatnais a shealbhú ón uair a thagann siad ar an saol go dtí go dtéann siad ar scoil. Le cabhair na heagraíochta seo, bíonn deis ag tuismitheoirí casadh le chéile, seal a chaitheamh i gcuideachta a chéile i gcomhthéacs neamhfhoirmiúil agus a dtaithí ar pháistí a thógáil le Breatnais a roinnt.

4.3.4 Tionscnaimh Teanga

Tugann TAN 20 ('Planning and the Welsh Language') treoir ar conas ba cheart d'údaráis phleanála áitiúla déileáil le saincheisteanna Breatnaise. Tá sé d'aidhm ag an gclár Potentia, ar cuid den Phlean Gníomhaíochta Fiontraíochta é, an fhiontraíochta a spreagadh i ngrúpaí sóisialta atá faoi ghann-ionadaíocht. Cuireann sé tacaíocht ar fáil do chainteoirí Breatnaise (i measc dreamanna eile) chun gnólachtaí a phleánáil agus dul i mbun gnó. Anuas air sin, cuireann an eagraíocht oiliúint agus traenáil ardú feasachta ar fáil do Business Gateway maidir le dul i mbun oibre le grúpaí atá faoi ghannionadaíocht, cainteoirí Breatnaise ina measc. I measc na dtionscnamh eile a bhaineann le hábhar tá 'an Mhonarcha Fiontraíochta' (Ffatri Fenter), a chuireann deiseanna fiontraíochta ar fáil do chainteoirí óga Breatnaise, agus Cwlwm Busnes, suíomh gréasáin a fheidhmíonn mar líonra gnó fíorúil do chainteoirí Breatnaise. Tugann an Tionól tacaíocht bhreise do Bhord na Breatnaise a chuireann ar a gcumas cur le líon na bPleananna Gníomhaíochta Teanga. Cruthaíonn na

[44] Féach Daonáireamh 2011, eochairstaitisticí don Bhreatain Bheag, www.ons.gov.uk/ons/rel/census/2011-census/key-statistics-for-unitary-authorities-in-wales/stb-2011-census-key-statistics-for-wales.html.

tionscnaimh seo struchtúir eacnamaíocha, sóisialta, cultúrtha agus oideachais i bpobail a bhfuil móraistriú teanga ag titim amach iontu agus ina bhfuil an Bhreatnais ag dul i léig i measc an aosa óig. Is é an aidhm atá ann úsáid na Breatnaise a mhéadú agus a spreagadh i suíomhanna eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha ag leibhéal áitiúil. Ní hionann cur chuige ó chás go chéile, ag brath ar thosca agus ar riachtanais áitiúla. I measc na n-eagraíochtaí comhpháirtíochta tá eagraíochtaí ionadaíochta daoine óga, scoileanna áitiúla, clubanna óige, Urdd Gobaith Cymru agus brainsí áitiúla de chuid Chlubanna na bhFeirmeoirí Óga.

4.4 AN FHREASLAINNIS SA FHREASLAINN

4.4.1 Forbhreathnú Staire agus an Scéal Mar Atá

Is ceann de dháréag proibhinse na hÍsiltíre í an Fhreaslainn ('Fryslân' sa Fhreaslainnis). I dtuaisceart na tíre atá sí suite. Teanga Ind-Eorpach is ea an Fhreaslainnis[45] a bhaineann le brainse Ghearmáinic an Iarthair. Labhraíonn timpeall 400,000 i gcúige na Freaslainne í, amach as daonra timpeall 600,000[46]. Sa 16ú hAois, cuireadh an Ollainnis i réim mar theanga oifigiúil agus chuir sí an ruaig ar an bhFreaslainnis ina lán ceantar. Ó 1815 i leith tá an Fhreaslainn ina cúige de chuid ríocht nuabhunaithe na hÍsiltíre. As sin amach, d'athghnóthaigh an Fhreaslainnis a stádas mar theanga oifigiúil riaracháin, oideachais agus dlí (Euromosaic, 1995). Is iad na teangacha oifigiúla i gCúige Fryslân ná an Fhreaslainnis, an Ollainnis chaighdeánach agus an Fhreaslainnis Iartharach. Taispeánann Fíor 4.4 dáileadh na dteangacha Freaslainnise san Eoraip inniu. Tá an Fhreaslainnis ag formhór na ndaoine a chónaíonn i gCúige Fryslân (75 faoin gcéad) ach tá leibhéil litearthachta sa teanga sách íseal, in ainneoin na scolaíochta dátheangaí. Is fiú a lua go bhfuil an dátheangachas i réim sa chúige go hoifigiúil (an Fhreaslainnis-an Ollainnis).

De réir staidéir a rinne Acadamh na Freaslainne (Gorter, 1992), labhraíonn timpeall 60 faoin gcéad de dhaonra na Freaslainne an Fhreaslainnis mar chéad teanga. Go déanach sna 1960í bhí gach uile Fhreaslannach, beagnach, in ann an teanga a thuiscint (97 faoin gcéad). Bhí 83 faoin gcéad in ann í a labhairt, bhí 69 faoin gcéad in ann í a léamh agus bhí 11 faoin gcéad in ann í a scríobh (féach freisin Pietersen, 1976). Deich mbliana ina dhiaidh sin, ní raibh ach laghdú beag tagtha ar líon na ndaoine a mhaígh go raibh siad in ann an teanga a thuiscint (94 faoin gcéad) ach bhí cumas labhartha i ndiaidh laghdú go 73 faoin gcéad. Bhí laghdú beag ar leibhéil litearthachta freisin (léitheoireacht: 65 faoin gcéad, scríbhneoireacht 10 faoin gcéad). Tá coibhneas láidir idir rogha teanga daoine agus a

45 Is iad na teangacha is gaire gaol don Fhreaslainnis Iartharach ná an Fhreaslainnis Thuaisceartach, a bhfuil timpeall 10,000 cainteoirí aici agus an tSatar-Fhreaslainnis, an t-aon iarsma atá fágtha den Fhreaslainnis Oirthearach, a bhfuil timpeall 2,000 cainteoir aici. Is iad seo na trí theanga i ngrúpa na dteangacha Freaslainnise. Iad seo, agus an Béarla, na teangacha atá i ngrúpa na Mara Thuaidh de theangacha Gearmáinice an Iarthair.

46 Tá cainteoirí Freaslainnise sa Ghearmáin agus sa Danmhairg chomh maith.

ndearcadh i leith na teanga; is iad na cainteoirí Freaslainnise is mó a bhfuil dearcadh dearfach acu i leith na teanga (Gorter agus Ytsma, 1988).

4.4.2 Beartas agus Reachtaíocht

In 2013 vótáil Parlaimint na hÍsiltíre d'aon ghuth i bhfabhar achta maidir le húsáid na Freaslainnise. Dearbhaíonn an tAcht stádas na Freaslainnise mar dara teanga oifigiúil na hÍsiltíre agus leagann sé rialacha síos maidir le húsáid na Freaslainnise i ngnóthaí riaracháin phoiblí agus sa chóras dlí. Is é an tAcht atá mar bhonn dlí leis an gconradh teanga agus cultúir a rinneadh idir an Rialtas náisiúnta agus Cúige Fryslân. Tá plé fós ar siúl maidir le seirbhísí raidió agus teilifíse poiblí (Research Centre of Multilingualism, 2010).

FÍOR 4.4 DÁILEADH NA DTEANGACHA FREASLAINNISE SAN EORAIP INNIU



Foinse: https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Frisian_languages_in_Europe.svg, 2013

In 1844 a bunaíodh an chéad chumann ar son an Fhreaslainnis a chur chun cinn. Sa 20ú hAois bhunaigh grúpaí Protastúnacha agus grúpaí Caitliceacha eagraíochtaí dá gcuid féin chun tacú leis an teanga. Inniu, is é an phríomheagraíocht teanga ná Comhairle Ghluaiseacht na Freaslainne (Ried van de Fries Beweging). Ar an mórgóir, tá dearcadh fabhrach ag gach páirtí polaitiúil sa Fhreaslainn i leith na Freaslainnise. Tá foras faoi leith san fheidhmeannas áitiúil a bhfuil sé de chúram air rialacháin a cheapadh le haghaidh úsáid na Freaslainnise sa saol poiblí, lena n-áirítear an córas oideachais, agus doiciméid a ullmhú sa teanga (Euromosaic, 1995).

Tá cáineadh déanta ar an nós atá ann comharthaí bóthair, logainmneacha agus a leithéid a bheith in Ollainnis amháin. Le cabhair deontais Eorpacha, tá modheolaíochtaí múinteoireachta forbartha don Fhreaslainnis. Tá áiseanna teagaisc curtha ar fáil agus bíonn scoileanna samhraidh ar siúl. Tá na páirtithe polaitiúla go léir i ndiaidh glacadh leis an bhFreaslainnis agus aitheantas a thabhairt di, ach tá moill ar fheidhmiú na mbeartas ar son na Freaslainnise.

4.4.3 Oideachas

Is í an Ollainnis an gnáthmheán teagaisc san oideachas dara leibhéal, cé go bhfuil an Fhreaslainnis á múineadh i meánscoileanna ó 1948. Rinneadh ábhar éigeantach den Fhreaslainnis i mbunscoileanna na Freaslainne in 1980 agus i meánscoileanna íochtaracha agus i scoileanna speisialta in 1993. Bíodh sin mar atá, tá a lán meánscoileanna uachtaracha ann nach mbíonn an Fhreaslainnis á múineadh iontu. Sna scoileanna sin a bhfuil an Fhreaslainnis sa churaclam iontu, ní dhéanann formhór na múinteoirí aon dealú idir cainteoirí máthairtheanga agus na daltaí a fhoghlaimíonn an Fhreaslainnis mar dara teanga. Is beag eolas a mhalartaítear idir na bunscoileanna agus na meánscoileanna i dtaca leis an gcuraclam, modhanna múinteoireachta ná foghlaim teangacha. Inniu, níl aon mheánscoileanna Freaslainnise i gCúige Fryslân (Research Centre of Multilingualism, 2010).

Tá grúpaí súgartha Freaslainnise ar an bhfód ó 1989. Tá líon na ngrúpaí seo i ndiaidh méadú go mór le blianta beaga anuas. Inniu, tá timpeall 55 grúpa súgartha dátheangacha nó lán-Fhreaslainnise ann, ag freastal ar 1,300 páiste. Le fiche nó tríocha bliain anuas, bunaíodh roinnt scoileanna ilteangacha (an Fhreaslainnis, an Ollainnis agus Béarla). Sa scoilbhliain 2005-2006 bhí 492 bunscoil i gCúige na Freaslainne agus timpeall 62,000 dalta iontu. Scoileanna dátheangacha is ea timpeall 20 faoin gcéad díobh sin; i bhformhór na scoileanna eile, ní mhúintear an Fhreaslainnis ach ar feadh uair an chloig sa tseachtain (ibid.).

4.4.4 Tionscnaimh Teanga

Gné uathúil a bhaineann leis an réigiún seo mar a chothaítear an dátheangachas go ginearálta agus an Fhreaslainnis go háirithe. Tá feachtais ann a thacaíonn le scoileanna trítheangacha agus feachtais eile a mhíníonn buntáistí an ilteangachais do thuismitheoirí. Is é Afûk an institiúid is tábhachtaí sa réigiún ó thaobh chur chun cinn na Freaslainnise de. Is é aidhm na heagraíochta ná úsáid na Freaslainnise agus eolas ar an teanga agus a cultúr a chur chun cinn. Cuireann sé cúrsaí teanga ar fáil agus foilsíonn irisí, cluichí ríomhaireachta agus leabhair sa Fhreaslainnis.

4.5 AN CHATALÓINIS SA SPÁINN

4.5.1 Forbhreathnú Staire agus an Scéal Mar Atá

Teanga Rómánsach Iartharach is ea an Chatalóinis (Català) a labhraítear in oirthear agus in oirthuaisceart na Spáinne, go háirithe sa Chatalóin, Valencia, sna hOileáin Bhailéaracha agus i gceantair áirithe de chuid Murcia (féach Fíor 4.5). Idir 1137 agus 1749 ba í teanga oifigiúil ríocht Aragon í. Inniu, is féidir le líon mór daoine an Chatalóinis a labhairt. Meastar go bhfuil 4 mhilliún duine sa Spáinn arb í an Chatalóinis a máthairtheanga. Anuas air sin, meastar go bhfuil trí mhilliún eile sa Spáinn a labhraíonn an Chatalóinis mar dhara nó mar thríú teanga. Tá dhá mhilliún eile ann a thuigeann an teanga ach nach bhfuil in ann í a labhairt. Amach as teangacha mionlaigh na hEorpa ar fad, is í an Chatalóinis a bhfuil an líon is mó cainteoirí aici. Tá dhá theanga oifigiúla sa Chatalóin; an Spáinnis agus an Chatalóinis. Mheath an teanga i ndiaidh an Chogaidh Chathartha, nuair a chealaigh an deachtaire Francisco Franco (1939-1975) an stádas oifigiúil a bhí tugtha don Chatalóinis faoi reacht féinrialach a rinne Dara Poblacht na Spáinne (1931-1939). Cuireadh toirmeasc ar an teanga a úsáid go poiblí (Mercator, 2013). Inniu, is í an Chatalóinis an teanga cheannasach i gcórais oideachais agus riaracháin an réigiúin. Is gnách comharthaí bóthair, lipéid i dtaispeántais músaeim srl. a bheith dátheangach (ibid.). Tá gné láidir pholaitiúil ag baint leis an gCatalóinis mar gheall ar ghrúpaí atá ar son na bpáirtithe náisiúnacha agus arbh fhearr leo an Chatalóinis a bheith níos treise ná an Spáinnis sa réigiún. Tá úsáid seo na Catalóinis chun críocha idé-eolaíochta i ndiaidh drochthionchar a imirt ar dhearcadh na ngrúpaí sin nach labhraíonn an Chatalóinis.

FÍOR 4.5 CEANTAIR INA LABHRAÍTEAR AN CHATALÓINIS

Foinse: https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Catalan_Countries.svg, 2013.

Mar gheall ar athruithe sa chóras oideachais in 1978 (féach thíos), tá méadú tagtha ar líon na gcainteoirí Catalóinise. Léiríonn torthaí an Staidéir ar Úsáid Teanga a rinneadh in 2008 gur féidir le tromlach na ndaoine (99.9 faoin gcéad) os cionn cúig bliana déag d'aois an Chatalóinis a thuiscint agus a labhairt (78.3 faoin gcéad), a léamh (81.7 faoin gcéad) agus a scríobh (62.3 faoin gcéad) (Arnau, 2011).

4.5.2 Beartas agus Reachtaíocht

Chuir stát na Spáinne a thacaíocht do na príomhtheangacha réigiúnacha in iúl sa Bhunreacht nó *Constitución Española* (1978). Dearbhaíonn an doiciméad seo gurb í an Spáinnis teanga oifigiúil an Stáit, ach ceadaítear do na pobail féinrialaitheacha nó do réigiúin na Spáinne stádas oifigiúil a thabhairt do theangacha eile. Tá an chreatlach dhlíthiúil a rialaíonn cúrsaí teanga sa Spáinn le fáil i mBunreacht 1978, go háirithe in Airteagal 3, agus sna reachtanna féinrialach don Chatalóin, do Valencia, do na hOileáin Bhailéaracha agus d'Aragon. Sa Chatalóin, feidhmítear í trí dhlí nua maidir le beartas teanga a ritheadh in 1998 (in ionad dhlí 1983), sna hOileáin Bhailéaracha feidhmítear í trí dhlí maidir le beartas teanga a ritheadh in 1986 agus, in Valencia, feidhmítear í trí dhlí 1983 maidir le húsáid agus múineadh na Vaileinsise. In Andóra, is í an Chatalóinis an t-aon teanga oifigiúil sa stát, de réir Airteagal 2 de *Bunreacht Phrionsacht Andóra*, 1993.

In 1990, d'fhaomh Parlaimint na hEorpa 'Rún maidir le dálaí na dteangacha sa Chomhphobal agus maidir leis an gCatalóinis'. Tugann an rún seo aitheantas d'fhéiniúlacht, do bhailíocht agus d'úsáid na Catalóinise i gcomhthéacs an Aontais Eorpaigh agus molann go gcuimseofaí an Chatalóinis i mbearta áirithe a dhéanann na hinstitiúidí Eorpacha.

4.5.3 Oideachas

Úsáidtear an Chatalóinis mar mheán teagaisc ag gach leibhéal den chóras oideachais sa Chatalóin. Tá an teanga á múineadh sa chóras oideachais ó 1978 agus is iomaí cor atá tagtha sa chur chuige oideachais i gcaitheamh an ama sin: gan scoileanna ná ranganna faoi leith a chruthú do chainteoirí Catalóinise agus do chainteoirí Spáinnise; íosmhéid uaireanta an chloig a leagan síos i gcomhair teangacha a mhúineadh; ranganna tumoideachais luathaoise a bhunú do chainteoirí Spáinnise agus an Chatalóinis a chur chun cinn sa churaclam. Ó 1978 i leith tá athrú mór eile tagtha: méadaíodh ar líon na mbunscoileanna lán-Chatalóinise agus tá tumchláir ann chun an Chatalóinis a mhúineadh do pháistí nach í a máthairteanga í. Tá smacht iomlán ag an *Generalitat de Catalunya* (rialtas na Catalóine) ar bhunscoileanna, meánscoileanna agus na naoi n-ollscoil sa réigiún (Arnau, 2011). Idir na 1980í agus na 1990í, d'athraigh an Chatalóin an tsamhail teanga a bhí in úsáid sna scoileanna sa chaoi is gurb é an 'cómhúineadh' atá á chleachtadh i bhformhór na scoileanna. Sa tsamhail seo, déantar na daltaí go léir a mhúineadh i gcomhluadar a chéile,

beag beann ar a gcéad teanga, agus an Chatalóinis mar mheán teagaisc. Ceist chonspóideach is ea an cómhúineadh trí Chatalóinis. Go ginearálta, tá an tsamhail seo i dtreis sa bhunoideachas ó bhí tús na mílaoise ann agus tá sé in úsáid san oideachas dara leibhéal i bhformhór na ranganna éigeantacha agus na ranganna iar-éigeantacha, bíodh is go bhfuil a lán eisceachtaí ann (Vila I Moreno, 2007).

De réir dhlí na Catalóine, ní féidir daltaí a lonnú i scoileanna éagsúla mar gheall ar a máthairtheanga agus caithfear an Chatalóinis a úsáid diaidh ar ndiaidh go mbeidh na daltaí níos líofa inti. Anuas air sin, caithfidh múinteoirí an dá theanga oifigiúla a bheith acu agus caithfidh curaclaim oiliúna múinteoirí é a bheith mar sprioc acu go mbainfidh daltaí máistreacht shásúil amach ar an gCatalóinis agus ar an Spáinnis (Euromosaic, 2011).[47]

Ní hionann dálaí na teanga in Valencia agus sna hOileáin Bhailéaracha. Ó cuireadh an daonlathas i réim arís in 1977, tá na hOileáin Bhailéaracha á rialú ag páirtithe pan-Spáinneacha (i.e. páirtithe neamhnáisiúnacha). Ní hé go bhfuil na páirtithe seo glan i gcoinne an Chatalóinis a ligean isteach sna scoileanna ach níl siad iontach díograiseach ina bhun ach oiread. Tá an fhéiniúlacht teanga níos laige in Valencia ná mar atá sa Chatalóin agus sna hOileáin Bhailéaracha. Bíodh is go bhfuil an córas oideachais faoi smacht rialtas Valencia, ní leor na hiarrachtaí atá déanta chun an Chatalóinis a chur in úsáid níos leithne sna scoileanna. Níl mórán tacaíochta i measc an phobail ar son a leithéid de bheart (Arnau, 2011). Anuas air sin, tá grúpaí Vaileinsise ann a shéanann gur aon teanga amháin atá sa Chatalóinis, argóint a chuirtear chun cinn mar pháirt d'fheachtas frith-Chatalónach.

4.5.4 Tionscnaimh Teanga

Ó thús na 1990í, bhain náisiúnaigh teanga na Bascaise, na Catalóinise agus na Gailísise úsáid éifeachtach as an Idirlíon chun na teangacha sin a chur chun cinn. In 1993, rinne an institiúid nuabhunaithe, Ollscoil Oscailte na Catalóine (UOC), cinneadh chun a cuid cúrsaí go léir a chur ar fáil ar líne i gCatalóinis. Inniu, tá os cionn 30,000 dalta ar líne ag an UOC agus iad ag gabháil do réimse leathan céimeanna ollscoile trí mheán na Catalóinise. Chuir gach ceann de na rialtais réigiúnacha béim mhór ar mhúineadh 'a dteangacha féin' sna scoileanna. Is ábhar conspóideach i gcónaí an t-íosmhéid uaireanta an chloig in aghaidh na seachtaine a chaithfear i mbun teangacha réigiúnacha a mhúineadh seachas an teanga náisiúnta (an Spáinnis). I gcás na dteangacha go léir, is é an tIdirlíon an meán is éifeachtúla ó thaobh costais de chun ábhair chúrsa agus foclóirí tagartha a sholáthar do na scoileanna agus chun tacú le foghlaim teangacha.

47 www.uoc.edu/euromosaic/web/document/catala/an/i1/i1.html.

Is comhlacht poiblí é Institut Ramon Llull a bunaíodh chun an Léann Catalóinise a chur chun cinn in ollscoileanna ar an gcoigríoch, chun saothair litríochta agus smaointeoireachta a aistriú ó Chatalóinis, agus chun aird a tharraingt ar shaothair chultúrtha Chatalónacha i réimsí mar an amharclannaíocht, scannáin, an sorcas, rince, ceol, na hamharcealaíona, dearadh agus ailtireacht. Ón uair a bunaíodh é, tá polasaí á fheidhmiú ag Ollscoil Pompeu Fabra an Chatalóinis a úsáid i dteagasc agus i riarachán. Chuige sin, rith an ollscoil fodhlíthe dá cuid féin chun a fhógairt gurb í an Chatalóinis teanga oifigiúil na hollscoile in ainneoin fhorálacha Airteagal 3.2 de *Reacht Féinrialach na Catalóine*.

4.6 ACHOIMRE

Le fiche nó tríocha bliain anuas, tá suim níos mó á cur i gcur chun cinn agus i gcothú teangacha mionlaigh ar fud na hEorpa. Bíodh sin mar atá, agus in ainneoin na mbeartas agus na ngníomhaíochtaí ar glacadh leo ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal an AE, is léir go bhfuil líon cainteoirí na dteangacha seo ag titim i gcónaí. Léirigh an chaibidil seo go dteastaíonn comhiarracht ag rialtais, córais oideachais, pobail agus cainteoirí teangacha mionlaigh iad féin má tá aon mhéadú le teacht ar líon na gcainteoirí dúchais. Tá reachtaíocht ann chun teangacha mionlaigh a chosaint i ngach ceann de na tíortha cás-staidéir, díreach mar atá i bPoblacht agus i dTuaisceart Éireann. Bíodh sin mar atá, mar a chonaiceamar i gcás na Freaslainnise, ní leor tacaíocht rialtais mura ngníomhaíonn páirtithe leasmhara eile. Chun go dtarlóidh sin, ní mór dearcadh níos dearfaí a bheith ag daoine i leith pé teanga a bheadh i gceist. Bíonn tionchar diúltach ag an ngné pholaitiúil a bhaineann leis an nGaeilge i dTuaisceart Éireann, nó leis an gCatalóinis sa Spáinn, ar dhearcadh daoine áirithe sna dlínsí sin. Léirigh Caibidil a Dó a thábhachtaí is atá an córas oideachais i gcothú na Gaeilge. Ar an gcaoi chéanna, is í ról lárnach na Breatnaise agus na Catalóinise sa chóras oideachas a chinntíonn go mbíonn líon leanúnach cainteoirí ag na teangacha sin. Ní féidir é sin a dhéanamh gan múinteoirí ardcháilithe a bheith ann. Tá iarrachtaí suntasacha déanta in Albain chun múinteoirí Gàidhlig a oiliúint agus bíonn tacaíocht le fáil ó Oifigeach Earcaíochta Múinteoirí Gàidhlig. Sa Chatalóin, cuirtear tumranganna ar fáil do chainteoirí Spáinnise chun tacú le foghlaim na teanga; in Albain, áit a mbíonn an Ghàidhlig á múineadh in aonaid Ghàidhlig istigh i scoileanna Béarla den chuid is mó, ní mheastar an tumadh a bheith éifeachtach ar an ábhar go mbíonn na daltaí sáite i dtimpeallacht Bhéarla ar feadh an lae. Os a choinne sin, cuirtear tumranganna ar fáil sa Bhreatain Bheag do dhaltaí a aistríonn ó bhunscoileanna Béarla agus meastar go mbíonn ról tábhachtach ag na ranganna sin i sealbhú teanga na ndaltaí. Léiríonn an taighde in Éirinn agus fianaise ón mBreatain Bheag gur am cinniúnach is ea fágáil na scoile chomh fada agus a bhaineann le húsáid mionteangacha i measc daoine óga. Ar an mórgóir, ní bhíonn mórán deiseanna ann chun úsáid ghníomhach a bhaint as teangacha mionlaigh lasmuigh den scoil agus, dá bhrí sin, is gnách go dtagann lagú ar chumas na gcainteoirí le himeacht ama. Tá ról riachtanach ag an réamhoideachas agus ag grúpaí tacaíochta tuismitheoirí chun tacú le seachadadh na teanga ó ghlúin go glúin. Tá tacaíocht láidir ar son chothú na teanga mionlaí i gCúige na Freaslainne san Ísiltír. Cúige dhátheangach atá inti, go

hoifigiúil; ábhar éigeantach atá sa Fhreaslainnis sna bunscoileanna agus tá na páirtithe polaitiúla go léir ar son na Freaslainnise. Dá bhrí sin, labhraíonn 75 faoin gcéad de mhuintir Fryslân an Fhreaslainnis. Sa deireadh thiar thall is iad na tosca a dhéanann teanga marthanach ná an spreagadh a bhíonn ag daoine chun í a úsáid, teagmháil leis an teanga, an gradam a shamhlaítear léi agus deiseanna fónta chun an teanga a úsáid.

Caibidil 5

An tOideachas Gaeilge i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann: Torthaí an tSuirbhé

5.1 INTREOIR

Tugadh stádas mar chéad teanga náisiúnta na hÉireann don Ghaeilge tráth a bunaíodh an Stát, faoi mar a leagadh síos in Airteagal 14 de Bhunreacht Shaorstát Éireann (1922). Dhearbhaigh Airteagal 8 de Bhunreacht 1937 an stádas sin (féach Caibidil a Dó). Faoi mar a léiríodh i gCaibidil a hAon, tá baint mhór idir dearcadh daoine i leith na Gaeilge agus an teagmháil a bhíonn acu leis an teanga sin. Mar gheall ar stádas oifigiúil na Gaeilge, agus an Ghaeilge a bheith mar chroí-ábhar scoile i bPoblacht na hÉireann (PÉ), bíonn teagmháil níos minice ag daoine sa Phoblacht ná mar a bhíonn i dTuaisceart Éireann, áit nach mbíonn ach deiseanna teoranta ann chun an Ghaeilge a fhoghlaim ar scoil. Tosaíonn an chaibidil seo le súil siar ar an oideachas Gaeilge de réir thaithí na bhfreagróirí fásta a ghlac páirt in *An Suirbhé Gaeilge 2013*. Tá plé níos doimhne in Alt 5.3 ar na difríochtaí i ndearcadh daoine ó earnáil go chéile (scoileanna Béarla, Gaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta). Chuige sin, beifear ag tagairt do *Growing Up in Ireland* (GUI) staidéar a rinneadh ar pháistí atá ar scoil i bPoblacht na hÉireann faoi láthair. In Alt 5.4, déanfar scagadh ar dhearcadh daltaí dara leibhéal sa Phoblacht i leith na Gaeilge.

5.2 TAITHÍ AR AN NGAEILGE SA CHÓRAS OIDEACHAIS – AN SUIRBHÉ GAEILGE 2013

5.2.1 An Ghaeilge mar ábhar sa Bhunscolaíocht agus san Iar-Bhunscolaíocht

Thug *An Suirbhé Gaeilge (2013)* léargas ar an difríocht idir an soláthar Gaeilge i gcórais oideachais Phoblacht na hÉireann agus Thuaisceart Éireann. Thuairiscigh i bhfad níos mó daoine i bPoblacht na hÉireann go ndearna siad staidéar ar an nGaeilge mar ábhar bunscoile ná mar a thuairiscigh i dTuaisceart Éireann (PÉ: 72 faoin gcéad; TÉ: 8 faoin gcéad), rud a bhí fíor i gcás na hiar-bhunscoile freisin (PÉ: 67 faoin gcéad; TÉ: 25 faoin gcéad) faoi mar a thaispeántar i dTáblaí 5.1 agus 5.2. I bPoblacht na hÉireann, laghdaigh an staidéar Gaeilge idir an bhunscoil agus an iar-bhunscoil (-5 pointí céatadáin) fad is a mhéadaigh sé i dTuaisceart Éireann (+17 pointí céatadáin). Is é is cúis leis sin ná go gcuirtear an Ghaeilge ar fáil mar ábhar roghnach i meánscoileanna i dTuaisceart Éireann, cé nach mbíonn sí á múineadh go forleathan i mbunscoileanna na dlínse.[48] Is ábhar éigeantach í an Ghaeilge i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna atá aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna i bPoblacht na hÉireann. Bíodh sin mar atá, tá cúinsí áirithe ann

[48] Ní bhíonn an Ghaeilge á múineadh i scoileanna neamh-Chaitliceacha, amach ó roinnt scoileanna imeasctha.

ina ndeonaítear díolúine ón nGaeilge, mar shampla i gcás daltaí a d'fhreastail ar scoil lasmuigh den Phoblacht, i gcás daltaí nach bhfuil Béarla acu nó a bhfuil deacrachtaí foghlama áirithe acu.[49] Is féidir gur sa chatagóir sin atá an 5 faoin gcéad de na freagróirí ón bPoblacht a thuairiscigh nach ndearna siad staidéar ar an nGaeilge sa bhunscoil.

TÁBLA 5.1 Teagmháil Freagróirí leis an nGaeilge ar Bhunscoil

Bunscoileanna	Poblacht na hÉireann		Tuaisceart Éireann	
	2001 %	2013 %	2001 %	2013 %
Gan Ghaeilge ar bith	5	5	88	81
Gaeilge mar ábhar amháin	81	72	9	8
Roinnt ábhar trí Ghaeilge	12	5	2	3
Lán-Ghaeilge	2	3	0	0
Eile*	0	15	1	7

Foinse: *Suirbhéanna Gaeilge 2001, 2013.*
Nóta: **Eile: Daoine a fuair a gcuid oideachais lasmuigh d'Éirinn (rogha in 2013 amháin), 'ní fios' agus 'ní cuimhin'.*

TÁBLA 5.2 Teagmháil Freagróirí leis an nGaeilge ar Iar-Bhunscoil

Iar-Bhunscoil	PÉ		TÉ	
	2001 %	2013 %	2001 %	2013 %
Gan Ghaeilge ar bith	5	5	78	64
Gaeilge mar ábhar amháin	80	67	18	25
Roinnt ábhar trí Ghaeilge	5	3	1	2
Lán-Ghaeilge	1	3	0	0
Eile*	9	22	3	9

Foinse: *Suirbhéanna Gaeilge 2001, 2013.*
Nóta: **Eile: Fuair oideachas lasmuigh d'Éirinn (rogha in 2013 amháin), bunoideachas amháin, níl a fhios agam, ní cuimhin liom.*

5.2.2 An Ghaeilge mar Mheán Oideachais sa Bhunscolaíocht agus san Iar-Bhunscolaíocht

Léiríonn *An Suirbhé Gaeilge 2013* go bhfuil difríocht ann idir an dá dhlínse maidir leis an nGaeilge mar ábhar, ach níl difríocht chomh suntasach céanna ann i dtaca leis an nGaeilge mar mheán oideachais. Ní dhearna ach líon beag freagróirí staidéar ar 'roinnt ábhair eile trí Ghaeilge' (Bunscoil PÉ: 5 faoin gcéad; TÉ: 3 faoin gcéad / Iar-Bhunscoil PÉ: 3 faoin gcéad; TÉ: 2 faoin gcéad). Is beag an líon daoine ar cuireadh oideachas orthu i suíomh 'lán-Ghaeilge' (Bunscoil PÉ: 3 faoin gcéad; TÉ: 0 faoin gcéad / Iar-bhunscoil PÉ: 3 faoin gcéad; TÉ: 0 faoin gcéad). Úsáideadh sonraí GUI chun tuilleadh a sholáthar faoi thaithí daoine ar an nGaeilge a fhoghlaim i mbunscoileanna sa Phoblacht, eolas atá le fáil in Alt 5.3. In Alt 5.3.4, déantar scagadh ar dhearcadh daltaí iar-bhunscoile.

[49] Féach: www.schooldays.ie/articles/exemption-from-irish.

5.2.3 Scrúduithe Gaeilge

Iarradh ar na freagróirí a insint cad é an scrúdú poiblí ab airde a rinne siad i nGaeilge. Taispeánann Tábla 5.3 na difríochtaí idir an dá dhlínse. Ní dhearna 78 faoin gcéad de na freagróirí i dTuaisceart Éireann scrúdú i nGaeilge riamh. Ba é an figiúr coibhéiseach ná 14 faoin gcéad sa Phoblacht. Is dócha go gcuimsíonn na figiúirí do Phoblacht na hÉireann roinnt daltaí a raibh díolúine acu ón nGaeilge. Anuas air sin, bíodh is go bhfuil sé éigeantach staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge, mura bhfuil díolúine faighte, níl sé éigeantach tabhairt faoin scrúdú féin. Thuairiscigh fiche is a trí faoin gcéad de na daltaí sa Phoblacht gurb í an Ardteistiméireacht (Ardleibhéal) an scrúdú poiblí ab airde a rinne siad sa teanga,[50] méadú 15 faoin gcéad ón bhfigiúr i suirbhé 2001. Léiriú is ea na figiúirí sa tábla thíos ar stádas na Gaeilge mar ábhar éigeantach sna scoileanna i bPoblacht na hÉireann.

TÁBLA 5.3 An Scrúdú Poiblí is airde a Rinneadh trí Ghaeilge

	PÉ		TÉ	
	2001	2013	2001	2013
Faic	15	14	91	78
Ollscoil – leibhéal céime iomláine	2	1	1	0
Ollscoil – fo-ábhar	1	1	0	0
Coláiste oiliúna múinteoirí	1	2	0	0
A-leibhéal/AS/A2	1	0	1	2
An Teastas Sinsearach, Ard	15	23	0	2
An Teastas Sinsearach, Íseal	33	21	1	0
O-Leibhéal/TICO/Meánteastas/Teastas Sóisearach	28	19	5	7
Eile	4	2	2	2
Ní bhaineann / Ní cuimhin liom	1	17	1	9

Foinse: Suirbhéanna Gaeilge 2001, 2013.

5.2.4 Minicíocht Iarrachtaí chun an Ghaeilge a Fhoghlaim nó a Fheabhsú Tar Éis an Scoil a Fhágáil

In *An Suirbhé Gaeilge* (2013 agus 2001)[51] fiafraíodh d'fhreagróirí ar chuir siad feabhas ar a gcuid Gaeilge ó d'fhág siad an bhunscoil/iar-bhunscoil agus, má chuir, cé chomh suntasach is a bhí an feabhas sin (féach Tábla 5.4). Mhaígh céatadán beag daoine fásta ar feadh oileán na hÉireann (PÉ: 15 faoin gcéad; TÉ: 11 faoin gcéad) gur thriail siad an Ghaeilge a fhoghlaim nó feabhas a chur uirthi agus iad ina ndaoine fásta; is mar a chéile, cuid mhór, na patrúin sa dá dhlínse.

TÁBLA 5.4 Minicíocht iarrachtaí chun an Ghaeilge a fhoghlaim/a fheabhsú mar dhuine fásta.

50 Léiríonn seo méadú ar an gcéatadán a thug faoi Scrúdú na hArdteistiméireachta.

51 Rinneadh na suirbhéanna ar phobail éagsúla (féach thuas).

	PÉ		TÉ	
	2001 %	2013 %	2001 %	2013 %
Uair Amháin	2	5	2	4
Cúpla Uair	8	10	4	7
Riamh	90	85	94	89

Foinse: Suirbhéanna Gaeilge 2001, 2013.

5.3 AN GHAEILGE I MBUNSCOILEANNA AGUS IN IAR-BHUNSCOILEANNA I BPOBLACHT NA HÉIREANN

5.3.1 Cineálacha Bunscoile

In Alt 5.2, úsáideadh sonraí ó *An Suirbhé Gaeilge 2013* chun súil siar a thabhairt ar an nGaeilge sa chóras oideachais i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann le linn an ama a bhí na freagróirí féin ar scoil. San alt seo, déanfar anailís ar na difríochtaí ó earnáil go hearnáil sna cineálacha éagsúla bunscoile i bPoblacht na hÉireann, faoi mar a imlíníodh i gCaibidil 1 iad: Béarla, lán-Ghaeilge (Gaelscoileanna) agus scoileanna Gaeltachta. Chuige sin, beidh an tuarascáil ag tarraingt ar shonraí ualaithe ón GUI a bhaineann leis an gcohórt scoile naoi mbliana d'aois. Is ar scoileanna Béarla a d'fhreastail formhór na bpáistí sa sampla (93 faoin gcéad), ar Ghaelscoileanna a d'fhreastail 6 faoin gcéad agus ar scoileanna Gaeltachta a d'fhreastail 2 faoin gcéad. Scoileanna Caitliceacha a bhí i ngach ceann de na scoileanna Gaeltachta agus formhór na nGaelscoileanna (99 faoin gcéad), de réir a dtuairisce féin. Ba é an figiúr coibhéiseach i gcás na scoileanna Béarla ná 95 faoin gcéad. Thuairiscigh 1 faoin gcéad de na Gaelscoileanna gur scoileanna il-sainchreidmheacha nó idir-shainchreidmheacha atá iontu. Ní raibh scoil ar bith de chuid Eaglais na hÉireann i measc na scoileanna Gaeltachta ná na nGaelscoileanna.

Tugann taighde idirnáisiúnta le fios gur tuismitheoirí a bhfuil ardleibhéal oideachais acu is mó a thacaíonn lena gcuid páistí teanga eile seachas a máthairteanga a fhoghlaim (Montero et al., 2014).[52] Bhí difríochtaí suntasacha i leibhéil oideachais na dtuismitheoirí sna cineálacha éagsúla scoile. Taispeánann Fíor 5.1 gur mó seans go ndéanfadh tuismitheoirí ardoilte lasmuigh den Ghaeltacht a gcuid páistí a chur go bunscoil lán-Ghaeilge. Gaelscoileanna a roghnaigh ceithre déag faoin gcéad de na tuismitheoirí a bhfuil iarchéim acu (scoileanna Béarla a roghnaigh 6 faoin gcéad de na tuismitheoirí a bhfuil iarchéim acu agus scoileanna Gaeltachta a roghnaigh 4 faoin gcéad).

[52] http://revistas.ucr.ac.cr/index.php/rlm/article/viewFile/15077/14350.

FÍOR 5.1 Próifíl Oideachais an Phríomhchúramóra de réir Teanga Bhunscolaíochta



Foinse: *Faisnéis as Growing Up in Ireland (p<.000).*

Thuairiscigh leath na mbunscoileanna go léir (56 faoin gcéad) gur méadaíodh ar líon na ndaltaí le cúpla bliain anuas. Bíodh sin mar atá, ní hionann ar fad mar atá an scéal sna trí chineál scoile. Taispeánann Fíor 5.2 na freagraí a tugadh ar an gceist: ar méadaíodh nó ar laghdaíodh líon na ndaltaí ar an scoil le cúig bliana anuas (cuireadh an suirbhé i gcrích in 2008) nó ar fhan sé mórán mar a bhí. Thuairiscigh líon suntasach scoileanna i ngach earnáil go raibh ag méadú ar líon na ndaltaí, ach thuairiscigh 16 faoin gcéad de scoileanna Gaeltachta go raibh líon na ndaltaí ag laghdú (i gcomparáid le 13 faoin gcéad de scoileanna Béarla agus 7 faoin gcéad de Ghaelscoileanna). Ba sna Gaelscoileanna ba mhó a tuairiscíodh líon na ndaltaí a bheith seasmhach (47 faoin gcéad vs. 31 faoin gcéad de scoileanna Béarla agus 39 faoin gcéad de scoileanna Gaeltachta). Thuairiscigh 91 faoin gcéad de gach cineál scoile go raibh scoil eile sa cheantar a bhféadfadh le daltaí freastal uirthi ach léirigh an anailís gur thuairiscigh 22 faoin gcéad de na scoileanna Gaeltachta nach raibh scoil ar bith eile sa cheantar (ba iad na figiúirí coibhéiseacha ná 9 faoin gcéad de scoileanna Béarla agus 5 faoin gcéad de Ghaelscoileanna).

Fiafraíodh de na príomhoidí an amhlaidh a bhí dóthain áiteanna sa scoil i gcomhair na bpáistí go léir a bhí ag iarraidh clárú. Taispeánann an anailís difríocht shoiléir idir na scoileanna. Ba mhó i bhfad líon na nGaelscoileanna a thuairiscigh go raibh níos mó iarrthóirí ná áiteanna acu (66 faoin gcéad de na Gaelscoileanna seachas 38 faoin gcéad de na scoileanna Béarla agus 23 faoin gcéad de na scoileanna Gaeltachta).

Fíor 5.2 Athruithe ar Líon Daltaí



Foinse: Faisnéis as Growing Up in Ireland, cohórt 9 mbl. d'aois (p<.000).

5.3.2 Éiteas na scoile

Bhí ceist sa staidéar GUI mar gheall ar thábhacht na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh in éiteas na scoile. Ba iad na Gaelscoileanna (97 faoin gcéad) agus na scoileanna Gaeltachta (86 faoin gcéad) ba mhó a thuairiscigh an teanga agus an cultúr a bheith an-tábhachtach ó thaobh éiteas na scoile de. Ba é an figiúr coibhéiseach i gcás na scoileanna Béarla ná 49 faoin gcéad (Féach Fíor 5.3).

Iarradh ar phríomhoidí saol na scoile a mheas i gcomparáid le scoileanna eile. Tugann na torthaí le fios gur Gaelscoileanna (63 faoin gcéad) ba mhó a thuairiscigh go raibh na páistí níos sona i dtimpeallacht na scoile i gcomparáid le scoileanna eile. 49 faoin gcéad an figiúr a bhí ann i gcás na scoileanna Béarla agus 37 faoin gcéad a bhí ann i gcás na scoileanna Gaeltachta. Cuireadh ceist ar phríomhoidí freisin mar gheall ar na múinteoirí sa scoil. Tar éis anailís a dhéanamh ar na freagraí, is cosúil gur shíl na príomhoidí go raibh dearcadh dearfach ag na múinteoirí i leith na scoile. Bíodh sin mar atá, bhí difríochtaí suntasacha ann ó earnáil go chéile. Mheas 97 faoin gcéad de phríomhoidí na scoileanna Béarla go raibh dearcadh dearfach ag na múinteoirí. 84 faoin gcéad an figiúr a tuairiscíodh i gcás na nGaelscoileanna agus 73 faoin gcéad i gcás na scoileanna Gaeltachta. Níl sonraí ar fáil a chuirfeadh ar ár gcumas tuilleadh scagadh a dhéanamh ar dhearcadh na ndaltaí féin.

FÍOR 5.3 Tábhacht na Gaeilge agus chultúr na Gaeilge d'éiteas na scoile



Foinse: Faisnéis as Growing Up in Ireland, cohórt 9 mbl. d'aois (p<.000).

Cuireadh roinnt ceisteanna ar na daltaí féin sa staidéar GUI. Fiafraíodh díobh, mar shampla, an amhlaidh a thaitin an scoil leo. Níor tháinig aon difríocht ó earnáil go hearnáil chun solais de bharr na hanailíse. Thuairiscigh 26 faoin gcéad de na daltaí i ngach cineál scoile gur 'thaitin an scoil leo i gcónaí'. Thaitin an scoil le 69 faoin gcéad 'in amanna' agus bhí 6 faoin gcéad ann nár thaitin an scoil leo 'riamh'.

FÍOR 5.4 Peirspictíochtaí na nDaltaí I leith na Scoile



Foinse: Faisnéis GUI data, cohórt 9 mbl (p<.000).

5.3.3 Dearcadh i leith na Gaeilge i mBunscoileanna i bPoblacht na hÉireann

Tá taighde idirnáisiúnta ann a thugann le fios go bhfeabhsaítear torthaí acadúla agus sóisialta daltaí bunscoile de bharr an chaidrimh idir múinteoirí agus daltaí sa seomra ranga agus de bharr cur chuige foghlama (Hamre agus Pianta, 2005). Cuireadh ceist ar mhúinteoirí sa suirbhé GUI i dtaobh na gcur chuige a úsáideann siad leis na daltaí (na daltaí ag obair i bpéirí; na daltaí ag obair i ngrúpaí le linn an ranga; deiseanna a bheith ag na daltaí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí; daltaí a spreagadh chun teacht ar eolas iad féin agus leas a bhaint as súgradh chun foghlaim daltaí a éascú). Nuair a chuirtear na trí earnáil i gcomparáid lena chéile, feictear gur sna Gaelscoileanna is mó a úsáidtear modhanna múinteoireachta gníomhacha seachas i scoileanna Béarla nó i scoileanna Gaeltachta, ar aon dul leis na torthaí a thuairiscigh McCoy, et al. (2012).

Taispeánann Fíor 5.5 dearcadh daltaí bunscoile i leith na Gaeilge, na léitheoireachta agus na Matamaitice. Is léir ón anailís go bhfuil dearcadh na ndaltaí i leith na Gaeilge níos diúltaí ná a ndearcadh i leith an Bhéarla agus na Matamaitice. Tá roinnt difríochtaí ann ó earnáil go chéile: daltaí Gaelscoileanna is mó a dtaitníonn an Ghaeilge leo 'i gcónaí' (46 faoin gcéad); ba iad na figiúirí coibhéiseacha ná 39 faoin gcéad sa Ghaeltacht agus 21 faoin gcéad i scoileanna Béarla. Is mó an dúil sa Mhatamaitic a bhíonn ag daltaí sna scoileanna Béarla (48 faoin gcéad) seachas daltaí sna hearnálacha eile (45 faoin gcéad sna Gaelscoileanna agus 43 faoin gcéad i scoileanna Gaeltachta). Bhí patrún eile le sonrú i gcás na léitheoireachta, áfach; bhí líon na ndaltaí sna scoileanna Gaeltachta rud beag níos tugtha don léitheoireacht ná daltaí sna hearnálacha eile. Mhaígh 64 faoin gcéad díobh go dtaitníonn an léitheoireacht leo 'i gcónaí' seachas 62 faoin gcéad de dhaltaí na nGaelscoileanna agus 58 faoin gcéad de pháistí na scoileanna Béarla.

FÍOR 5.5 Tuairimí i leith na Gaeilge, na Léitheoireachta agus na Matamaitice á gCur i gComparáid (peirspictíochtaí na nDaltaí)



Foinse: Sonraí GUI data, cohórt naoi mbliana d'aois.

5.3.4 Dearcadh i leith na Gaeilge in Iar-Bhunscoileanna i bPoblacht na hÉireann

San alt deireanach, rinneadh scagadh ar dhearcadh daltaí bunscoile i leith na Gaeilge i bPoblacht na hÉireann. Ó tharla gur staidéar fadtréimhseach atá sa *Post-Primary Longitudinal Study* (PPLS), is féidir linn athruithe ar dhearcadh daltaí iar-bhunscoile i leith ábhair éagsúla a fhiosrú de réir mar a théann siad trí na sraitheanna sóisearacha agus sinsearacha sa Phoblacht.

Rinneadh anailís ar an gcéad sciar de na sonraí PPLS (daltaí céad bhliana) chun a fháil amach cén dearcadh a bhí acu i leith na Gaeilge, an Bhéarla na Matamaitice agus teanga eile (Fíor 5.6).[53] Léiríonn an anailís gur mheas daltaí na chéad bhliana an Mhatamaitic (91 faoin gcéad) agus an Béarla (81 faoin gcéad) a bheith níos úsáidí (50 faoin gcéad). Anuas air sin, measadh nach raibh an Ghaeilge chomh húsáideach le teangacha eile sa churaclam (74 faoin gcéad). Mheas líon beag os cionn leath na ndaltaí céad bhliana go raibh 'teanga eile' ina hábhar spéisiúil (57 faoin gcéad). An Béarla a bhí ina dhiaidh sin (54 faoin gcéad), agus ansin an Mhatamaitic (49 faoin gcéad) agus an Ghaeilge (36 faoin gcéad). Measadh an Béarla a bheith ar an ábhar ba lú deacracht (12 faoin gcéad). An Mhatamaitic a bhí ina dhiaidh sin (35 faoin gcéad), ansin 'teanga eile' (47 faoin gcéad) agus an Ghaeilge (49 faoin gcéad). Taispeánann Fíor 5.7 dearcadh na ndaltaí i leith na Gaeilge i dtrí réimse: spéis, deacracht agus úsáideacht le linn na sraithe sóisearaí. Léiríonn an anailís go bhfacthas do na daltaí go n-éiríonn an Ghaeilge níos deacra mar ábhar. Faoin am ar shroich siad an tríú bliain, níor mheas siad an Ghaeilge a bheith chomh húsáideach agus a mheas le linn dóibh a bheith sa chéad bhliain. Bhí spéis san ábhar go seasmhach, ar an mórgóir.

Faoin gcúigiú bliain, mheas an cohórt céanna daltaí go raibh an Mhatamaitic (78 faoin gcéad), an Fhraincis (71 faoin gcéad) agus an Béarla (69 faoin gcéad) níos úsáidí ná an Ghaeilge (40 faoin gcéad). Measadh an Béarla (48 faoin gcéad) a bheith níos suimiúla ná an Ghaeilge (25 faoin gcéad). Sna blianta roimhe sin measadh an Ghaeilge a bheith deacair ach, faoin gcúigiú bliain, measadh an Mhatamaitic (59 faoin gcéad) a bheith rud beag níos deacra ná an Ghaeilge (56 faoin gcéad). Sa séú bliain measadh an Béarla, an Mhatamaitic agus an Fhraincis fós a bheith níos spéisiúla agus níos úsáidí ná an Ghaeilge. Maidir le leibhéil deacrachta de, measadh an Fhraincis agus an Ghearmáinis a bheith níos deacra ná an Ghaeilge (féach Smyth et al., 2011 le haghaidh tuilleadh plé).

[53] Le haghaidh plé níos cuimsithí ar thaithí na ndaltaí céad bhliana, féach Smyth et al. (2004).

FÍOR 5.6 An Dearcadh a Thuairiscigh na Daltaí Féin i leith Ábhair Éagsúla (an chéad bhliain)



Foinse: *PPLS, 1ú sciar.*

FÍOR 5.7 Treochtaí i ndearcadh daltaí i leith na Gaeilge thar tréimhse



Foinse: *PPLS.*

FÍOR 5.8 Dearcadh i leith na Gaeilge agus ábhar eile sa 5ú bliain



Foinse: *Post-Primary Longitudinal Study.*

Bíodh is nach bhfuil sonraí den chineál seo le fáil i gcomhair athanailíse i gcás Thuaisceart Éireann, tá léargas le fáil ón *Northern Ireland Key Stage 3 Cohort Study* , a rinne an Fhondúireacht Náisiúnta um Thaighde Oideachais idir 1996 agus 2000. De réir an staidéir seo, mheas daltaí go raibh na nuatheangacha agus na healaíona cruthaitheacha ar na hábhair ba lú a chuideodh leo san am amach rompu. I measc na n-ábhar ba lú tábhacht bhí an Ceol, an tOideachas Reiligiúnach, an Ghaeilge, Dráma agus Ealaín. Léirigh an tuarascáil ar Eochairchéim 4 go leanann an dearcadh diúltach sin i leith teangacha ó bhliain go bliain (McKendry, 2007).

5.4 ACHOIMRE

Léiríodh sa chaibidil seo nach ionann an teagmháil a bhíonn ag daoine óga leis an nGaeilge, mar gheall ar na córais oideachais éagsúla i bPoblacht agus i dTuaisceart Éireann. I dTuaisceart Éireann, ní mhúintear an Ghaeilge ach i roinnt scoileanna, agus ní thosaítear ar í a mhúineadh go dtí tús na hiar-bhunscolaíochta, amach ó na bunscoileanna lán-Ghaeilge. I bPoblacht na hÉireann, tá an Ghaeilge ar cheann de na croí-ábhair scoile. Ábhar éigeantach is ea í, mura bhfuil díolúine faighte ag an dalta ó fhoghlaim na teanga. Tá imní curtha in iúl mar gheall ar pháistí d'aois scoile a mhaíonn nach bhfuil aon Ghaeilge acu (CSO, 2011). Is é is cúis leis an maíomh sin, b'fhéidir, ná an dearcadh diúltach atá ag roinnt daltaí ar an teanga. Léirigh an chaibidil seo go mbíonn dearadh diúltach i leith na teanga ag páistí bunscoile féin, faoi mar is léir ón anailís ar shonraí an GUI. Bíodh sin mar atá, ní hionann dearcadh na ndaltaí ó earnáil go hearnáil; is mó seans go ndéarfadh daltaí na nGaelscoileanna go dtaitníonn an Ghaeilge leo 'i gcónaí' seachas daltaí i scoileanna Gaeltachta nó scoileanna Béarla. Is dócha go bhfuil baint idir sin agus an rogha a rinne na teaghlaigh ó thaobh na scoile de: na tuismitheoirí sin ar mian leo go ndéanfadh a gcuid páistí staidéar ar an nGaeilge, is mó seans go gcláróidís na páistí i nGaelscoil agus go

rachadh an dearcadh dearfach sin i leith na teanga i bhfeidhm ar na páistí. D'fhéadfaí a mhaíomh go mbíonn níos mó teagmhála leis an nGaeilge ag na daltaí a fhreastalaíonn ar Ghaelscoileanna agus ar scoileanna Gaeltachta. Bíodh sin mar atá, faoi mar a pléadh i gCaibidil a Dó den tuarascáil seo, tá imní curtha in iúl faoin meán teagaisc i scoileanna Gaeltachta, agus is trí Bhéarla a bhíonn cuid acu ag feidhmiú. Is ar an iar-bhunscoileanna Béarla amháin a díríodh san anailís ar na sonraí PPLS. Mar sin féin, tá léargas luachmhar sna sonraí mar gheall ar dhearcadh na ndaltaí i leith ábhair éagsúla ag an leibhéal seo. Léirigh an anailís an meas a bhí ar an nGaeilge i gcomparáid le hábhair eile, is é sin nach bhfuil sí chomh spéisiúil ná chomh húsáideach leo agus, go pointe áirithe, go bhfuil sí níos deacra. Anuas air sin, ní bhíonn spéis rómhór ag daltaí iar-bhunscoile i dteangacha, i gcomórtas leis an mBéarla agus an Mhatamaitic, ábhair a mheastar a bheith níos úsáidí. Sa chéad chaibidil eile, pléifear an úsáid a bhaineann daoine fásta as an nGaeilge i bPoblacht agus i dTuaisceart Éireann.

Caibidil 6

Líofacht sa Ghaeilge agus Úsáid na Gaeilge Inniu: Torthaí an tSuirbhé

6.1 INTREOIR

Tugann an taighde ar theangacha mionlaigh le fios go bhfuil a marthanas ag brath ar a oiread agus a éiríonn leis an bpobal teanga í a 'sheachadadh' ó ghlúin go glúin. Dá bhrí sin, aithnítear an ról lárnach atá ag an mbaile, ag an teaghlach agus ag an bpobal i slánú teangacha mionlaigh. Tá corpas cuimsitheach taighde ann a léiríonn cé chomh tábhachtach is atá rannpháirteachas tuismitheoirí ó thaobh rath an pháiste sa scoil agus i réimsí eile saoil. Nós sóisialta is ea sealbhú teanga agus is sa bhaile a thosaíonn sé. Bíonn tionchar mór ag tuismitheoirí ar dhearcadh a gcuid páistí a mhúnlú (Heath, 2001). Tá a lán tosca le cur sa áireamh. Ina measc tá: leibhéil oideachais na dtuismitheoirí; aicme shóisialta agus úsáid na teanga sa bhaile agus sa phobal i gcoitinne (Lankshear agus Knobel, 2003; Heath, 2001).

Faoi mar a pléadh i gCaibidil 1, thuairiscigh Ó Riagáin et al. (2008) go mbíonn ról tábhachtach ag tuismitheoirí maidir le dearcadh agus úsáid teanga a sheachadadh ó ghlúin go glúin. Na tuismitheoirí sin ar mór acu an teanga is mó a chruthóidh deiseanna do na páistí í a labhairt sa bhaile agus lasmuigh den bhaile (Jones agus Morris 2009). Sa chaibidil seo, déantar scagadh ar leibhéil líofachta agus úsáide i measc fhreagróirí *An Suirbhé Gaeilge 2013*. Cuirtear na torthaí sin i gcomparáid le sonraí an Daonáirimh agus pléitear cuid de na tosca a mbíonn tionchar acu ar leibhéil úsáide inniu, lena n-áirítear: teagmháil leis an nGaeilge le linn bhlianta na hóige; an Ghaeilge sa phobal i gcoitinne agus an tionchar a imríonn tuismitheoirí agus daoine eile ar rún freagróirí chun an Ghaeilge a fhoghlaim.

6.2 LÍOFACHT SA GHAEILGE

Léirigh sonraí an daonáirimh is déanaí sa Phoblacht (2011) gur thuairiscigh 36 faoin gcéad de dhaoine fásta ó aois 18 mbliana gur féidir leo an Ghaeilge a labhairt. I nDaonáireamh Thuaisceart Éireann 2011, thuairiscigh 10 faoin gcéad de dhaoine fásta ó aois 18 mbliana go raibh 'cumas éigin sa Ghaeilge' acu.[54] Rinneadh iarracht, in *An Suirbhé Gaeilge 2013*

[54] Rinne torthaí an Daonáirimh a athríomh chun go mbeidh siad ionadaíoch ar dhaoine fásta 18+ agus chun go mbeifí in ann iad a chur i gcomparáid leis *An Suirbhé Gaeilge 2013*. Sa Phoblacht, maíonn 40.6% den daonra

eolas níos beaichte faoi leibhéil líofachta agus faoi mhinicíocht úsáide a fháil. Déanfar comparáidí le sonraí an Daonáirimh in Alt 6.4.

Iarradh ar fhreagróirí a líofacht féin sa Ghaeilge a mheas de réir sé chatagóir (féach Tábla 6.1.); le linn chéim na hanailíse roinneadh na catagóirí seo i gcatagóirí níos leithne mar 'gan a bheith líofa', 'bunlíofacht agus 'ardlíofacht'. Tá an difear idir líon na bhfreagróirí le 'bunlíofacht' nó 'ardlíofacht' i bPoblacht na hÉireann seachas i dTuaisceart Éireann (PÉ: 57 faoin gcéad, TÉ: 17 faoin gcéad) inmhínithe i gcomhthéacs na ndifríochtaí i múineadh na teanga in iar-bhunscoileanna sa dá dhlínse (PÉ: 67 faoin gcéad; TÉ: 25 faoin gcéad), faoi mar a pléadh i gCaibidil a Cúig. Tá difear idir an céatadán a d'fhoghlaim Gaeilge ar scoil agus an líon daoine a mheasann ar a laghad bunlíofacht a bheith acu inniu (PÉ: -10 pointí céatadáin; TÉ: -8 pointí céatadáin), rud a thugann le fios nach raibh cumas labhartha sa Ghaeilge ag na daoine ar fhágáil na scoile dóibh nó gur chaill siad an cumas sin ó d'fhág siad an scoil. Rud eile a thagann chun solais san anailís ná gur Caitlicigh is mó atá sna daoine a mhaíonn go n-úsáideann siad an Ghaeilge (91 faoin gcéad).

TÁBLA 6.1 Leibhéil Líofachta sa Ghaeilge Labhartha arna Thuairisciú ag an bhFreagróir

		PÉ		TE	
		2001 %	2013 %	2001 %	2013 %
Gan Líofacht	Gan aon Ghaeilge	11	19*	75	69*
	Corrfhocal	28	24	13	14
Bunlíofacht	Roinnt abairtí simplí	23	24	7	9
	Codanna de chomhráití	24	19	4	5
Ardlíofacht	An chuid is mó de chomhráití	12	11	1	2
	Cumas cainteora dúchais	2	3	–	1

Foinse: *Suirbhéanna Gaeilge 2001, 2013.*
Nótaí: *2013: iad siúd a dúirt 'ní bhaineann' san áireamh (PÉ: 5 faoin gcéad; TÉ: 4 faoin céad).

Ba é an chéad chéim eile ná tuilleadh scagadh a dhéanamh ar fhreagraí na ndaoine sin a mhaígh go raibh bunlíofacht nó ardlíofacht acu. Iarradh ar na freagróirí sin a insint cén deacracht a bhraith siad le gnéithe éagsúla den teanga: foghraíocht; cruinneas gramadaí; iad féin a chur in iúl; na focail chearta a aimsiú le haghaidh ábhair faoi leith a phlé. Ar an mórgóir, bhí leibhéil mhuiníne níos airde i measc freagróirí i bPoblacht na hÉireann, a raibh níos lú deacrachtaí acu leis na gnéithe seo den teanga i gcomparáid le freagróirí i dTuaisceart Éireann. Is i gcúrsaí foghraíochta ba mhuiníní a bhí freagróirí sa dá dhlínse; mhaígh céatadáin arda nach raibh aon deacracht acu leis an ngné seo den Ghaeilge (PÉ: 44 faoin gcéad; TÉ: 31 faoin gcéad). Ní raibh freagróirí sa dá dhlínse chomh muiníneach

iomlán ó 3+ gur féidir leo an Ghaeilge a labhairt. Sa Tuaisceart, maíonn 10.7 faoin gcéad den daonra ó aois + go bhfuil cumas éigin sa Ghaeilge acu.

céanna i gcás na ngnéithe eile. An ghné ba dheacra ar fad ná na focail chearta a aimsiú chun ábhair faoi leith a phlé. Ní nach ionadh, bhí na freagróirí sin a bhfuil ardlíofacht i bhfad níos muiníní ná iad siúd a mhaígh go bhfuil bunlíofacht acu sna gnéithe ar fad.

Iarradh ar fhreagróirí a bhfuil bunlíofacht nó ardlíofacht sa Ghaeilge labhartha a gcumas léitheoireachta a mheas de réir catagóirí a bhí cosúil leo siúd a úsáideadh chun a gcumas labhartha a mheas. Is díol spéise gur mhaígh os cionn leath na bhfreagróirí i dTuaisceart Éireann (53 faoin gcéad) a thuairiscigh gur féidir leo an Ghaeilge a labhairt ag bunleibhéal nó ard leibhéal líofachta, gur mhaígh siad go mbíonn sé deacair dóibh an Ghaeilge a léamh (roghnaigh siad 'ní féidir liom an Ghaeilge a léamh' nó 'ní aithním ach roinnt bheag focal').

TÁBLA 6.2 Deacrachtaí a Tuairiscíodh le Gach Gné den Teanga – arna dtuairisciú acu sin a mhaíonn go bhfuil bunlíofacht nó ardlíofacht Ghaeilge acu

		PÉ*	TÉ*
Foghraíocht	A lán deacrachta	14	27
	Méid áirithe deacrachta	42	42
	Deacracht ar bith	44	31
Tú féin a chur in iúl	A lán deacrachta	24	37
	Méid áirithe deacrachta	46	43
	Deacracht ar bith	30	21
Cruinneas gramadaí	A lán deacrachta	25	36
	Méid áirithe deacrachta	47	40
	Deacracht ar bith	28	24
An focal ceart a aimsiú le haghaidh ábhar speisialta	A lán deacrachta	29	39
	Méid áirithe deacrachta	48	45
	Deacracht ar bith	24	16
Cumas Gaeilge a léamh	Gan chumas ar bith	23	53
	Cumas bunúsach	38	32
	Ardchumas	39	15

Foinse: *Suirbhé Gaeilge 2013.*
Nótaí: * Bonnlíne: Iad siúd a roghnaigh bun- nó ardchumas (PÉ: 57 faoin gcéad, TÉ: 17 faoin gcéad d'fhreagróirí).

6.3 MINICÍOCHT LABHAIRT NA GAEILGE

Gné thábhachtach eile d'aon phlé a dhéanfaí ar dhearcadh daoine i leith na Gaeilge ná cé chomh minic a úsáideann daoine sa dá dhlínse an teanga. Fiafraíodh d'fhreagróirí cé chomh minic a labhraíonn siad Gaeilge, má labhraíonn siad in aon chor í (Tábla 6.5). Tá difríochtaí sna torthaí a léiríonn an tionchar a bhíonn ag leibhéil líofachta: thuairiscigh freagróirí i bPoblacht na hÉireann minicíocht níos airde (33 faoin gcéad 'ní labhraíonn riamh'; 13 faoin gcéad 'uair nó + in aghaidh na seachtaine') ná freagróirí i dTuaisceart Éireann (12 faoin gcéad 'ní labhraíonn riamh'; 2 faoin gcéad uair nó + in aghaidh na seachtaine'). I bPoblacht na hÉireann, ní hionann an mhinicíocht ó aoisghrúpa go chéile. Ba iad na daoine san aoisghrúpa 35-55 ba mhinice a labhraíonn an Ghaeilge (19 faoin gcéad 'uair nó + in aghaidh

na seachtaine'). Bhí minicíocht labhairt na Gaeilge cuid mhór níos airde i measc freagróirí a chónaíonn i gceantair tuaithe seachas iad siúd a chónaíonn i gceantair uirbeacha (tuath: 38 faoin gcéad; uirbeach: 28 faoin gcéad). Bhí minicíocht labhairt na Gaeilge cuid mhór níos airde i measc freagróirí a bhfuil ardleibhéil oideachais acu agus i measc na n-aicmí sóisialta is airde. I dTuaisceart Éireann bhí minicíocht labhairt na Gaeilge cuid mhór níos airde i measc Caitliceach (25 faoin gcéad) seachas Protastúnaigh (2 faoin gcéad). Bhí níos mó Gaeilge á labhairt ag daoine san aoisghrúpa 35-54 (15 faoin gcéad) seachas iad siúd san aoisghrúpa 18-34 (13 faoin gcéad) nó 55+ (9 faoin gcéad). Ar aon dul leis na torthaí i bPoblacht na hÉireann, is iad na freagróirí a bhfuil ardleibhéil oideachais acu is minice a labhraíonn Gaeilge.

TÁBLA 6.3 Cé chomh minic a labhraítear Gaeilge

	PÉ		TÉ	
	2001 %	2013 %	2001 %	2013 %
Go laethúil	3	6	1	1
Go seachtainiúil	5	7	1	1
Níos annaimhe	22	19	6	10
Ní labhraím riamh	71	68	93	88

Foinse: Suirbhéanna Gaeilge 2001, 2013; Daonáireamh PÉ 2011.

Tá sé tábhachtach go gcuirfí leibhéil líofachta san áireamh, mar fuarthas amach go bhfuil baint dhíreach idir leibhéil chumais agus minicíocht labhairt na Gaeilge i bPoblacht na hÉireann [55]; daoine a bhfuil ardlíofacht acu, is mó seans go labhróidh siad Gaeilge go pointe éigin (80 faoin gcéad) ná iad siúd a bhfuil bunlíofacht acu (thuairiscigh 43 faoin gcéad díobh nach labhraíonn siad 'riamh' í). Bíodh is go mbíonn minicíocht labhairt na Gaeilge níos airde i measc daoine a bhfuil ardlíofacht acu, tá fós sciar suntasach den ghrúpa sin i bPoblacht na hÉireann (57 faoin gcéad) nach labhraíonn an Ghaeilge ar bhonn seachtainiúil ná níos minice. Pléitear cuid de na cúiseanna a d'fhéadfaí a bheith leis sin in Alt 6.6.1.

TÁBLA 6.4 Cé chomh minic a labhraítear Gaeilge – arna dhealú de réir leibhéal líofachta – Poblacht na hÉireann

Poblacht na hÉireann	Freagróirí Uile (100%)	Gan Líofacht (43%)	Bunlíofacht (43%)	Ardlíofacht (14%)
Go laethúil	6%	0%	6%	25%
Go seachtainiúil	7%	1%	10%	18%

55 Tabhair do d'aire go raibh an sampla 'Ardlíofachta' i dTuaisceart Éireann róbheag chun go bhféadfaí tuilleadh scagadh a dhéanamh air (N=29). Bíodh sin mar atá, tuairiscíodh torthaí atá cosúil le torthaí Phoblacht na hÉireann.

Níos annaimhe	19%	5%	27%	37%
Ní labhraím riamh	67%	94%	57%	20%

Foinse: *Suirbhé Gaeilge 2013.*

TÁBLA 6.5 Cé chomh minic a labhraítear Gaeilge – arna dhealú de réir leibhéal líofachta – Tuaisceart Éireann

Tuaisceart Éireann	Freagróirí Uile (100%)	Gan Líofacht (83%)	Bunlíofacht (14%)	Ardlíofacht (3%)*
Go laethúil	1%	0%	6%	14%*
Go seachtainiúil	1%	0%	3%	17%*
Níos annaimhe	10%	3%	40%	48%*
Ní labhraím riamh	88%	97%	51%	21%*

Foinse: *Suirbhé Gaeilge 2013.*
Nóta: **Aire: bonn cúng staitisticiúil (N=29), figiúirí táscacha amháin.

6.4 COMPARÁIDÍ LEIS AN DAONÁIREAMH

I nDaonráireamh Phoblacht na hÉireann (2011), iarradh ar dhaoine freagra 'Is féidir' nó 'Ní féidir' a thabhairt ar an gceist 'An féidir leat Gaeilge a labhairt?' ar son gach duine sa teaghlach ó aois trí bliana. Cuireadh ceist ansin mar gheall ar minicíocht labhairt na Gaeilge laistigh agus lasmuigh den chóras oideachais. I nDaonáireamh Thuaisceart Éireann (2011) iarradh ar fhreagróirí an cheist seo a fhreagairt: 'An féidir leat an Ghaeilge a thuiscint, a léamh nó a scríobh?' ar son gach duine den teaghlach. San alt seo, déanfar comparáidí idir sonraí Dhaonráireamh Phoblacht na hÉireann 2011 (daoine fásta d'aois 18+ go sonrach), sonraí Dhaonáireamh Thuaisceart Éireann 2011 (daoine fásta d'aois 18+ go sonrach), agus *An Suirbhé Gaeilge 2013* (daoine fásta d'aois 18+). Is chun críocha eolais amháin na comparáidí a dhéanfar san alt, ó tharla nárbh ionann modheolaíochtaí na suirbhéanna ná méid na samplaí.

In *An Suirbhé Gaeilge 2013,* cuireadh ceisteanna ar na rannpháirtithe i dtaobh na bhfreagraí a thug siad sa chuid sin de Dhaonáireamh 2011 a bhain le húsáid na Gaeilge. I bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann araon bhí leibhéil chumais i measc daoine fásta níos ísle i nDaonáireamh 2011 ná mar a bhí in *An Suirbhé Gaeilge 2013.* Bíodh sin mar atá, cuireadh ceisteanna níos mionsonraithe in *An Suirbhé Gaeilge* 2013 a léiríonn go raibh an-éagsúlacht sna freagraí a thug daoine ar an gceist Daonáirimh, ag brath ar a leibhéal líofachta féin. Is féidir, mar sin, go bhfuil cumas labhartha sa Ghaeilge ar fud na hÉireann níos airde ná mar a taifeadadh sa Daonáireamh (PÉ: 36 faoin gcéad; TÉ: 10 faoin gcéad). D'fhonn a fháil amach conas a d'fhreagair daoine a bhfuil leibhéil éagsúla líofachta acu ceist Dhaonáireamh 2011, fiafraíodh d'fhreagróirí *An Suirbhé Gaeilge 2013* cén rogha a rinne siad sa Daonáireamh (féach Táblaí 6.6 agus 6.7).

TÁBLA 6.6 Cumas labhartha Gaeilge de réir mar a tuairiscíodh sa Suirbhé Gaeilge agus i nDaonáireamh 2011 – Poblacht na hÉireann

Poblacht na hÉireann		Daonáireamh 2011* %	Suirbhé Gaeilge 2013 %
Gan líofacht	Ní féidir í a labhairt	64	43
Bunlíofacht/Ardlíofacht	Is féidir í a labhairt	36	57

Foinse: *Daonáireamh 2011 agus Suirbhé Gaeilge 2013.*
Nóta: *Daonáireamh PÉ: Aois 20+ bl., féach Aguisín 1.

TÁBLA 6.7 Cumas labhartha Gaeilge de réir mar a tuairiscíodh sa Suirbhé Gaeilge agus i nDaonáireamh 2011 – Tuaisceart Éireann

Tuaisceart Éireann		Daonáireamh 2011* %	An Suirbhé Gaeilge 2013 %
Gan líofacht	Níl cumas sa Ghaeilge	90	83
Bunlíofacht/Ardlíofacht	Tá cumas éigin sa Ghaeilge	10	17

Foinse: *Daonáireamh 2011 agus Suirbhé Gaeilge 2013.*
Nóta: *Daonáireamh TÉ: Aois 18+ bl.

I bPoblacht na hÉireann [56] chuimhnigh trian (32 faoin gcéad) na ndaoine a tuairiscíodh mar chainteoirí Ardlíofachta in *An Suirbhé Gaeilge 2013* ('in ann comhrá a dhéanamh formhór an ama' nó 'cumas cainteoir dúchais') gur taifeadadh sa Daonáireamh iad mar dhaoine nach labhraíonn Gaeilge. Anuas air sin, chuimhnigh breis agus leath na gcainteoirí Bunlíofachta sa dá dhlínse (PÉ: 64 faoin gcéad; TÉ: 53 faoin gcéad) gur taifeadadh iad mar dhaoine nach labhraíonn Gaeilge. Is cruthúnas é sin gur cheart ceist níos mionsonraithe mar gheall ar an nGaeilge a bheith sa chéad Daonáireamh eile, mar is léir ó *An Suirbhé Gaeilge 2013* go bhfuil a lán daoine ar féidir leo comhrá a dhéanamh i nGaeilge nár thuairiscigh an cumas sin sa Daonáireamh.

TÁBLA 6.8 Mar a d'fhreagair freagróirí Shuirbhé Gaeilge 2001 an cheist daonáirimh, arna phróifíliú de réir leibhéal líofachta – Poblacht na hÉireann.

Poblacht na hÉireann	An Daonáireamh Féin 2011*	Freagróirí Uile (100%)	Gan Líofacht sa Ghaeilge (43%)	Bunlíofacht sa Ghaeilge (43%)	Ardlíofacht sa Ghaeilge (14%)
Taifeadta mar chainteoir Gaeilge	36%	13%	3%	12%	49%
Taifeadta mar dhuine nach cainteoir Gaeilge é/í	64%	62%	69%	64%	32%
Ní cuimhin / níl a fhios	n/a	25%	28%	24%	19%

Foinse: *Suirbhé Gaeilge 2013, Daonáireamh Phoblacht na hÉireann 2011.*
Nóta: * Daonáireamh 2011 d'aosaigh aois 18+ bl.

56 Tabhair do d'aire go raibh an sampla 'Ardlíofachta' i dTuaisceart Éireann róbheag le go bhféadfaí tuilleadh scagadh a dhéanamh air (N=29).

Ó thaobh mhinicíocht labhairt na Gaeilge de (rud a taifeadadh i nDaonáireamh Phoblacht na hÉireann amháin), taifeadadh sa Daonáireamh agus in *An Suirbhé Gaeilge 2013* araon go bhfuil sciar mór den phobal nach labhraíonn an Ghaeilge riamh (77 faoin gcéad agus 68 faoin gcéad faoi seach). Tuairiscíodh minicíocht níos airde i dtaca le labhairt na Gaeilge de in *An Suirbhé Gaeilge 2013.*

TÁBLA 6.9 Mar a d'fhreagair freagróirí Shuirbhé Gaeilge 2001 an cheist daonáirimh, arna phróifíliú de réir leibhéal líofachta – Tuaisceart Éireann

Tuaisceart Éireann	An Daonáireamh Féin 2011*	Freagróirí Uile (100%)	Gan Líofacht sa Ghaeilge (83%)	Bunlíofacht sa Ghaeilge (14%)	Ardlíofacht sa Ghaeilge (3%)**
Taifeadta mar chainteoir Gaeilge	10%	4%	0%	18%	41%**
Taifeadta mar dhuine nach cainteoir Gaeilge é/í	90%	72%	76%	53%	24%**
Ní cuimhin / níl a fhios	n/a	24%	24%	29%	35%**

Foinse: *Suirbhé Gaeilge 2013, Daonáireamh Thuaisceart Éireann 2011.*
Nóta: *Daonáireamh TÉ: Aois 18+ bl. Tabhair faoi deara, le do thoil, sa Daonáireamh áirítear in 'some ability in Irish' iad siúd a dúirt nach raibh siad ábalta Gaeilge a labhairt ach go raibh cumas eile acu inti (m.sh. í a léamh/í a thuiscint).
** Aire: Bonn cúng staitisticiúil (N=29), figiúirí táscacha amháin.

TÁBLA 6.10 Minicíocht Labhairt na Gaeilge i bPoblacht na hÉireann.

Poblacht na hÉireann	Daonáireamh 2011* %	*Suirbhé Gaeilge 2013* %
Go laethúil	4	6
Go seachtainiúil	2	7
Níos annaimhe	17	19
Ní labhraím riamh	77	68

Foinse: *Suirbhé Gaeilge 2013, Daonáireamh Phoblacht na hÉireann 2011.*
Nóta: * Eolas Daonáirimh faoi aosaigh 18+ bl.

6.5 TEAGMHÁIL LEIS AN NGAEILGE SA BHAILE LINN DO NA FREAGRÓIRÍ A BHEITH INA BPÁISTÍ

6.5.1 Úsáid na Gaeilge sa Bhaile agus a Thionchar sin ar Úsáid Inniu

Fiafraíodh d'fhreagróirí an amhlaidh a labhraítí an Ghaeilge, má ba go hócáideach féin é, sa bhaile le linn dóibh a bheith ag fás aníos. Taifeadadh figiúirí níos airde i bPoblacht na hÉireann (39 faoin gcéad) ná i dTuaisceart Éireann (16 faoin gcéad), rud a léiríonn an difríocht idir leibhéil líofachta sa dá dhlínse. Tá na torthaí seo ag teacht, cuid mhór, le suirbhé 2001.

Bhí tionchar suntasach ag minicíocht labhairt na Gaeilge sa bhaile ar úsáid reatha na Gaeilge i measc freagróirí sa dá dhlínse. Iad siúd a d'fhás aníos agus Gaeilge á labhairt sa bhaile, is mó seans go labhróidh siad Gaeilge inniu (PÉ: 56 faoin gcéad; TÉ: 45 faoin gcéad) seachas iad siúd nár chuala an Ghaeilge riamh sa bhaile, nó a chuala go hannamh í (PÉ: 18 faoin gcéad; TÉ: 6 faoin gcéad).

TÁBLA 6.11 Cé Chomh Minic a Labhraíodh Gaeilge i mBaile na bhFreagróirí agus iad ag Fás Aníos

	PÉ		TÉ	
	2001	2013	2001	2013
I gcónaí	1%	2%	–	0%
Go minic	5%	4%	1%	3%
Uaireanta	17%	13%	5%	7%
Go hannamh	20%	20%	5%	6%
Riamh	58%	52%	89%	81%
Ní bhaineann *	N/A	9%	N/A	3%

Foinse: *Suirbhéanna Gaeilge 2001, 2013.*
Nóta: *Tabhair faoi deara gur tuairiscíodh 'ní bhaineann' in 2013 I measc freagróirí áirithe, go háirithe ina measc iad siúd nár fhás aníos in Éirinn (PÉ: 15%; TÉ: 10% den sampla). Níor shonraigh tuairisc 2001 'ní bhaineann' agus seans gur cuireadh na freagraí sin isteach faoi 'Riamh' nó gur baineadh den bhonn staitisticiúil iad.

6.5.2 Leibhéal Líofachta na dTuismitheoirí agus a Thionchar ar Úsáid Inniu

Iarradh ar na freagróirí cumas labhartha Gaeilge a dtuismitheoirí a mheas. Taispeánann Tábla 6.12 leibhéil líofachta na máithreacha, fad is a thaispeántar leibhéil líofachta na n-aithreacha i dTábla 6.13. Tá an difríocht idir na torthaí sa dá dhlínse ag teacht leis na difríochtaí i leibhéil líofachta na bhfreagróirí féin, faoi mar a imlíníodh in Alt 6.2. Thuairiscigh freagróirí i bPoblacht na hÉireann leibhéil líofachta níos airde i measc a dtuismitheoirí (Máthair: 33 faoin gcéad; Athair: 30 faoin gcéad a le bun/ardlíofacht) ná mar a bhí i dTuaisceart Éireann (Máthair: 11 faoin gcéad; Athair: 10 faoin gcéad le bun/ardlíofacht). Sa Phoblacht, murab ionann agus i dTuaisceart Éireann, tá laghdú thar tréimhse ar an gcéatadán freagróirí a mhaíonn nach raibh aon Ghaeilge ag a dtuismitheoirí.

TÁBLA 6.12 Leibhéil Líofachta Mháithreacha na bhFreagróirí – arna dTuairisciú ag an bhFreagróir

Líofacht na Máithreacha		PÉ		TÉ	
		2001	2013	2001	2013
Gan Ghaeilge	Gan aon Ghaeilge	27%	33%	83%	79%
	Corrfhocal	37%	27%	9%	9%
Gaeilge Bhunúsach	Roinnt abairtí simplí	16%	18%	3%	5%
	Codanna de chomhráití	10%	8%	2%	4%
Gaeilge Mhaith	An chuid is mó de chomhráití	5%	4%	1%	1%
	Cumas cainteora dúchais	3%	3%	1%	1%
	Níl a fhios agam	3%	1%	2%	–
	Ní bhaineann*	Níl ar fáil	6%	Níl ar fáil	4%

Foinse: *Suirbhéanna Gaeilge 2001, 2013.*
Nóta: *Tabhair faoi deara nár shonraigh tuairisc 2001 'ní bhaineann' agus seans gur cuireadh na freagraí sin isteach faoi 'Riamh' nó gur baineadh den bhonn staitisticiúil iad.

TÁBLA 6.13 Leibhéil Líofachta Aithreacha na bhFreagróirí – arna dTuairisciú ag an bhFreagróir

Líofacht na nAithreacha		PÉ		TE	
		2001	2013	2001	2013
Gan Ghaeilge	Gan aon Ghaeilge	28%	38%	81%	79%
	Corrfhocal	38%	25%	9%	6%
Gaeilge Bhunúsach	Roinnt abairtí simplí	16%	16%	3%	5%
	Codanna de chomhráití	8%	7%	2%	3%
Gaeilge Mhaith	An chuid is mó de chomhráití	4%	4%	1%	1%
	Cumas cainteora dúchais	3%	3%	1%	1%
	Níl a fhios agam	3%	1%	2%	1%
	Ní bhaineann*	Níl ar fáil	6%	Níl ar fáil	4%

Foinse: *Suirbhéanna Gaeilge 2001, 2013.*
Nóta: *Tabhair faoi deara nár shonraigh tuairisc 2001 'ní bhaineann' agus seans gur cuireadh na freagraí sin isteach faoi 'Riamh' nó gur baineadh den bhonn staitisticiúil iad.

D'fhonn tuilleadh scagadh a dhéanamh ar an tionchar a bhí ag leibhéil líofachta na dtuismitheoirí ar úsáid reatha na Gaeilge i measc na bhfreagróirí, rinneadh sonraí Phoblacht na hÉireann a ghrúpáil i dtacair. Is mar seo a leanas na tacair: an dá thuismitheoir a bheith 'Gan Ghaeilge' (62 faoin gcéad, lena n-áirítear 'ní fios/ní bhaineann le hábhar'); 'bun-Ghaeilge' a bheith ag tuismitheoir amháin nó ag an dá thuismitheoir (28 faoin gcéad); agus 'ardchumas Gaeilge' a bheith ag tuismitheoir amháin nó ag an dá thuismitheoir (9 faoin gcéad). Bhí athraitheas suntasach idir na grúpaí. Iad siúd a raibh 'ardchumas Gaeilge' ag a dtuismitheoir(í) ba mhó a úsáideann an Ghaeilge anois (69 faoin gcéad 'riamh', 43 faoin gcéad 'uair + in aghaidh na seachtaine') seachas iad siúd a raibh 'bun-Ghaeilge' ag a dtuismitheoir(í) (52 faoin gcéad 'riamh', 20 faoin gcéad 'uair+ in aghaidh na seachtaine') agus iad siúd a raibh a dtuismitheoirí 'Gan Ghaeilge' (18 faoin gcéad 'riamh', 6 faoin 'uair+ in aghaidh na seachtaine). Is cruthúnas eile é seo ar an tionchar dearfach a bhíonn ag tuismitheoirí ar úsáid reatha na Gaeilge i measc na bhfreagróirí.

6.6 AN GHAEILGE SA MHÓRPHOBAL

6.6.1 Úsáid na Gaeilge sa Mhórphobal

Bíodh is go bhfuil difríocht shuntasach idir úsáid na Gaeilge i measc na bhfreagróirí i bPoblacht na hÉireann seachas i dTuaisceart Éireann, tá na torthaí cosúil le chéile i dtaca le húsáid na Gaeilge i suíomhanna leathana sóisialta. Beagnach beirt as gach cúigear daoine fásta i bPoblacht na hÉireann (38 faoin gcéad), tá cairde acu 'atá ag tógáil a gcuid páistí le Gaeilge sa bhaile nó a úsáideann cuid mhór Gaeilge leis na páistí', figiúr nach bhfuil ach rud beag níos airde ná mar atá i dTuaisceart Éireann (31 faoin gcéad). Triúr as gach deichniúr (33 faoin gcéad sa Phoblacht agus 31 faoin gcéad sa Tuaisceart) a bhfuil cara amháin ar a laghad acu a labhraíonn an Ghaeilge lasmuigh den bhaile.

TÁBLA 6.14 Úsáid na Gaeilge i measc phiaraí na bhfreagróirí, de réir % a thug freagra dearfach.

	PÉ	TÉ
Baineann daoine de mo lucht aitheantais úsáid as an nGaeilge.	23%	29%
Tá cairde agam atá ag tógáil a gclainne le Gaeilge sa bhaile nó a úsáideann a lán Gaeilge lena bpáistí.	38%	31%
Tá cairde nó gaolta agam a labhraíonn (aon) Ghaeilge taobh amuigh den bhaile.	33%	31%

Foinse: Suirbhé Gaeilge 2013.

6.6.2 Deiseanna chun an Ghaeilge a Labhairt

Faoi mar a léiríodh in Alt 6.3, ní labhraíonn formhór na bhfreagróirí an Ghaeilge go minic (uair sa tseachtain nó níos mó), fiú amháin iad siúd a bhfuil Bunlíofacht nó Ardlíofacht acu. D'fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar na rudaí a chuireann bac ar labhairt na Gaeilge ina measc siúd ar féidir leo an teanga a labhairt (freagróirí a thuairiscigh Bunlíofacht nó Ardlíofacht), is fiú féachaint ar úsáid na Gaeilge i measc lucht aitheantais na bhfreagróirí Bunlíofachta agus Ardlíofachta i bPoblacht na hÉireann agus ar dhearcadh na bhfreagróirí maidir le húsáid na Gaeilge. Is féidir go bhfuil easpa deiseanna chun an Ghaeilge a úsáid ar cheann de na príomhchúiseanna a bhacann ar dhaoine í a úsáid go rialta. Thuairiscigh trí cheathrú na bhfreagróirí Bunlíofachta (75 faoin gcéad) agus beagnach leath na bhfreagróirí Ardlíofachta (45 faoin gcéad) nach mbaineann daoine i measc a lucht aitheantais úsáid as an nGaeilge. Dúirt freagróirí sa dá chatagóir líofachta nach maith leo 'comhrá a thosú i nGaeilge' (bunlíofacht: 50 faoin gcéad; ardlíofacht: 43 faoin gcéad) agus tá céatadán níos airde fós ann nach maith leo 'an Ghaeilge a labhairt nuair atá daoine sa chomhluadar nach bhfuil Gaeilge acu' (bunlíofacht: 49 faoin gcéad; ardlíofacht: 55 faoin gcéad).

TÁBLA 6.15 Claonadh chun Gaeilge a labhairt i suíomhanna sóisialta ina measc siúd a bhfuil Bunlíofacht (43%) agus Ardlíofacht acu (14%) i bPoblacht na hÉireann de réir % a thug freagra dearfach.

Poblacht na hÉireann	Bun-Líofacht (43%)	Ard-Líofacht (14%)
'Ní maith liom é nuair a labhraíonn daoine Gaeilge nuair a bhíonn daoine eile I láthair nach bhfuil Gaeilge acu'	49%	55%
'Ní maith liom comhrá Gaeilge a thosú'	50%	43%
Ní bhaineann daoine de mo lucht aitheantais leas as an nGaeilge/Ní heol dom daoine a bheith ag baint úsáid as an nGaeilge*	75%	45%

Foinse: Suirbhé Gaeilge 2013.

6.7 SPREAGADH CHUN FOGHLAMA AGUS A THIONCHAR AR ÚSÁID TEANGA INNIU

Faoi mar a pléadh i gCaibidil 1, bíonn ról tábhachtach ag spreagadh i bhfoghlaim scileanna nua, foghlaim teangacha san áireamh. Imríonn an spreagadh, mar aon le tosca eile, tionchar mór ar iarrachtaí daoine chun teangacha a fhoghlaim. San alt seo, fiosraítear rún agus spreagadh daoine chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus iad ar scoil; meastar tionchar dhearcadh na dtuismitheoirí ar spreagadh na bhfreagróirí féin agus an tionchar atá aige sin ar úsáid na teanga anois.

6.7.1 Rún agus Spreagadh chun an Ghaeilge a Fhoghlaim ar Scoil

Léirigh torthaí na hanailíse gur chuimhnigh rud beag os cionn leath na ndaoine fásta i bPoblacht na hÉireann (52 faoin gcéad) gur mhian leo an Ghaeilge a fhoghlaim le linn dóibh a bheith ar scoil. Bhí an rún céanna ag duine as gach cúigear i dTuaisceart Éireann (21 faoin gcéad) (féach Fíor 6.1). Fiafraíodh de na freagróirí freisin ar shíl siad gur mhian leis na tuismitheoirí go bhfoghlaimeoidís an Ghaeilge ar scoil. Léirigh torthaí na ceiste sin an gnáth-athraitheas idir an dá dhlínse; mheas níos mó freagróirí i bPoblacht na hÉireann (57 faoin gcéad) gur mhian lena dtuismitheoirí go bhfoghlaimeoidís an Ghaeilge ná mar a mheas freagróirí i dTuaisceart Éireann (17 faoin gcéad) (féach Fíor 6.2). Bhí rún na dtuismitheoirí go bhfoghlaimeodh a gcuid páistí an Ghaeilge níos airde i measc na n-aicmí sóisialta is airde i dTuaisceart Éireann[57] (ABC1: 59 faoin gcéad; C2DE: 42 faoin gcéad). Thuairiscigh freagróirí i bPoblacht na hÉireann go raibh rún a dtuismitheoirí rud beag níos láidre (57 faoin gcéad) ná a rún féin (52 faoin gcéad) i dtaca le foghlaim na Gaeilge de. Iad siúd a mheas gur mhian leis na tuismitheoirí go bhfoghlaimeoidís Gaeilge, ba mhó go mór an seans go mbeidís féin ag iarraidh an teanga a fhoghlaim (PÉ: 73 faoin gcéad; TÉ: 71 faoin gcéad) seachas iad siúd nár mheas gur mhian lena dtuismitheoirí go bhfoghlaimeoidís an Ghaeilge (PÉ: 17 faoin gcéad; TÉ: 10 faoin gcéad). Is cruthúnas eile é sin ar an tionchar a bhíonn ag dearcadh na dtuismitheoirí i leith na Gaeilge. Sa dá dhlínse, bhí timpeall 20 faoin gcéad de na freagróirí ar nós cuma liom faoin teanga a fhoghlaim. Ar an mórgóir, tuairiscíodh an dearcadh fuarchúiseach sin a bheith níos coitianta i measc na dtuismitheoirí ná i measc na bhfreagróirí féin.

Iad siúd a thug le fios gur mhian leo an teanga a fhoghlaim, agus a thug le fios gur mhian lena dtuismitheoirí freisin go bhfoghlaimeoidís an teanga, fiafraíodh díobh cad é an príomhfháth ar mhian leo an Ghaeilge a fhoghlaim. I bPoblacht na hÉireann, ba í an phríomhchúis i measc na bhfreagróirí (48 faoin gcéad) agus i measc na dtuismitheoirí (52 faoin gcéad; de réir mar a tuigeadh do na freagróirí é) ná 'chun go n-éireodh leo i scrúduithe'. Is é is cúis leis sin an Ghaeilge a bheith ina hábhar éigeantach sa bhunscolaíocht agus san iar-bhunscolaíocht i bPoblacht na hÉireann. Ó tharla ról eile ar fad a bheith ag an nGaeilge i gcóras oideachais Thuaisceart Éireann ní hionadh ar bith é nach bhfuil scrúduithe chomh tábhachtach céanna mar spreagadh chun foghlama i measc freagróirí ó thuaidh (11 faoin gcéad) ná i measc a dtuismitheoirí (12 faoin gcéad; mar a tuigeadh do na freagróirí é). Is é an príomhspreagadh i dTuaisceart Éireann ná 'an Ghaeilge a bheith agat ar a son féin' i measc na bhfreagróirí (86 faoin gcéad) agus i measc a dtuismitheoirí (85 faoin gcéad, mar a tuigeadh do na freagróirí é), rud a léiríonn tábhacht na Gaeilge ó thaobh féiniúlacht ghrúpa de.

---

[57] Rangú socheacnamaíoch is ea an Neasghrád Sóisialta gona shé chatagóir A, B, C1, C2, D agus E. Ba í Oifig Staidrimh Náisiúnta na Breataine a cheap an córas. AB= Slí bheatha ard nó meánleibhéil sa bhainistíocht, i riarachán agus slite beatha gairmiúla; C1= Slite beatha maoirseachta agus cléireachais, poist shóisearacha bainistíochta, riaracháin agus slite beatha gairmiúla; DE= Slite beatha leathoilte nó neamhoilte, obair láimhe, daoine dífhostaithe agus na poist is ísle grád.

FÍOR 6.1 Rún chun an Ghaeilge a fhoghlaim ar scoil – Poblacht na hÉireann



Foinse: Suirbhé Gaeilge 2013.

FÍOR 6.2 Rún chun an Ghaeilge a fhoghlaim ar scoil – Tuaisceart Éireann



Foinse: Suirbhé Gaeilge 2013.

Ceistíodh na freagróirí maidir le tábhacht na Gaeilge mar ábhar. Measann formhór na ndaoine fásta i bPoblacht agus i dTuaisceart Éireann go bhfuil ábhair Eolaíochta níos tábhachtaí do pháistí ná an Ghaeilge (PÉ 68 faoin gcéad agus TÉ 86 faoin gcéad), figiúr atá ag teacht le torthaí 2001 (PÉ 70 faoin gcéad agus TÉ 83 faoin gcéad).

Bhí minicíocht labhairt na Gaeilge níos airde i measc na bhfreagróirí sin ar mhian leo féin an Ghaeilge a fhoghlaim seachas iad siúd nár mhian leo an Ghaeilge a fhoghlaim. I bPoblacht na hÉireann, is díol spéise mar a bhíonn baint idir úsáid na teanga agus na fáthanna a bhí ag freagróirí chun an Ghaeilge a fhoghlaim. Tá minicíocht labhairt na Gaeilge rud beag níos airde (59 faoin gcéad) i measc na bhfreagróirí ar mian leo an Ghaeilge a fhoghlaim 'ar a son féin', figiúirí atá níos airde ná mar atá ina measc siúd a d'fhoghlaim í ar chúis éigin eile (51 faoin gcéad). Rud níos suntasaí fós: iad siúd a d'fhoghlaim an Ghaeilge ar a son féin, ba mhó seans go mbainfidís úsáid aisti ar bhonn seachtainiúil (30 faoin gcéad) ná ina measc siúd a d'fhoghlaim í ar chúis éigin eile (19 faoin gcéad).

Úsáideadh samhail chúlchéimnithe loighistice dhénártha d'fhonn féachaint ar an tionchar comhuaineach a bhíonn ag cuid de na tosca thuasluaite ar úsáid na Gaeilge.[58] Cuireann cur chuige ilathráideach ar ár gcumas dúinn anailís níos cuimsithí a dhéanamh ná mar a dhéanfaí dá mbeifí ag brath ar an anailís thuairisciúil amháin. De réir na hanailíse, thuairiscigh 57 faoin gcéad de na freagróirí sa Phoblacht (n=694) go raibh cumas éigin acu sa Ghaeilge. San anailís a thaispeántar i dTábla Aguisín A.1 (comhéifeachtaí) déantar scagadh ar na hathróga sin is fearr a thuarann cé chomh dóchúil is atá sé go labhródh duine i bPoblacht na hÉireann Gaeilge (ó roinnt abairtí simplí go leibhéal ardlíofachta), arna rialú de réir aicme shóisialta an fhreagróra. Tá baint láidir idir Gaeilge a labhairt agus a bheith i do Chaitliceach. Tá baint idir úsáid na Gaeilge agus oideachas tríú leibhéal a bheith faighte ag duine. Is freagróirí óga – iad siúd a bhí faoi bhun 24 bliain d'aois – ba mhó a d'úsáid an Ghaeilge. Rud eile a bhí an-tábhachtach ná timpeallacht an bhaile le linn don fhreagróir a bheith ag fás aníos. Is iad na freagróirí is mó a úsáideann Gaeilge inniu ná iad siúd a chuala an Ghaeilge á húsáid sa bhaile agus ar tuigeadh dóibh gur mhian leis na tuismitheoirí go bhfoghlaimeoidís an Ghaeilge ar scoil. Ba mhó seans go n-úsáidfeadh na freagróirí Gaeilge dá mba rud é go bhfuil cairde acu a úsáideann an Ghaeilge ina saol sóisialta siúd. Is díol spéise gur comhartha dearfach d'úsáid na Gaeilge fonn a bheith ar fhreagróirí teangacha eile a fhoghlaim.

Toisc go bhfuil difríochtaí móra idir pobail Thuaisceart Éireann ó thaobh úsáid teanga, is ar Chaitlicigh amháin a bunaíodh an anailís ilathráideach. Arís, rinneadh an tsamhail a rialú i dtaca le haicme shóisialta de. Ní mór a bheith aireach i gcás na faisnéise seo ó tharla líon na gcainteoirí Gaeilge i dTuaisceart Éireann a bheith chomh beag sin; níl cumas ar bith sa Ghaeilge ach ag 17 faoin gcéad (n=175). Bhí baint dhearfach idir an t-oideachas tríú leibhéal agus an Ghaeilge a labhairt. Ar aon dul leis na torthaí sa Phoblacht, bhí timpeallacht bhaile a bhí fabhrach don Ghaeilge ina spreagadh chun an teanga a úsáid níos faide anonn (í a úsáid sa bhaile agus fonn a bheith ar na tuismitheoirí go bhfoghlaimeodh na páistí ar scoil í). Bhí baint dhearfach idir leibhéil líofachta na máthar agus úsáid na Gaeilge.

[58] Tá an athróg spleách 'úsáideoir Gaeilge' bunaithe ar chumas féintuairiscithe de réir mar a taifeadadh é Q8c: 'Agus conas a dhéanfá do chumas féin a rátáil?' Ba iad na roghanna a bhí ann: gan aon chumas, roinnt abairtí simplí, blúirí comhrá, gnáth-chomhrá, cumas cainteoir dúchais.

6.8 ACHOIMRE

Bíonn tionchar ag dearcadh tuismitheoirí, ag líofacht agus ag úsáid na Gaeilge sa bhaile ar conas a úsáideann daoine fásta an Ghaeilge. Sa chaibidil seo, pléadh ról an teaghlaigh agus an phobail maidir le dearcadh daoine óga i leith na Gaeilge a mhúnlú. Tugann an fhianaise idirnáisiúnta le fios gur roghanna iomasacha is mó a dhéanann teaghlaigh agus go roghnaíonn tuismitheoirí/cúramóirí an teanga is mó a bhfuil eolas acu uirthi, sin nó go roghnaítear teanga chun nach mbeidh duine amháin den lánúin 'fágtha amach'. Ar na rudaí a théann i gcion ar rogha teanga an pháiste tá an 'pobal' cainteoirí, lena n-áirítear tuismitheoirí/siblíní, seantuismitheoirí, múinteoirí agus cairde chomh maith le fórsaí sóisialta eile mar na meáin chumarsáide agus gníomhaíochtaí pobail (Rialtas na hÉireann, 2010). Sa chaibidil seo, léiríodh go bhfuil rún na dtuismitheoirí ina ghné thábhachtach de mhúnlú an pháiste ó thaobh úsáid teanga de. Bíodh is go bhfuil mionlach suntasach tuismitheoirí sa dá dhlínse ar cuma leo cé acu a fhoghlaimeoidh nó nach bhfoghlaimeoidh a gcuid páistí an Ghaeilge, tá ag méadú ar líon na dtuismitheoirí (de gach cúlra oideachais agus aicme) ar mian leo, de réir mar a thuigtear do na freagróirí é, go bhfoghlaimeodh a gcuid páistí an Ghaeilge. Bíodh sin mar atá, léiríonn an anailís a chuirtear i láthair sa chaibidil seo gur nós le tuismitheoirí luach níos ísle a shamhlú leis an nGaeilge seachas ábhair eile scoile.

Anuas air sin, léirigh an chaibidil seo an ról a bhíonn ag córais oideachais chun an Ghaeilge a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí. Sa Phoblacht, cuirtear formhór na ndaltaí i dteagmháil leis an nGaeilge, ach amháin má tá díolúine acu. I dTuaisceart Éireann, áfach, is i scoileanna Caitliceacha amháin, agus i roinnt scoileanna imeasctha, a bhíonn an Ghaeilge ar an gcuraclam. Is féidir daltaí a thumadh sa Ghaeilge má chuirtear go Gaelscoil iad. Is gnách go mbíonn dearcadh níos dearfaí i leith na teanga ag daltaí a fhreastalaíonn ar na scoileanna seo, mar tuigtear gur cuid d'éiteas na scoile í an Ghaeilge. Is fiú a lua, áfach, go bhfuil an chuma air go bhfuil éifeacht roghnúcháin i gceist: is iad na tuismitheoirí a bhfuil dearcach dearfach acu i leith na Gaeilge is dócha a roghnaíonn na scoileanna seo. Tríd is tríd, maíonn rud beag os cionn leath na bhfreagróirí sa Phoblacht go bhfuil eolas éigin ar an nGaeilge acu, figiúr a thiteann go 17 faoin gcéad i gcás Thuaisceart Éireann. Iad siúd a mhaíonn go bhfuil cumas éigin sa Ghaeilge acu, baineann a lán acu le teaghlaigh a mbíodh an Ghaeilge á labhairt iontu agus inar mhian leis na tuismitheoirí go mbeadh Gaeilge ag a gcuid páistí. Tá tábhacht ag baint le deiseanna chun an Ghaeilge a labhairt; is sciar sách beag de na freagróirí sa dá dhlínse a thuairiscigh go mbíonn Gaeilge á labhairt ag daoine dá lucht aitheantais. Bíonn labhairt na Gaeilge ag brath ar líofacht daoine eile freisin; tuairiscíonn daoine atá líofa sa teanga nach maith leo an Ghaeilge a úsáid nuair a bhíonn daoine sa chomhluadar nach bhfuil an teanga acu.

Caibidil 7

Dearcadh i Leith na Gaeilge agus an Todhchaí a Shamhlaítear don Teanga: Torthaí an tSuirbhé

7.1 INTREOIR

Léirigh caibidlí eile sa tuarascáil seo na difríochtaí idir Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann ó thaobh na réimsí seo a leanas: na córais oideachais; líofacht sa Ghaeilge; úsáid na Gaeilge agus teagmháil leis an nGaeilge sa bhaile agus i suíomhanna sóisialta. Sa chaibidil seo, déantar scagadh ar dhearcadh daoine sa dá dhlínse i leith na Gaeilge agus a bhfuil i ndán di. Ag tús na caibidle, déantar iniúchadh ar an dearcadh atá ag daoine ar an nGaeilge go ginearálta. Ina dhiaidh sin, tá plé ar dhearcadh i leith an oideachais trí Ghaeilge agus i leith ról an Rialtais i ngach dlínse. Ar deireadh, pléitear tuairimí daoine faoina bhfuil i ndán don Ghaeilge.

7.2 DEARCADH GINEARÁLTA I LEITH NA GAEILGE

Ar an tuiscint go bhfuil baint idir dearcadh teanga agus úsáid teanga, fiafraíodh d'fhreagróirí *An Suirbhé Gaeilge 2013* cé acu a bhí siad in éadan nó i bhfabhar na Gaeilge. Chuige sin, úsáideadh Scála Likert a raibh cúig chéim ann (ó 'go láidir in éadan' go dtí 'go láidir i bhfách') (féach Fíor 7.1). Thuairiscigh breis agus dhá dtrian na bhfreagróirí i bPoblacht na hÉireann (67 faoin gcéad) agus beagnach leath na bhfreagróirí i dTuaisceart Éireann (45 faoin gcéad) go bhfuil dearcadh dearfach acu i leith na Gaeilge.[59] Bíodh is gur deacair comparáidí a dhéanamh idir suirbhéanna 2001 agus 2013, ní miste a mhaíomh gur dearcadh níos dearfaí a taifeadadh i measc fhreagróirí shuirbhé 2013 ar fud an dá dhlínse.

Ní nach ionadh, ba iad siúd is mó a bhfuil dearcadh fabhrach acu i leith na Gaeilge is minice a labhraíonn an teanga, murab ionann agus iad siúd atá ar nós cuma liom faoin nGaeilge nó atá ina coinne. I bPoblacht na hÉireann, bhí baint idir dearcadh dearfach a beith ag duine i leith na Gaeilge agus na cúinsí seo a leanas: ardleibhéil oideachais; ardaicmí sóisialta (ABC1: 42 faoin gcéad); fás aníos in Éirinn (38 faoin gcéad) agus cónaí i gceantar tuaithe (42 faoin gcéad). Ní raibh aon difríochtaí suntasacha ann ó thaobh inscne de.

[59] Ní nach ionadh, bhí difríochtaí móra le brath ó phobal go chéile i dTuaisceart Éireann, áit a raibh dearcadh dearfach i leith na Gaeilge ag 68 faoin gcéad d'fhreagróirí Caitliceacha.

FÍOR 7.1 Freagra maidir le "dearcadh ginearálta i leith na Gaeilge"



Foinse: Suirbhé Gaeilge 2013.

I dTuaisceart Éireann, taifeadadh dearcadh seasmhach trasna na ngrúpaí déimeagrafacha go léir ach amháin i réimsí an oideachais agus an reiligiúin. Iad siúd a raibh ardleibhéil oideachais acu, bhí dearcadh i bhfad níos dearfaí acu i leith na teanga, mar a bhí ag daoine de chúlra Caitliceach (44 faoin gcéad 'go láidir i bhfách'). Ba lú an tacaíocht don teanga i measc freagróirí de chúlra Protastúnach (4 faoin gcéad a bhí 'go láidir i bhfách') agus ba mhó seans go dtuairisceoidís nach raibh tuairim láidir acu bealach amháin nó bealach eile (55 faoin gcéad) i dtaobh na teanga. Ní raibh ach líon beag Protastúnach ann a raibh dearcadh diúltach acu i leith na teanga (9 faoin gcéad 'cineál in éadan'; 19 faoin gcéad 'go láidir in éadan').

Iarradh ar na freagróirí a chur in iúl cé acu a d'aontaigh siad nó a d'easaontaigh siad le sraith ráiteas i dtaobh na Gaeilge (féach Fíor 7.2). Freagróirí i dTuaisceart Éireann ba mhó a chuir dearcadh neodrach in iúl ('Gan tuairim ar leith'; PÉ: 30 faoin gcéad; TÉ: 41 faoin gcéad) fad is a bhí freagróirí sa Phoblacht níos dearfaí ('go láidir i bhfách' nó or 'cineál i bhfách').

Tá an chuma air go bhfuil an ceangal idir an Ghaeilge agus féiniúlacht agus cultúr na hÉireann níos láidre sa Phoblacht ná mar atá i dTuaisceart Éireann; d'aontaigh breis agus beirt as gach triúr i bPoblacht na hÉireann (64 faoin gcéad) leis an ráiteas 'gan Ghaeilge, chaillfeadh [dlínse] a féiniúlacht mar chultúr ar leith go cinnte' seachas duine amháin as gach triúr i dTuaisceart Éireann (33 faoin gcéad)(Fíor 7.2).

FÍOR 7.2 Leibhéil chomhaontachta le ráitis i dtaobh na Gaeilge



Foinse: *Suirbhéanna Gaeilge 2001, 2013.*

Úsáideadh samhail chúlchéimnithe loighistice dhénártha ansin d'fhonn iniúchadh a dhéanamh ar na tosca a chothaíonn dearcadh dearfach i leith na Gaeilge (Féach Tábla Aguisín A.1). Tá an athróg bunaithe ar an mhír seo: 'Cén cur síos is fearr ar do dhearcadh i leith na Gaeilge faoi láthair?' Cuireadh le chéile na catagóirí freagra 'go láidir i bhfách' agus 'cineál i bhfách' (67 faoin gcéad).

Sa Phoblacht, bhí ceangal suntasach idir dearcadh fabhrach i leith na Gaeilge a bheith ag duine agus na tosca seo a leanas: a bheith i do Chaitliceach agus oideachas tríú leibhéal a bheith faighte agat. Tosca eile a raibh tionchar dearfach acu ar dhearcadh daoine ná: an tuiscint gur mhian le tuismitheoirí an fhreagróra go bhfoghlaimeodh sé/sí an Ghaeilge ar scoil; cairde a bheith ag an bhfreagróir a bhí ag tógáil a gcuid páistí le Gaeilge. Ar na hathróga eile a raibh tionchar dearfach suntasach acu ar dhearcadh daoine bhí: úsáid áirithe a bhaint as an nGaeilge agus iarracht a bheith déanta ag an bhfreagróir cur lena

c(h)umas Gaeilge.[60] I dTuaisceart Éireann, bhí dearcadh dearfach i leith na Gaeilge ag 45 faoin gcéad de na freagróirí. Tar éis rialú i gcomhair aicme shóisialta agus an anailís ilathráideach a theorannú sa chaoi go gcuimsíonn sí Caitlicigh amháin, léiríonn an anailís nach bhfuil tionchar suntasach ar dhearcadh teanga ach na tosca seo: an tuiscint gur mhian le tuismitheoirí an fhreagróra go bhfoghlaimeodh sé/sí Gaeilge ar scoil, cairde a bheith ag an bhfreagróir a bhí ag tógáil a gcuid páistí le Gaeilge agus an Ghaeilge a bheith á labhairt sa bhaile.

7.3 DEARCADH I LEITH AN OIDEACHAIS GHAEILGE

Fiafraíodh d'fhreagróirí an dá shuirbhé (2001, 2013) cé chomh láidir a d'aontaigh nó a d'easaontaigh siad le sraith ráiteas mar gheall ar mhúineadh agus fhoghlaim na Gaeilge sna scoileanna. Tugann torthaí shuirbhé 2013 le fios go n-aontaíonn ceathrar as gach cúigear daoine fásta i bPoblacht na hÉireann leis an ráiteas gur cheart an Ghaeilge a mhúineadh do gach páiste mar ábhar scoile. Os a choinne sin, níor mheas ach líon beag os cionn leath na bhfreagróirí i dTuaisceart Éireann (48 faoin gcéad) gur cheart an Ghaeilge a mhúineadh sna scoileanna. Ar an mórgóir, bhí na freagraí a tugadh maidir le múineadh na Gaeilge in *An Suirbhé Gaeilge 2013* níos dearfaí ná na torthaí a taifeadadh in 2001. Iarradh ar na freagróirí a chur in iúl cén clár oideachais is oiriúnaí, dar leo, d'fhormhór na bpáistí i scoileanna inniu. I bPoblacht na hÉireann, mheas formhór na bhfreagróirí gur cheart an Ghaeilge a mhúineadh mar ábhar amháin (bunscoileanna: 62 faoin gcéad; iar-bhunscoileanna: 63 faoin gcéad), cé gur mheas duine as gach cúigear gur cheart ábhair éigin a mhúineadh trí Ghaeilge sa bhunscoil (20 faoin gcéad), céatadán a bhí rud beag níos ísle i gcás na n-iar-bhunscoileanna (15 faoin gcéad). Mheas formhór na bhfreagróirí i dTuaisceart Éireann gur cheart an Ghaeilge a mhúineadh mar ábhar amháin (bunscoileanna: 42 faoin gcéad; iar-bhunscoileanna: 49 faoin gcéad), sin nó gan í a mhúineadh in aon chor (bunscoileanna: 32 faoin gcéad; iar-bhunscoileanna: 28 faoin gcéad). Ní mór a bheith aireach maidir leis na torthaí seo a chur i gcomparáid le tuarascáil 2001. Mar sin féin, is léir go raibh tacaíocht don Ghaeilge sna scoileanna níos láidre i measc fhreagróirí 2013, sa dá dhlínse, ná mar a bhí i suirbhé 2001.

[60] Ó tharla gur staidéar trasghearrthach é so, ní mhaítear gur ceangail chúisíocha iad seo. Theastódh staidéar fadtréimhseach a dhéanamh ar athrú dearcaidh thar tréimhse chun cúisíocht a chruthú.

FÍOR 7.3 Comhaontacht le ráitis i dtaobh na Gaeilge sna scoileanna.



Foinse: Suirbhéanna Gaeilge 2001, 2013.

FÍOR 7.4 An clár scoile a mheastar a bheith ar an gclár "is oiriúnaí d'fhormhór na bpáistí inniu."



() = Suirbhé Gaeilge 2001

Foinse: Suirbhéanna Gaeilge 2001, 2013

Bíodh is gur mionlach a thug le fios gurb é an t-oideachas lán-Ghaeilge an clár is oiriúnaí d'fhormhór na bpáistí, mhaígh tromlach na bhfreagróirí sa dá dhlínse gur cheart scoileanna lán-Ghaeilge a sholáthar mar a bhfuil éileamh ar a leithéid (PÉ: 72 faoin gcéad; TÉ: 64 faoin gcéad). I bPoblacht na hÉireann, ba mhar a chéile, cuid mhór, na freagraí a tugadh ar an gceist seo sa dá shuirbhé. I dTuaisceart Éireann, áfach, bhí na freagraí ar an gceist seo níos dearfaí i suirbhé 2013 ná mar a bhí i suirbhé 2001. Mhaígh ceathrú na bhfreagróirí (23 faoin gcéad) i bPoblacht na hÉireann go smaoineoidís ar pháiste a chur go bunscoil lán-Ghaeilge nó go ndéanfaidís amhlaidh dá mbeadh a leithéid de scoil in aice baile.

FÍOR 7.5 "Ba cheart don Rialtas scoileanna lán-Ghaeilge a chur ar fáil áit ar bith a bhfuil a leithéid ón bpobal."



() = Suirbhé Gaeilge 2001

Foinse: Suirbhéanna Gaeilge 2001, 2013

TÁBLA 7.1 Claonadh chun leanbh a chur go scoil lán-Ghaeilge má tá a leithéid in aice baile (san am atá thart nó san am atá le teachta) de réir % a thug freagra dearfach

	PÉ*		TÉ*	
	2001 %	2013 %	2001 %	2013 %
Bunscoil	13	23	5	12
Iar-Bhunscoil	8	18	5	11

Foinse: Suirbhéanna Gaeilge 2001, 2013
*Nóta: * In 2001 cuireadh an cheist seo ar na freagróirí ar fad, in 2013 níor cuireadh í ach orthu siúd a raibh leanaí orthu. De bharr nach bhfuil fáil ar fhaisnéis iomlán 2001 rinneadh atháireamh ar fhaisnéis 2013 le teacht ar 'freagróirí uile' dá réir sin is mar bhonn comparáide amháin atá na figiúirí seo luaite.*

7.2 DEARCADH I LEITH BEARTAS RIALTAIS

D'fhiosraigh *An Suirbhé Gaeilge 2013* tuairimí na bhfreagróirí maidir le seasamh an Rialtais i leith na Gaeilge. Léiríonn na torthaí arís eile go mbíonn dearcadh níos dearfaí i leith na Gaeilge i bPoblacht na hÉireann, áit ar mheas beagnach beirt as gach cúigear (37 faoin gcéad) nach ndéanann an Rialtas a dhóthain ar son na Gaeilge. Duine as gach triúr, beagnach, a mheas go ndéanann an Rialtas a dhóthain ar son teanga. Cainteoirí ardlíofachta ba mhó a mheas an Rialtas a bheith faillitheach (67 faoin gcéad). Os a choinne sin, mheas breis agus ceathrú na bhfreagróirí neamhlíofa (26 faoin gcéad) nach ndéanann an Rialtas a dhóthain ar son na teanga. I dTuaisceart Éireann, tá scoilt níos cothroime i measc na bhfreagróirí a shíleann nach ndéanann an Rialtas a dhóthain (29 faoin gcéad) nó go ndéanann an Rialtas a dhóthain (24 faoin gcéad). Fiú amháin gur mheas roinnt daoine go mbíonn an iomarca á dhéanamh ag an Rialtas ar son na Gaeilge (16 faoin gcéad). Bhí líon suntasach freagróirí sa dá chatagóir a mhaígh nach bhfuil aon tuairim acu ar an gceist seo.

TÁBLA 7.2 Dearcadh i leith sheasamh an Rialtais Reatha faoin nGaeilge (dlínse féin amháin)

	PÉ		TÉ	
	2001 %	2013 %	2001 %	2013 %
Déanann an rialtas an iomarca	4	4	20	16
Déanann an rialtas go leor	36	31	23	24
Ní dhéanann an rialtas go leor	15	37	15	29
Níl a fhios agam	45	28	41	31

Foinse: Suirbhéanna Gaeilge 2001, 2013

Maidir leis na tionscnaimh ar cheart don rialtas tosaíocht a thabhairt dóibh, measann daoine i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann gur cheart dá rialtais féin díriú isteach ar an nGaeilge a mhúineadh go héifeachtach do pháistí scoile (PÉ: 53 faoin gcéad; TÉ: 34 faoin gcéad). Bhí tacaíocht ann freisin do theaghlaigh Ghaeilge a choinneáil sna ceantair Ghaeltachta (PÉ: 43 faoin gcéad; TÉ: 27 faoin gcéad). Bhí claonadh áirithe i measc fhreagróirí Thuaisceart Éireann a mheas go bhfuil sé tábhachtach seirbhísí poiblí a sholáthar i nGaeilge do chainteoirí Gaeilge (PÉ: 26 faoin gcéad; TÉ: 30 faoin gcéad). Bhí difríochtaí le sonrú idir an dá ghrúpa maidir leis an tábhacht a shamhail siad a bheith ag cláir theilifíse agus raidió i nGaeilge, na meáin chlóite agus suíomhanna gréasáin.

FÍOR 7.6 An tábhacht a mheastar a bheith ag tionscnaimh Rialtais chun staid na Gaeilge a fheabhsú.



Foinse: *Suirbhéanna Gaeilge 2001, 2013*

7.5 AN TODHCHAÍ A SHAMHLAÍTEAR DON GHAEILGE

Iarradh ar fhreagróirí *An Suirbhé Gaeilge 2013* a rá cé chomh tábhachtach a shíl siad é a bheith go mbeadh Gaeilge ag a bpáistí féin agus cad é a bhí i ndán don Ghaeilge amach anseo. I bPoblacht na hÉireann, mheas breis agus triúr as gach ceathrar tuismitheoirí go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh Gaeilge ag a gcuid páistí (78 faoin gcéad). Níl an tuairim sin chomh leitheadach i dTuaisceart Éireann (gan ach 28 faoin gcéad de thuismitheoirí) ach tá daoine nach bhfuil aon líofacht Ghaeilge acu a bhfuil an tuairim seo acu (21 faoin gcéad), bíodh is gur i measc daoine a bhfuil líofacht áirithe is láidre atá an tuairim seo (68 faoin gcéad).

I dtaca le todhchaí na teanga de, is é an toradh is mó a theastaíonn ó dhaoine ná go mbeadh an tír dátheangach, agus áit cheannasach a bheith ag an mBéarla (PÉ: 43 faoin gcéad; TÉ: 34 faoin gcéad). Fíorbheagán a mheas gur cheart an Ghaeilge a dhearmad nó a chaitheamh i dtraipisí (PÉ: 1 faoin gcéad; TÉ: 8 faoin gcéad).

TÁBLA 7.3 A Thábhachtaí is atá sé don Fhreagróir Gaeilge a bheith ag a Leanbh nuair a bheidh sé/sí ag fás aníos / fásta – i measc iad siúd a bhfuil Leanaí Orthu

	PÉ*		TÉ*	
	Féin	Páirtí	Féin	Páirtí
An-tábhachtach	40%	29%	8%	8%
Measartha tábhachtach	38%	34%	20%	15%
Níl sé tábhachtach	22%	25%	71%	67%
Ní bhaineann	–	12%	–	10%

Foinse: *Suirbhé Gaeilge 2013.*
Nóta: * Bonn 2013: Freagróirí a bhfuil leanaí orthu (PÉ: 59%; TÉ: 67%).

TÁBLA 7.4 Rogha aonair na bhFreagróirí maidir le Todhchaí na Gaeilge

	PÉ	TÉ
[Dlínse] bheith dátheangach, le Béarla mar phríomhtheanga.	43%	34%
Ba cheart í a chaomhnú mar oidhreacht thábhachtach stairiúil chultúrtha sa litríocht agus sa cheol, ach ní mar theanga labhartha.	25%	30%
Ba cheart í a chaomhnú mar theanga labhartha, ach sa Ghaeltacht amháin.	17%	14%
[Dlínse] bheith dátheangach, le Gaeilge mar phríomhtheanga.	5%	3%
Ba cheart an Ghaeilge a bheith mar phríomhtheanga (mar atá Béarla anois).	1%	2%
Ba cheart fáil réidh leis an nGaeilge agus dearmad a dhéanamh di.	1%	8%
Is Cuma liom.	3%	6%
Níl a fhios agam.	5%	3%

Foinse: *Suirbhé Gaeilge 2013.*

7.6 ACHOIMRE

San alt seo, rinneadh scagadh ar thuiscintí daoine maidir leis an nGaeilge inniu de réir dearcadh ginearálta; an t-oideachas trí Ghaeilge; beartas rialtais agus todhchaí na Gaeilge. I gcomparáid le suirbhé 2001, is léir go bhfuil roinnt treochtaí dearfacha tagtha chun cinn maidir le húsáid na Gaeilge agus dearcadh daoine ina leith. De réir cosúlachta, is é an ghné is mó a mhúnlaíonn dearcadh dearfach i leith na Gaeilge ná an timpeallacht bhaile: an Ghaeilge a bheith á labhairt sa bhaile agus na freagróirí a bheith den tuairim gur theastaigh óna dtuismitheoirí go bhfoghlaimeoidís an Ghaeilge ar scoil. Sa Phoblacht, feictear mar a bhíonn úsáid agus dearcadh ag daingniú a chéile; tá ceangal idir dearcadh dearfach agus an Ghaeilge a úsáid agus iarrachtaí daoine fásta chun a líofacht sa Ghaeilge a fheabhsú. I dTuaisceart Éireann, bhí tábhacht le dearcadh tuismitheoirí maidir lena gcuid páistí a bheith ag foghlaim Gaeilge ar scoil, agus cairde a bheith ag freagróirí atá ag tógáil a gcuid páistí le Gaeilge.

Caibidil 8

Tátail agus Impleachtaí Maidir le Beartas

8.1 INTREOIR

Le blianta anuas, tá spéis nach beag á cur i dteangacha mionlaigh nó neamh-fhorleathana. Toradh amháin air sin ná go bhfuil staidéir agus taighde déanta ar straitéisí chun teangacha mionlaigh a chothú agus a athbheochan. Ní gan dua a shainmhínítear cad is teanga mhionlaigh nó neamh-fhorleathan ann, nuair a chuimhnítear ar na stádais éagsúla a bhíonn ag a leithéid de theangacha ó dhlínse go dlínse. Tá teangacha ar leith ann, an Ghaeilge ina measc, a bhfuil stádas oifigiúil teanga náisiúnta acu in ainneoin pobal labhartha na teanga a bheith sách íseal.

Sa taighde atá déanta ar chothú agus ar athbheochan teangacha mionlaigh, fócasaíodh ar shaincheisteanna áirithe atá fite fuaite ina chéile, mar shampla dearcadh teanga, úsáid teanga, cleachtais agus beartas teanga (Edwards, 2010; Nettle agus Romaine, 2000). Ní hionann ó dhlínse go chéile na tosca a mbíonn tionchar acu ar chothú teanga, óir ní hionann stair aon dlínse acu. Foghlaimíonn daoine patrúin iompraíochta teanga i réimsí sóisialta coimpléascacha, lena n-áirítear an baile agus an pobal i gcoitinne, an córas oideachais, an láthair oibre, na meáin chumarsáide agus gréasáin shóisialta (Das, 2004). Saincheist a mheastar a bheith fíorthábhachtach ó thaobh cothú teanga de i ngach dlínse ná seachadadh teanga ó ghlúin go glúin (Saarikivi agus Marten, 2012).

I gcaitheamh na n-aoiseanna, tá claochlú mór tagtha ar áit na Gaeilge ar oileán na hÉireann. Bhí seal ann agus bhí an Ghaeilge á labhairt ag formhór an phobail ach, faoin 17ú hAois, bhí meath suntasach tagtha uirthi, de dheasca dhálaí polaitíochta na linne. Thit líon na gcainteoirí Gaeilge arís de dheasca an Ghorta Mhóir (Mac Gréil agus Rhatigan, 2009). Le himeacht aimsire ghlac an Béarla áit na Gaeilge mar theanga cheannasach na hÉireann. Sa cheathrú dheireanach den 19ú hAois, rinne lucht Athbheochan na Gaeilge iarracht cultúr agus teanga na nGael a chur chun cinn. Ó bunaíodh Saorstát Éireann in 1922, cheap an Rialtas beartais éagsúla chun an Ghaeilge a athbheochan agus a chothú. Bhíothas ag brath, cuid mhór, ar an gcóras oideachais chuige sin. Tá dálaí na teanga i dTuaisceart Éireann an-chasta ar fad agus tá ‘polaitiú’ i ndiaidh dul i bhfeidhm ar an nGaeilge ann. Mar sin féin, tá aitheantas foirmiúil bainte amach ag an teanga de bharr Chomhaontú Aoine an Chéasta agus beartais eile ar glacadh leo chun meas a léiriú ar theangacha éagsúla.

Tá an staidéar seo dírithe ar dhálaí na Gaeilge ar oileán na hÉireann agus scagadh a dhéanamh ar dhearcadh daoine i leith na teanga. Chuige sin, tarraingíonn sé ar an bhfaisnéis atá in *An Suirbhé Gaeilge 2013,* suirbhé a rinneadh i measc daoine fásta i bPoblacht agus i dTuaisceart Éireann. Fuarthas tuilleadh faisnéise in *An Suirbhé Gaeilge, 2001,* sonraí Daonáirimh agus trí athanailís a dhéanamh ar na sonraí atá sna staidéir *Growing Up in Ireland* agus an *Post-Primary Longitudinal Study* i bPoblacht na hÉireann. Tosaíonn an chaibidil seo le hiniúchadh ar áit na Gaeilge sna córais oideachais i bPoblacht agus i dTuaisceart Éireann. Pléitear ina dhiaidh sin an tábhacht a bhaineann le comhthéacs an teaghlaigh agus an phobail i gcoitinne maidir le húsáid agus dearcadh teanga a mhúnlú. San alt deireanach ar fad, cuirtear i láthair na himpleachtaí atá ag torthaí an staidéir maidir le beartas de.

8.2 AN GHAEILGE I SCOILEANNA PHOBLACHT NA HÉIREANN AGUS THUAISCEART ÉIREANN

Tá staid na Gaeilge inniu ag brath cuid mhór ar an gcaoi a múintear an teanga i gcórais oideachais an dá dhlínse. I bPoblacht na hÉireann, tá an Ghaeilge ar cheann de na croí-ábhair sa churaclam bunscoile agus iar-bhunscoile. Is ann freisin do roinnt réamhscoileanna, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge. Tá ag méadú ar an éileamh ar na Gaelscoileanna seo agus, murab ionann agus scoileanna Béarla agus scoileanna Gaeltachta, is minic a bhíonn níos mó daltaí ag iarraidh clárú iontu ná mar atá d'áiteanna sa scoil. Ní scoil lán-Ghaeilge atá i ngach uile scoil Ghaeltachta: is amhlaidh a chuirtear oideachas trí Bhéarla ar 35 faoin gcéad de dhaltaí iar-bhunscoile na Gaeltachta (féach Caibidil 2). Sa Phoblacht, bíonn dearcadh diúltach le brath i leith na Gaeilge. Is fearr le daltaí bunscoile an léitheoireacht (i mBéarla) agus an Mhatamaitic ná an Ghaeilge. Dar le daltaí iar-bhunscoile go bhfuil an teanga deacair, nó go bhfuil sí ar an ábhar is lú a bhfuil úsáid ná spéis ag baint leis. Ní hionann an scéal sna bunscoileanna lán-Ghaeilge, áit a mbíonn dearcadh fabhrach na dtuismitheoirí i leith na teanga á dhaingniú ag éiteas na scoile. Tá roinnt taighde ann a thugann le fios go mbíonn tionchar dearfach ag an tumoideachas Gaeilge agus gur mó an fonn chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid a thuairiscíonn páistí a fhreastalaíonn ar Ghaelscoileanna. Is gnách leo a bheith níos cumasaí sa teanga agus bíonn tuilleadh deiseanna acu chun í a úsáid (Murtagh, 2007). Is dócha, áfach, gur toradh é sin ar an rogha a dhéanann na teaghlaigh na páistí a chur go dtí na scoileanna seo. Is díol spéise go bhfuair an t-údar amach nach spreagadh intreach, ach luach fóntaíoch, is mó is cúis le rún na ndaltaí staidéar a dhéanamh ar an teanga, mar tuigtear dóibh go gcabhraíonn an Ghaeilge le deiseanna gairmiúla a fheabhsú. Tá tacaíocht do na torthaí sin le fáil san anailís atá curtha i láthair sa tuarascáil seo, is é sin gur mhaígh freagróirí ón bPoblacht go ndearna siad staidéar ar an teanga chun go n-éireodh leo i scrúduithe.

I dTuaisceart Éireann, ní hionann mar a mhúintear an Ghaeilge ó earnáil scoile go chéile. Tá cineálacha éagsúla scoile ann atá roinnte de réir chúlra reiligiúnach na ndaltaí. Múintear an Ghaeilge i scoileanna Caitliceacha faoi chothabháil agus i roinnt scoileanna imeasctha. Fiú

sna scoileanna sin, is minic a chaitear an Ghaeilge a roghnú as nuatheangacha eile Eorpacha, mar shampla an Fhraincis, an Ghearmáinis, an Iodáilis nó an Spáinnis (McKendry, 2007). Le blianta beaga anuas tá fás ag teacht ar earnáil na Gaelscolaíochta i dTuaisceart Éireann. Tá deis ag páistí sa dlínse clárú le Gaelscoileanna ag leibhéil éagsúla, idir naíonraí, bunscoileanna agus iar-bunscoileanna. De réir thorthaí an staidéir seo, is spreagadh intreach a thugann ar dhaoine i dTuaisceart Éireann an Ghaeilge a fhoghlaim, agus maíonn na freagróirí gur ar a son féin a dhéanann siad staidéar ar an teanga.

Ní bhíonn mórán deiseanna, sa dá dhlínse, an Ghaeilge a labhairt lasmuigh den scoil. Is mar gheall air sin, b'fhéidir, a mheasann siad gur 'ábhar scoile' í an Ghaeilge, rud nach miste dóibh éirí as nuair a fhágann siad an córas oideachais. Anuas air sin, cuireadh ciorruithe maoinithe i bhfeidhm ar thionscnaimh Ghaeilge le blianta beaga anuas.

8.3 DEARCADH TUISMITHEOIRÍ AGUS SEACHADADH TEANGA SA BHAILE

Meastar nach bhfuil ag éirí go rómhaith leis an gcóras oideachais cainteoirí dátheangacha a chur ar fáil a úsáideann an Ghaeilge go rialta sa bhaile nó sa phobal i gcoitinne (Murtagh, 2007). Tá sé maíte gur cuireadh freagracht rómhór ar an gcóras oideachais chun an Ghaeilge a athbheochan mar theanga phobail (Kennedy, 2012). Bíodh is go bhfuil tromlach mór ann a mheasann an Ghaeilge a bheith tábhacht maidir le féiniúlacht na hÉireann, tá mionlach substainteach ann nach measann í a bheith tábhachtach dá bhféiniúlacht Éireannach féin (Watson, 2008; McCubbin, 2010). Dar le tuismitheoirí a labhraíonn Béarla, níl an Ghaeilge chomh tábhachtach le hábhair eile scoile (Harris agus Murtagh, 1999). Ar an gcaoi chéanna, léiríonn an staidéar seo go measann formhór na ndaoine fásta sa Phoblacht agus i dTuaisceart Éireann go bhfuil sé níos tábhachtaí go bhfoghlaimeodh a gcuid páistí ábhair Eolaíochta seachas an Ghaeilge. Léiríonn torthaí an staidéir seo a thábhachtaí is atá an timpeallacht bhaile chun tacú le foghlaim na Gaeilge sa dá dhlínse; má thuigtear do na páistí gur mian lena dtuismitheoirí go bhfoghlaimeoidh siad an Ghaeilge, agus má bhíonn an Ghaeilge á labhairt sa bhaile, is mó seans go n-úsáidfidh na páistí an Ghaeilge níos faide anonn agus go mbeidh dearcadh dearfach acu i leith na Gaeilge.

8.4 DÁLAÍ NA GAEILGE I BPOBLACHT NA HÉIREANN AGUS I DTUAISCEART ÉIREANN INNIU AGUS AN TODHCHAÍ A SHAMHLAÍTEAR DON TEANGA

Thug Daonáireamh 2011 sa Phoblacht léargas ar úsáid na Gaeilge trí fhiafraí de na freagróirí an féidir leo Gaeilge a labhairt agus cé chomh minic a úsáideann siad an teanga. Thuairiscigh 41 faoin gcéad de na freagróirí go n-úsáideann siad an Ghaeilge. Tá srianta ag baint leis na sonraí Daonáirimh maidir le húsáid na Gaeilge de, mar bítear ag brath ar an bhféintuairisciú gan aon fhaisnéis ar leibhéil líofachta na bhfreagróirí (Kennedy, 2012).

Ba é daonra na gceantar Gaeltachta uile, tráth a rinneadh Daonáireamh 2011, ná 96,628. Mhaígh 69 faoin gcéad de dhaonra na gceantar seo gur féidir leo an Ghaeilge a labhairt ach níor thug ach 24 faoin gcéad le fios go labhraíonn siad Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais. Bhí laghdú beag ar an gcéatadán a labhraíonn Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta ó 70 faoin gcéad in 2006. Léiríonn na sonraí gur sa Ghaeltacht a chónaíonn duine as gach triúr díobh siúd a úsáideann an teanga lasmuigh den chóras oideachais.

De réir thorthaí Dhaonáireamh 2011 i dTuaisceart Éireann, tá eolas éigin ar an nGaeilge ag 11 faoin gcéad den daonra. Ach oiread le sonraí an Daonáirimh sa Phoblacht, is deacair a dhéanamh amach cén leibhéal líofachta atá i gceist leis sin. Tá an-difríocht le sonrú i dtorthaí an Daonáirimh ó thaobh aoise agus cúlra reiligiúnach. Bíonn eolas ar an nGaeilge níos láidre san aoisghrúpa 16-44 agus i measc daoine a chónaíonn faoin tuath. Is mó seans go mbeadh an Ghaeilge mar ghnáth-theanga bhaile ag Caitlicigh (1 faoin gcéad) seachas Protastúnaigh (0.5 faoin gcéad). 4 faoin gcéad den phobal a ceistíodh i suirbhé 2013 a mhaíonn go n-úsáideann siad an Ghaeilge ó am go chéile i suíomh sóisialta. Fuair an suirbhé amach gur mhaith le 29 faoin gcéad de Chaitlicigh agus le 8 faoin gcéad de Phrotastúnaigh tuilleadh a fháil amach i dtaobh na teanga.

Tugann figiúirí na nDaonráireamh is déanaí sa dá dhlínse le fios gur méadaíodh de bheagán ar chéatadáin na gcainteoirí Gaeilge. D'fhéadfaí a mhaíomh gur toradh é sin ar iarrachtaí leanúnacha ag leibhéal an Rialtais agus ag leibhéal áitiúil chun an teanga a athbheochan agus a chothú.

Ó tharla gur faisnéis sách teoranta a chuireann sonraí an Daonáirimh ar fáil maidir le húsáid na Gaeilge de, lorgaíodh faisnéis níos mionsonraithe ó fhreagróirí fásta a ghlac páirt sna Suirbhéanna Gaeilge, 2001 agus 2013. De réir shonraí 2013, mhaígh 57 faoin gcéad de dhaoine fásta sa Phoblacht go raibh cumas éigin acu sa Ghaeilge. Thuairiscigh trí faoin gcéad de na freagróirí gur cumas cainteoir dúchais a bhí acu (2 faoin gcéad in 2001) agus thuairiscigh 11 faoin gcéad gur beag comhrá nach raibh siad ábalta a dhéanamh i nGaeilge (12 faoin gcéad in 2001).

De réir *An Suirbhé Gaeilge 2013*, tá cumas éigin sa Ghaeilge ag 17 faoin gcéad de dhaoine fásta i dTuaisceart Éireann. In 2013, thuairiscigh aon faoin gcéad de na freagróirí go raibh cumas cainteoir dúchais acu sa Ghaeilge (seachas náid in 2001). Mhaígh 2 faoin gcéad de na freagróirí gur beag comhrá nach raibh siad in ann a dhéanamh i nGaeilge (1 faoin gcéad in 2001). Tugann sonraí an tsuirbhé leideanna faoi na réimsí ina mbíonn deacrachtaí ag na freagróirí. Léiríonn na torthaí go mbíonn deacrachtaí níos mó i measc chainteoirí Gaeilge i

dTuaisceart Éireann maidir le foghraíocht, cruinneas gramadaí agus iad féin a chur in iúl i gcomparáid le freagróirí sa Phoblacht.

